# LEITHINIS CHORCA DHUIBHNE

## PLEAN FORBARTHA EISPÉIREAS NA GCUAIRTEOIRÍ



# DINGLE PENINSULA

## VISITOR EXPERIENCE DEVELOPMENT PLAN

WILD ATLANTIC WAY
SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

Fāilte Ireland
National Tourism Development Authority

WildAtlanticWay.com

#WildAtlanticWay

# CLÁR NA NÁBHAR

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Sracfhéachaint ar an bPlean ....................................2

## Roinn a hAon

### Na Príomhréimsí Torthaí agus na Spriocanna

1.1 Na Príomhréimsí Torthaí......................................11
1.2 Na Príomhtháscairí Feidhmíochta...........................13

## Roinn a Dó

### An Cúlra a Mhíniú

2.1 Ár Gcuid Brandaí Eispéiris ....................................15
2.2 Plean Forbartha Eispéireas na gCuairteoirí ...............17
2.3 An Tslí Inar Forbraíodh an Plean............................19

## Roinn a Trí

### An Staid Ina Bhfuilimid Faoi Láthair

3.1 Anailís ar an Staid ............................................21
3.2 Dúshláin Mhargaidh ..........................................24
3.3 Na Príomhléargais is Bonn Lenár nGníomhartha - An Tionscal Turasóireachta agus Aiseolas ó Gheallsealbhóirí ...............26

## Roinn a Ceathair

### Plean Forbartha Éispéireas na gCuairteoirí Ar Leithinis Chorca Dhuibhne

4.1 Tosaíochtaí Maidir le Forbairt................................32
4.2 Téamaí Eispéiris PFEC ........................................35
4.3 Plean Maidir le Cur i Bhfeidhm ..............................46


## Roinn a Cúig

### An Plean a Chur i gCrích

5.1 A Chur Faoi Deara go Dtarlaíonn Sé.........................54
5.2 Rath a Thomhas ...............................................55
5.3 Cúrsaí Timpeallachta ..........................................56

## Aguisín 1

### Táscairí Timpeallachta Ar Leith, Spriocanna agus Foinsí Faireacháin



Carraigeacha Inis na Bró, Na Blascaodaí

(Nóta: Mura luaitear a mhalairt, Fáilte Éireann nó údar na tuarascála a chuir na grianghraif go léir ar fáil don tuarascáil)

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Seoid náisiúnta is ea í Leithinis Chorca Dhuibhne agus is áit thar a bheith álainn ar chúl éaga í. Tá an ceantar sách iargúlta rud a fhágann go bhfuil carachtar daonna sainiúil inaitheanta Éireannach forbartha ann ar carachtar é a léiríonn cónaitheoirí na leithinse. Tá cuid mhór nithe ann a thagann le chéile chun draíocht an chinn scríbe a chruthú. Tá sé ar cheann de na pobail Ghaeltachta is mó dá bhfuil ann in Éirinn. Rannchuidíonn saibhreas na Gaelainne labhartha, fuaimeanna na bhfocal labhartha agus an ceol traidisiúnta le carachtar an cheantair a chruthú, ar carachtar é a aithnítear ar fud an domhain mar ní a léiríonn spiorad na hÉireann. Tá tírdhreach iontach ann ar fud na leithinse, agus é gan athrú gan mhilleadh le himeacht aimsire.

Táthar tar éis Plean Forbartha Eispéireas na gCuairteoirí ar Leithinis Chorca Dhuibhne (PFECLCD) a fhorbairt i gcomhar leis an tionscal turasóireachta agus le pobail éagsúla chun ardán a chruthú ar mhaithe le ceann scríbe a fhorbairt d'fhonn aidhmeanna iolracha na ngeallsealbhóirí go léir a bhaint amach. I measc chuspóirí foriomlána an PFECLCD, áirítear cúiseanna spreagúla a sholáthar do thurasóirí idirnáisiúnta chun teacht ar cuairt agus fanacht sna pobail áitiúla ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne agus méadú a dhéanamh ar an luach eacnamaíochta a ghineann cuairteoirí a thagann chuig an gceann scríbe.

Tacóidh an PFECLCD le forbairt na turasóireachta ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne agus déanfar an ceantar a athrú, dá bharr, ó 'thaitneamhacht chuairteora' go ceann scríbe turasóireachta inbhuanaithe ó cheann ceann na bliana. Is é is cuspóir don doiciméad seo ná na tosaíochtaí cinn scríbe turasóireachta agus na téamaí forbraíochta le haghaidh Leithinis Chorca Dhuibhne a chur i láthair, agus iad curtha in eagar laistigh de chreat forbartha a bheidh le glacadh mar phlean gníomhaíochta cinn scríbe do na cúig bliana atá romhainn. Soláthróidh an creat sin an comhthéacs don tionscal turasóireachta agus do na geallsealbhóirí go léir, is é sin, an comhthéacs ar laistigh de a bheidh siad in ann a bheith ag oibriú i gcomhpháirtíocht lena chéile d'fhonn eispéiris nua a chruthú, agus eispéiris atá ann cheana a fheabhsú, agus d'fhonn na heispéiris sin a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe.


Bealach an Bhlascaoid

## IS IAD SEO A LEANAS CUSPÓIRÍ PHLEAN PFECLCD:

- Plean Forbartha Eispéireas na gCuairteoirí (PFEC) a chur i gcrích mar phlean forbartha cinn scríbe cúig bliana do Leithinis Chorca Dhuibhne.
- A chinntiú go gcuirtear beocht sna heispéiris áitiúla trí fhorbairt a dhéanamh ar an meascán is fearr mórtháirgí dílseachta agus táirgí foghabhálacha a spreagann, a mheallann agus a choimeádann cuairteoirí i gceantar ar leith.
- Bonn inbhuanaithe a fhorbairt ar mhaithe le forbairt cinn scríbe le haghaidh Leithinis Chorca Dhuibhne, agus é láraithe ar shaintréithe so-aitheanta a chruthú, agus ar eispéiris tacaíochta fhoghabhálacha a sholáthrófar trí bhíthin eispéiris indíolta a spreagann tomhaltóirí agus ceannaitheoirí araon. Le linn an méid sin a dhéanamh, féachfar, leis an PFECLCD, le hoidhreacht nádúrtha agus cultúir limistéar an Phlean a chur chun cinn, a chothú agus a fheabhsú.
- Na dálaí a chruthú trína spreagfar cuairteoirí idirnáisiúnta iad féin a thumadh go gníomhach sa cheantar, idirghníomhú le daoine, na céadfaí a mhúscailt trí ghabháil go ghníomhaíochtaí a bhfuil baint acu leis an dúlra, freastal ar fhéilte, foghlaim faoi stair agus scéalta áitiúla agus taitneamh a bhaint as an mbia agus as an tsiamsaíocht atá ar fáil. Tá béim ar ócáidí speisialta a sholáthar ar ócáidí iad a spreagfaidh turasóirí chun a n-eispéireas a chomhroinnt le daoine eile agus a spreagfaidh dóibh freisin, teacht ar ais chuig an gceantar.
- Turasóirí a ghríosú chun teacht ar cuairt agus chun fanacht sna pobail áitiúla ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne trína chur faoi deara go mbeidh scaipeadh na cuairteoirí sna pobail go léir ar Leithinis Chorca Dhuibhne níos forleithne ar fud na bliana.

# ANAILÍS AR AN STAID

## DÚSHLÁIN

- Ceann scríbe an-séasúrach.
- Tionchar méideanna móra tráchta turasóireachta sna tréimhsí is gnóthaí.
- Luach íseal mhéid mór na tráchta turasóireachta faoi láthair.
- Scaipeadh na n-oícheanta a chaitheann cuairteoirí ar an leithinis.
- Leibhéil theoranta na dtréimhsí a chaitear sa cheann scríbe.
- Dlús na gníomhaíochta turasóireachta i mBaile Dhaingean Uí Chúis i gcomparáid le codanna eile de Leithinis Chorca Dhuibhne.
- Éagothromaíocht na tairbhe turasóireachta i dtaca le tuaisceart agus deisceart Leithinis Chorca Dhuibhne.
- Dúshláin a bhaineann le cosaint na Gaelainne agus lena chinntiú gur féidir le cuairteoirí idirghníomhú leis an nGaelainn i rith a gcuairte.
- Beifear ag súil le caighdeáin idirnáisiúnta i dtaca le ceantair ina bhfuil táirgí a aithnítear ar bhonn domhanda e.g. Slí Chorca Dhuibhne.
- Méadú ar an líon cuairteoirí agus, mar thoradh air sin, an seans go ndéanfar suaitheadh ar an timpeallacht.


## DEISEANNA

- Eispéireas Ghaeltacht na hÉireann a fhorbairt agus a fheabhsú mar difreálaí láidir eispéiris.
- Turasóireacht Tuaithe agus Agrathurasóireacht agus an chumas chun eispéiris bhia a chomhtháthú.
- Eispéiris siúlóide agus oidhreachta áitiúla/chultúir áitiúil a fhorbairt chun feabhas a chur Shlí Chorca Dhuibhne mar cheann scríbe siúil domhanda.
- Táirgí cultúir a sholáthar chun leathnú a dhéanamh ar roghanna i leith an gheilleagair oíche.
- Stádas folláine a fhorbairt atá bunaithe ar sholáthar gníomhaíochtaí allamuigh agus ar ghníomhaíochtaí folláine cultúir.
- Uathúlacht na hoidhreachta cultúir i réimsí na litríochta, an cheoil agus na n-ealaíon.
- An ceann scríbe a chur chun cinn mar ionad inar féidir ‘foghlaim’ agus ‘féinfhorbairt’ a dhéanamh trí bhíthin an chultúir áitiúil agus gníomhaíochtaí allamuigh.
- Feabhsú na timpeallachta a a mhéadú agus a chur chun cinn trí chur chuige turasóireachta inbhuanaithe a ghlacadh.



Tá an creat forbartha cinn scríbe bunaithe ar trí shraith neamhspleácha gníomhaíochta d'fhonn cuspóirí straitéiseacha PFECLCD a bhaint amach. Is iad seo a leanas na sraitheanna sin:

**A.** Tionscadail Ardaithe Céime - Cumasóirí Cinn Scríbe (An Croílár a Fhorbairt) **(Céim 1)**
**B.** Colúin Forbartha Straitéisigh - Na dálaí a chruthú le haghaidh Forbairt Eispéireas (Eispéiris Nua a Fhorbairt) **(Céim 2)**
**C.** Na 'Smaointe Móra' a réadú trí bhíthin Tionscadail Chatalaíocha (Tionscadail Chlaochlaitheacha) **(Céim 3)**




Soláthraíonn PFECLCD creat forbartha straitéisí eispéireas a bhfuil mar thúsphointe ann béim a leagan láithreach ar an leas is mó agus is féidir a bhaint as eispéiris atá ann cheana féin ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne. Thar mheántéarma an PFECLCD, déanfar eispéiris nua agus eispéiris fheabhsaithe a fhorbairt do chuairteoirí ar mhaithe le méadú a dhéanamh ar an bhfad ama a chaitear sa cheantar agus ar an méid airgid a chaitheann cuairteoirí sa cheantar. Ina theannta sin, rannchuideoidh sé sin le dáileadh níos leithne cuairteoirí ar fud na leithinse agus, ag an am céanna, cruthófar ardán le haghaidh fhadú an tséasúir. Baineann na cuspóirí de chineál níos fadtéarmaí le cur i gcrích tionscadal catalaíoch trína soláthrófar eispéiris den chéad scoth. Is é atá sna spriocthorthaí a bheidh ann mar thoradh ar chur chuige an PFECLCD ná sraith leathnaithe eispéireas cinn scríbe trína gcuirfear beocht sa líon mór buanna atá ag an gceann scríbe amhail cultúr, oidhreacht agus an saol mór amuigh faoin spéir.

## ACHOIMRE AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN

Mar thoradh ar an gclár forleathan taighde agus comhairliúcháin, sainaithníodh raon tionscadal a mbeartaítear iad a fhorbairt agus, ag an am céanna , aithníodh na bearnaí atá ann sa cheann scríbe. Fuarthas tuilleadh comhthéacs ón dea-chleachtas agus ón tagarmharcáil idirnáisiúnta d'fhonn a fháil amach cad iad ionchais cuairteoirí idirnáisiúnta i dtaca le cinn scríbe dhomhanda inchomparáide. Sainaithníonn an t-aiseolas a fuarthas ón tionscal, ó ghealllsealbhóirí áitiúla, ó phobail agus ó chuairteoirí na príomhréimsí nach mór aghaidh a thabhairt orthu le linn an PFECLCD a chur i bhfeidhm.

## BRANDA DOMHANDA A BHAINEANN LEAS AS SÓCMHAINNÍ DOMHANDA AGUS AS EISPÉIRIS DHOMHANDA

Tá baint ag Leithinis Chorca Dhuibhne le cuid mhór de mhiotais, d'fhinscéalta agus de laochra na hÉireann is mó a bhfuil eolas orthu. Bíonn deacrachtaí ag cuairteoirí teacht ar scéalta na laochra sin. Idir Tom Crean agus Naomh Breandán, agus saibhreas na miotas agus na bhfinscéalta a bhaineann le gach cearn de Leithinis Chorca Dhuibhne á chur san áireamh, tá gá tuilleadh eispéireas atá bunaithe ar laochra agus ar fhinscéalta áitiúla a chur ar fáil.

## TÁ DÚSHLÁN NITHE ÍOCÓNACHA Á THABHAIRT

Tá tionchar diúltach á imirt ar an gceann scríbe, ar eispéireas na gcuairteoirí agus ar an bpobal áitiúil ag leibhéil tráchta agus ag gnó na gcóistí sa bhuaicthréimhse Mar ghníomh tosaíochta, tabharfar aghaidh ar chruthú cur chuige inbhuanaithe i leith bainistiú tráchta ar mhaithe le scrúdú a dhéanamh ar réitigh láithreacha agus ar réitigh fhadtéarmacha.

## FORBAIRT EARNÁLA DO LEITHINIS CHORCA DHUIBHNE

Is dúshlán mór fós é scaipeadh cuairteoirí. Tá éagothromaíocht shuntasach ann i dtaca le dáileadh líonta cuairteoirí agus is é is cúis leis sin, go páirteach, ná an bonn cóiríochta atá ar fáil lasmuigh de Bhaile Dhaingean Uí Chúis. Tá saibhreas sócmhainní nádúrtha agus sócmhainní ann I dtuaisceart na leithinse agus ní mór leas a bhaint as na sócmhainní sin chun déileáil leis an dúshlán a bhaineann le forbairt gníomhaíochtaí turasóireachta ó cheann ceann na bliana i.e. trí bhíthin bonn feabhsaithe gníomhaíochta.

## NA SÓCMHAINNÍ CULTÚIR A AIMSIÚ AGUS A CHOSAINT

Is ionann uathúlacht shaol na Gaeltachta agus gné idirnáisiúnta dhíolacháin ann féin. Níltear ag baint úsáid as an nGaelainn sa tionscal turasóireachta mar phointe difreálaithe agus ní bhíonn mórán deiseanna ag cuairteoirí blas a fháil ar an nGaelainn. Ní mór don réimse turasóireachta leas a bhaint as an nGaelainn agus, ag an am céanna, freastal ar ionchais na gcuairteoirí le linn dóibh a bheith ar cuairt sa cheann scríbe Gaeltachta is mó dá bhfuil ann ar an oileán.

## LORG DOMHANDA

Tá baint ag Leithinis Chorca Dhuibhne le cuid mhór de mhiotais, d'fhinscéalta agus de laochra na hÉireann is mó a bhfuil eolas orthu. Bíonn deacrachtaí ag cuairteoirí teacht ar scéalta na laochra sin. Idir Tom Crean agus Naomh Breandán, agus saibhreas na miotas agus na bhfinscéalta a bhaineann le gach cearn de Leithinis Chorca Dhuibhne á chur san áireamh, tá gá tuilleadh eispéireas atá bunaithe ar laochra agus ar fhinscéalta áitiúla a chur ar fáil.

## TAIRBHE A BHAINT AS TREOCHTAÍ DOMHANDA

Tá saibhreas ag Leithinis Chorca Dhuibhne i dtaca le cúrsaí foirgníochta, nádúrtha agus cultúir de. Tá na tairiscintí reatha cinn scríbe ailínithe go mór leis na príomhthreochtaí turasóireachta idirnáisiúnta, lena n-áirítear éileamh domhanda ar eispéiris folláine, rochtain a fháil ar eispéiris allamuigh agus ar éici-eispéiris, blas a fháil ar scéalta uathúla áitiúla, eachtraí ilghlúine agus eispéiris bhia. Mar thoradh ar an gcumas chun na sraitheanna iolracha eispéireas a chomhtháthú isteach in eispéiris nua cinn scríbe de chineál nua agus uathúil, cruthófar buntáiste suntasach iomaíoch do Leithinis Chorca Dhuibhne

# PFEC LEITHINIS CHORCA DHUIBHNE A CHUR I BHFEIDHM

CEANN SCRÍBE TURASÓIREACHTA INBHUANAITHE DEA-BHAINSITITHE Ó CHEANN CEANN NA BLIANA A BHFUIL IOMRÁ AIR AR FUD NA BLIANA AGUS INA SOLÁTHRAÍTEAR EISPÉIRIS MHARTHANACHA CHUAIR-TEORA A LÉIRÍONN BEOCHT CHULTÚR AGUS SHLÍ MHAIREACHTÁLA LEITHINIS CHORCA DHAOINE.

**SMAOINTE MÓRA**

- CULTÚR INSPIORÁIDEACH
- FOLLÁINE MHARTHANACH

**TIONSCADAIL CHATALAÍOCHA**

- OIDHREACHT CHULTÚIR A CHOTHÚ
- SCAIPEADH CUAIRTEOIRÍ A BHAINT AMACH
- STÁDAS A MHÉADÚ GO CEANNAIREACHT DHOMHANDA

**FORBAIRT EISPÉIREAS - NA COLÚIN**

- SLÍ NA GAELTACTHA
  THE GAELTACHT LIFE
- FOGHLAIM AR AN IMEALL
- MIOTAIS AGUS FINSCÉALTA ÁITIÚLA
- NA CÉADTA BLIAIN DEN SPIORAD CRUTHAITHEACH
- SÉASÚIR BEOCHTA
- FOLLÁINE EACHTRAÍOCHTA
- FUINNEAMH SÓISIALTA
- LEITHINIS NA GCODARSNACHTAÍ

**CUMASÓIRÍ CINN SCRÍBE**

- FORBAIRT TIONSCAIL
- INBHUANAITHEACHT
- FORBAIRT TÁIRGÍ
- IMEACHTAÍ CRUTHAITHE ÁITE
- AN RAON CÓIRÍOCHTA

# PFEC LEITHINIS CHORCA DHUIBHNE A CHUR I BHFEIDHM

Déanfar PFECLCD a chur i bhfeidhm trí bhíthin clár gníomhaíochtaí forbartha tionscail, táirgí agus cinn scríbe a bheidh ailínithe le roinnt réimsí ó thaobh béim straitéiseach de d'fhonn na Smaointe Móra a réadú. Sainaithneofar iad sin trí mheasúnú a dhéanamh ar an gceann scríbe lena mbaineann chun a fháil amach cad iad na príomhphointí difreála atá ann agus ar na deiseanna a shainaithníonn an tionscal turasóireachta agus na geallsealbhóirí agus, ag an am céanna, trí uasmhéadú a dhéanamh ar na sócmhainní foirgnithe agus nádúrtha atá ann cheana féin agus ar na sócmhainní ionchasacha foirgnithe agus nádúrtha. Thar aon ní eile, tá na smaointe móra ceaptha chun an claochlú inmhianaithe a bhaint amach don cheann scríbe, ar claochlú é trína gcuirtear aidhmeanna na forbartha inbhuanaithe i gcrích sa cheann scríbe, trína gcosnaítear uathúlacht na hoidhreachta cultúir agus trína bhféachtar le heispéiris den chéad scoth a sholáthar ar Leithinis Chorca Dhuibhne.

Cuirtear na smaointe móra i bhfeidhm trí thionscadail chatalaíocha a chur i gcrích ar tionscadail iad a sholáthraíonn béim straitéiseach don PFECLCD. Ina theannta sin, tiocfaidh forbairt na n-eispéireas cuairteora faoi anáil na gcolún forbartha eispéireas a rannchuideoidh go comhpháirteach le cur i gcrích na dtionscadal catalaíoch.



Muiríne Dhaingean Uí Chúis

## CULTÚR INSPIORÁIDEACH

Soláthraíonn an leithinis is faide siar de chuid na hEorpa suíomh inspioráideach do chuairteoirí, ar suíomh é inar féidir draíocht chultúir Chorca Dhuibhne a chruthú. Ar gach coischéim den turas tríd an leithinis bhíonn deis ag cuairteoirí leas a bhaint as deiseanna chun eispéireas cultúir a cheapadh agus a bpíosa féin den fhinscéal a chruthú. Idir chúpla focal de theanga dhúchais na hÉireann a fhoghlaim agus thumadh sa tírdhreach agus i ngníomhaíochtaí allamuigh, is ionann an leithinis agus suíomh le haghaidh foghlaim inspioráideach.

Tá Leithinis Chorca Dhuibhne ina suíomh foghlama le fada an lá do chuid mhór ghlúnta de chuid na hÉireann. Sa lá atá inniu ann, is í an leithinis an cúlra trína ligtear do chuairteoirí iad féin a thumadh i gcultúr na Gaeltachta agus teacht chun bheith ina gcuid den scáil áitiúil trí pháirt a ghlacadh san iliomad gníomhaíochtaí.

Teanga, ealaíne, litríochta agus allamuigh atá ar fáil. Leis na céadta bliain, bhí Leithinis Chorca Dhuibhne ina hábhar inspioráide i gcomhair cuid mhór finscéalta. Mar thoradh ar uathúlacht an chultúir áitiúil Gaeltachta agus ar na deiseanna chun páirt a ghlacadh in eispéiris chultúir nua, gheobhaidh cuairteoirí inspioráid chun a bhfinscéal féin a chruthú, mar aon le cuimhní marthanacha a chruthú faoi áit draíochta inspioráideach. Téann cuairteoirí ag taisteal chun teacht ar nithe atá uathúil agus difriúil. Tá cúlraí uathúla ilchineálacha ann i dtaca leis an raon deiseanna atá ar fáil do dhaoine chun iad féin a thumadh sa réimse cultúir. Soláthraíonn an oidhreacht nádúrtha agus chultúir meon na cruthaitheachta atá ar marthain le is na cianta i saol na Gaeltachta a leanann d'inspioráid a thabhairt do dhaoine.

## FOLLÁINE MHARTHANACH

Tagann cuairteoirí chuig Leithinis Chorca Dhuibhne chun leas a bhaint as an timpeallacht nádúrtha agus as an timpeallacht shóisialta ar mhaithe le hathspreagadh agus athnuachan a fháil. Mar chuid de gach idirghníomhaíocht áitiúil mothaítear folláine mharthanach atá ann mar thoradh ar an teagmháil fhisiciúil leis an talamh agus leis an muir agus mothaítear an fháilte a chuireann muintir na háite roimh chuairteoirí rud a fhágann go mbraitheann siad gur cuid de cheantar speisialta uathúil iad. Déantar an nasc idir an leithinis agus na cuairteoirí, agus idir muintir na leithinse agus na cuairteoirí, a chothú ar chuid mhór bealaí a thugann spreagadh don intinn, don chorp agus don anam. Is ag áiteanna speisialta amháin atá an cumas chun dul i gcion ar gach gné d'fholláine an chuairteora.

Tá cumhacht uathúil ag Leithinis Chorca Dhuibhne mar gheall ar a cuid tírdhreach marthanach agus radharc codarsnach agus ar an spreagadh a thugtar do chéadfaí an chuairteora trí bhíthin na hidirghníomhaíochta sóisialta agus cultúir a bhíonn ann. Cuireann an ceantar folláine iomlánaíoch iltoiseach ar fáil in ionad a chothaítear trí athshamhlú leanúnach agus trí fhéinfhionnachtain. Is iad na daoine agus an ceantar le chéile a chruthaíonn an meon uathúil folláine sin atá cothaithe thar na haoiseanna sa tslí gur féidir an scéal ina leith a insint sa lá atá inniu ann. Agus é suite ar imeall na hEorpa, is ionann an ceantar agus bealach éalaithe chuig ceann scríbe marthanach a chuireann 'fáilte isteach' roimh chuairteoirí chun folláine nádúrtha a sholáthar a bhfaigheann a hinspioráid ó chúlra Leithinis Chorca Dhuibhne.

## TOSAÍOCHTAÍ FORBARTHA TRÍ BHÍTHIN ÁR GCUID TIONSCADAL CATALAÍOCH

Ceapadh tosaíochtaí tionscadail don PFECLCD ar bhonn a gcumais chun rannchuidiú leis na cuspóirí forbartha cinn scríbe seo a leanas.

## STÁDAS A MHÉADÚ GO CEANNAIREACHT DHOMHANDA

**Tairiscint chuairteora den chéad scoth a chruthú**

éim an PFECLCD: Aitheantas a thabhairt do chumas Shlí Chorca Dhuibhne mar a bheadh muince ann a chomhtháthaíonn na heispéiris áitiúla go léir le chéile agus a chruthaíonn bealach siúlóide a bhfuil aitheantas tugtha dó ar fud an domhain.

**Slí Chorca Dhuibhne a fheabhsú**

## SCAIPEADH CUAIRTEOIRÍ A BHAINT AMACH

**Turasóireacht a bhainistiú agus scaipeadh turasóirí ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne a éascú**

Béim an PFECLCD: Tiomantas i leith sraith tionscadal lena dtugtar aitheantas do na dúshláin oibríochtúla atá i gceist sa cheann scríbe i rith na dtréimhsí is gnóthaí, lena n-áirítear bainistiú tráchta, an líon is mó cuairteoirí a bheith ann, de ghnáth, i mBaile Dhaingean Uí Chúis agus an gá le turasóireacht a fhorbairt sna pobail éagsúla ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne.

**Bainistiú Tráchta** - Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir Plean Bainistithe Tráchta nua a fhorbairt d'fhonn imscrúdú a dhéanamh faoi na roghanna atá ann chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí bainistithe tráchta faoi láthair ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne.

**Ospidéal Dhaingean Uí Chúis** - Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir le hOspidéal Dhaingean Uí Chúis eispéireas cuairteora tairsí a chur ar fáil do Leithinis Chorca Dhuibhne agus léirmhíniú a chur ar fáil do chuairteoirí maidir le scéalta na Leithinse agus, ag an am céanna, rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe turasóireachta an chinn scríbe.

**Bunchampa Chnoc Bréanainn** - Measúnú a dhéanamh i dtaobh fhorbairt Bhunchampa Chnoc Bréanainn mar chatalaíoch i leith forbairt a dhéanamh ar chumas an cheantair mar lárphointe le haghaidh gníomhaíochtaí siúlóide agus fóillíochta.

**Gormbhealaí** - Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir na hocht láithreán Gormbhealaigh atá sainaitheanta ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne a chur chun cinn agus a leathnú.



Trá Chom Dhíneol, Ceann Sléibhe

## 3. ÁR NOIDHREACHT CHULTÚIR A CHOTHÚ

**Oidhreacht shaibhir chultúir Leithinis Chorca Dhuibhne a chothú.**

Béim an PFECLCD: Leas a bhaint as cumas oidhreacht shaibhir uathúil chultúir an chinn scríbe chun pointí difreála níos soiléire a chruthú. Tabharfaidh sé sin aghaidh ar bhearnaí atá ann i dtaca le soláthar eispéireas áitiúil agus, de bhreis air sin, uasmhéadóidh sé an cumas atá ag sócmhainní atá ann cheana féin chun rannchuidiú le déileáil leis na dúshláin a bhaineann le cúrsaí séasúrachta.


**An Ghaelainn** - Tacú le forbairt a dhéanamh ar bhéim nua ar an nGaelainn agus ar chomhtháthú le heispéiris chuairteora.

**Na Blascaodaí** - Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir tréimhse oscailte Ionad Cuairteora na mBlascaodaí a fhadú agus, ag an am céanna, measúnú a dhéanamh i dtaobh saoráidí feabhsaithe feistithe a chur ar fáil ar an mBlascaod Mór.

**An Machaire** - Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir leibhéal feabhsaithe léirmhíniúcháin a chur ar fáil do chuairteoirí, agus é bunaithe ar an Machaire agus scéalta Oileáin an Mhachaire a chur san áireamh.

**Léirmhíniú Seandálaíochta** - Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir feabhas a chur ar scéal seandálaíochta Leithinis Chorca Dhuibhne d'fhonn feabhas a chur ar eispéireas an chuairteora agus chun feidhmiú mar bhonn faisnéise agus léirmhíniúcháin maidir leis na príomhláithreáin sa cheantar máguaird.

**Ealaíona agus Cultúr** - Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir Ionad Ealaíon agus Cultúir a bhunú a chuirfidh feabhas ar an soláthar amharcealaíon agus ealaíon taibhiúcháin agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar na roghanna a bhaineann leis an ngeilleagar oíche.



Dún Chaoin ón aer



Ag siúl ar an mBlascaod Mór

## 4. TIONSCADAIL CUMASÚCHÁIN CINN SCRÍBE

Béim an PFECLCD: Sraith tionscadal cumasúcháin cinn scríbe chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh chinn scríbe reatha a imríonn tionchar ar na dúshláin a bhaineann le scaipeadh cuairteoirí agus séasúracht. I measc na dtionscadal cumasúcháin a ndíreofar orthu áirítear réimsí amhail cóiríocht, athdhíriú ar acmhainneacht na hagrathurasóireachta agus uasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna a ghabhann leis na foinsí fónta bia atá ann ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne.

**Féilte agus Imeachtaí** - An leithinis a bheochan trí fhorbairt a dhéanamh ar a Féile trí ghníomhaíochtaí/eachtraí cultúir, Gaelainne agus allamuigh a ghlacadh mar bhonn le haghaidh forbartha.

**Nuálaíocht i leith an Stoic Cóiríochta** - Measúnú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil maidir le héagsúlú an bhoinn cóiríochta ar Leithinis Chorca Dhuibhne.

**Ceann Scríbe Turasóireachta Inbhuanaithe** - Béim nua a leagan ar bhainistiú na turasóireachta inbhuanaithe le go dtiocfaidh an leithinis, ar bhealach comhoibríoch, chun bheith ina hionad sármhaitheasa i leith turasóireacht inbhuanaithe agus bainistiú turasóireachta.

**Eispéiris Bhia** - Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir eispéireas riain bia Chorca Dhuibhne a chruthú chun eispéiris 'ón bhfeirm/ón muir go dtí an bord' a chothaíonn eispéiris bhia ar fud na leithinse a chomhtháthú.

**Mol Eachtraíochta** - Measúnú a dhéanamh i dtaobh cruthú Mol Eachtraíochta agus é dírithe ar cheantar na Trá Thuaidh ar Leithinis Chorca Dhuibhne agus cur chuige ionaid sármhaitheasa a ghlacadh i leith soláthar eispéireas i réimse na heachtraíochta allamuigh.

**Agrathurasóireacht** - Béim nua ar eispéireas agrathurasóireachta a chruthú d'fhonn buneolas a chur ar fáil do chuairteoirí maidir le heispéiris tuaithe faoi théama 'maireachtáil i stíl mhuintir na háite' chun dul i dteagmháil le pobail feirmeoireachta arb iad caomhnóirí thírdhreach Leithinis Chorca Dhuibhne iad.

**Oiliúint don Tionscal maidir le hEispéiris** - Tacú le cur chuige acadaimh nuálaithe eispéiris a chruthú a thiocfaidh chun bheith ina lárionad i leith oiliúint agus meantóireacht tionscail d'fhonn eispéireas nua, nuálach a fhorbairt do chuairteoirí agus PFEC á ghlacadh mar bhonn le haghaidh forbairt tráchtála.

# ROINN A HAON

## NA PRÍOMHRÉIMSÍ TORTHAÍ AGUS NA SPRIOCANNA



Ceann Sibéal, Baile an Fheirtéaraigh

# 1.1 NA PRÍOMHRÉIMSÍ TORTHAÍ

Leagann Plean Forbartha Eispéiris Cuartaíochta Leithinis Chorca Dhuibhne (PFECLCD) béim ar spreagadh a thabhairt do thurasóirí idirnáisiúnta teacht ar cuairt agus fanacht sna pobail áitiúla ar fud na leithinse, ar mhéadú a dhéanamh ar an mbuntáiste eacnamaíochta a ghineann cuairteoirí idirnáisiúnta don cheantar agus, ag an am céanna, ar an séasúr a fhadú. Is é atá sa dúshlán do gach ceann scríbe ná dóthain ócáidí speisialta a chur ar fáil chun inspioráid a thabhairt do chuairteoirí a n-eispéiris a chomhroinnt agus, chomh maith leis sin, chun spreagfaidh a thabhairt dóibh teacht ar ais. Tá an plean ceaptha chun scaipeadh méadaithe cuairteoirí ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne a spreagadh i rith na bliana ar fad. Tá feabhsú eispéireas reatha agus forbairt eispéireas nua do chuairteoirí, agus an méid sin bunaithe ar na téamaí forbartha a mholtar, ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhaineann le séasúracht agus réigiúndacht agus, ag an am céanna, chun tairbhí méadaithe socheacnamaíochta a bhaint amach.

Is é ról an PGECLCD tacú le forbairt leanúnach na turasóireachta ar Leithinis Chorca Dhuibhne, agus an ceantar á athrú ó thaitneamhacht cuairteora go ceann scríbe turasóireachta ó cheann ceann na bliana. Is é is cuspóir don doiciméad seo ná scéalta agus téamaí cinn scríbe Leithinis Chorca Dhuibhne a chur i láthair agus iad a chur in eagar ina gcreat forbartha lena ghlacadh mar phlean Cinn Scríbe do na cúig bliana atá romhainn. Soláthróidh an creat sin comhthéacs d'oibreoirí agus do ghealltsealbhóirí turasóireachta le go mbeidh siad in ann oibriú i gcomhpháirtíocht lena chéile, eispéiris nua cuairteora a chruthú agus eispéiris chuairteora atá ann cheana féin a fheabhsú, agus scéalta comhleanúnacha aontaithe a insint do chuairteoirí.




## IAD SEO A LEANAS PRÍOMHRÉMSÍ BÉIME PLEAN PFECLCD:

- Plean Forbartha Eispéireas na gCuairteoirí (PFEC) a chur i gcrích mar phlean forbartha Cinn Scríbe cúig bliana le haghaidh ceantar ar leith.
- A chinntiú go gcuirtear beocht sna heispéiris áitiúla trí fhorbairt a dhéanamh ar an meascán is fearr catalaíoch agus tionscadal cumasúcháin a mheallann cuairteoirí chuig ceantar geografach Leithinis Chorca Dhuibhne ina hiomláine.
- Cumas fáis eacnamaíochta Leithinis Chorca Dhuibhne a scaoileadh trí raon tionscnamh tábhachtach a chur ar aghaidh ar tionscnaimh iad a spreagfaidh turasóirí ionchasacha teacht ar cuairt agus fanacht san cheantar áitiúil agus a éascóidh na cuairteanna sin.
- Bonn inbhuanaithe a fhorbairt le haghaidh forbairt tráchtála agus é láraithe ar shaintréithe so-aitheanta a chruthú, ar eispéiris tacaíochta agus eispéiris fhoghabhálacha a mbunaítear tráchtearraí orthu trí eispéiris indíolta a chruthú a spreagann tomhaltóirí agus ceannatheoirí araon.
- Na dálaí a chruthú trína spreagfar cuairteoirí idirnáisiúnta iad féin a thumadh go gníomhach sa cheantar, idirghníomhú leis an bpobal áitiúil, na céadfaí a mhúscailt trí ghabháil go ghníomhaíochtaí a bhfuil baint acu leis an dúlra, freastal ar fhéilte, foghlaim faoi stair agus scéalta áitiúla agus taitneamh a bhaint as an mbia agus as an tsiamsaíocht atá ar fáil.. Tá béim ar ócáidí speisialta a sholáthar ar ócáidí iad a spreagfaidh turasóirí chun a n-eispéireas a chomhroinnt le daoine eile agus a spreagfaidh dóibh freisin a bheith ag iarraidh teacht ar ais chuig an gceantar.
- Cur chuige straitéiseach a fhorbairt i leith méadú a dhéanamh ar luach na turasóireachta do Leithinis Chorca Dhuibhne i gcomparáid le méid an tionscail.
- Scaipeadh spásúil cuairteoirí a bhaint amach ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne agus, ag an am céanna, díriú ar fhadú an tséasúir.
- Cloí le Prionsabail Dhearbhú Barcelona - "Áiteanna Níos Fearr le Cónaí Iontu, Áiteanna Níos Fearr le Cuairt a Thabhairt Orthu".
- Cosaint agus feabhsú an chomhshaoil a mhéadú agus a chur chun cinn trí thurasóireacht inbhuanaithe.

Déanfaidh Leithinis Chorca Dhuibhne a bealach chun cinn trí bhíthin comhpháirtíochtaí láidre comhleanúnacha ar fud an cheantair gheografaigh ar fad, agus leas á bhaint as cur chuige inbhuanaithe i leith bainistiú agus forbairt turasóireachta. Tá sé riachtanach eispéiris spéisiúla a chruthú ar Leithinis Chorca Dhuibhne do dhaoine aonair agus do ghrúpaí araon. Rud chomh tábhachtach céanna is ea béim a leagan ar scéal tarraingteach aontaithe a chur ar fáil don mhargadh agus do chuairteoirí, rud a chinnteoidh go mbeidh saintréith ar leith ag Leithinis Chorca Dhuibhne agus go spreagfar cuairteoirí idirnáisiúnta teacht i rith an tséasúir neamhghnóthaigh, fanacht níos faide agus níos mó airgid a chaitheamh.

Ar bhonn rannpháirtíocht agus comhoibriú amach anseo, is iad seo a leanas príomhchuspóirí an PFECLCD mar phlean Cinn Scríbe cúig bliana:

- Eispéiris spéisiúla áitiúla a chruthú agus iad ailínithe le dhá théama thábhachtacha margaíochta idirnáisiúnta: **Cultúr Inspioráideach agus Folláine Mharthanach.**
- eispéiris spéisiúla a chruthú chun an méid seo a leanas a bhaint amach:
  - spreagadh a thabhairt do chuairteoirí fanacht níos faide agus níos mó airgid a chaitheamh.
  - fad an tséasúir a fhadú.
  - ailíniú a dhéanamh le branda Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus le spriocmhargaí.
  - cruthú fostaíochta a chothú agus a mhéadú sa cheantar áitiúil.
  - timpeallacht spásúil, cultúir agus carachtar teanga an réigiúin a chosaint.
  - teacht chun bheith mar chatalaíoch le haghaidh cur chuige nua i leith forbairt inbhuanaithe cinn scríbe.
- Leithinis Chorca Dhuibhne a fhorbairt mar cheann scríbe idirnáisiúnta móréilimh seachas mar ionad turasóireachta do chuairteoirí lae.
- leas a bhaint as uathúlacht na sócmhainní oidhreachta nádúrtha agus cultúir agus eispéiris nuálacha a cheapadh do chuairteoirí chun ligean dóibh iad féin a thumadh sa Ghaelainn agus sa chultúr a bhaineann léi.
- ceann de na bealaí siúil is iomráití ar domhan a chur ar fáil.
- úsáid a bhaint as macrathreochtaí domhanda turasóireachta chun teacht chun stádas a bhaint amach mar cheann scríbe folláine nádúrtha a bhfuil iomrá air ar fud an domhain, agus an méid sin a bhaint amach trí bhíthin shócmhainní nádúrtha agus cultúir an cheantair.


Tiomáint Ceann Sléibhe

# 1.2 NA PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Aschuir shonracha thaifeadta ón PFECLCD a thaifeadfar ar bhonn bliantúil trí úsáid a bhaint as na catagóirí tomhais seo a leanas i gcomhréir lenár Múnla VICE:

## CÚRSAÍ ÉILIMH - CUAIRTEOIRÍ

1. Méadú 2% ó bhliain go bliain a dhéanamh ar an líon oícheanta a chaitear ar Leithinis Chorca Dhuibhne i gcoibhneas leis an meán náisiúnta ó bhliain 3 de thréimhse chur i bhfeidhm an PFECLCD.
2. Méadú a dhéanamh ar an líon cuairteoirí, rud a bhainfear amach trí scaipeadh réigiúnach ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne agus, ag an am céanna, méadú 2% a dhéanamh ar ioncaim ionad turasóireachta i gcoibhneas leis an meán náisiúnta ó thráth chur i bhfeidhm an phlean.
3. Luach na gcuairteoirí ar Leithinis Chorca Dhuibhne a mhéadú i gcomparáid le méid an tionscail.
4. Sástacht na gcuairteoirí a mhéadú - tagarmharcáil a dhéanamh trí TripAdvisor.

## CÚRSAÍ SOLÁTHAIR - AN TIONSCAL

5. An Líon Táirgí Indíolta a Mhéadú (cúig cinn idir tháirgí nua agus tháirgí fheabhsaithe) agus plean saincheaptha dáileacháin a bheith ann don réigiún.
6. Leathnú an tSéasúir: Uaire Oscailte a leathnú de 5% in aghaidh na bliana.

## FORBAIRT CINN SCRÍBE

7. Forbairt a dhéanamh ar an aitheantas atá ag Leithinis Chorca Dhuibhne ar fud an domhain mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe.
8. Spriocanna tábhachtacha turasóireachta inbhuanaithe a bhaint amach i réimsí a leagtar béim orthu, amhail trácht agus iompar.
9. Feasacht mhargaidh a mhéadú i dtaca le raon agus éagsúlacht na n-eispéireas trína gcuirtear cuairteoirí ar an eolas faoi thairiscintí Leithinis Chorca Dhuibhne.
10. Gealltanas dhearbhú UNWTO Barcelona a chomhlíonadh ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne agus ról á thabhairt don phobal agus don tionscal turasóireachta.

## AN COMHSHAOL

11. Forbairt a dhéanamh ar bhainistiú éifeachtach an chomhshaoil, lena n-áirítear sócmhainní nádúrtha, cultúir agus oidhreachta, trí Chlár Faireacháin Comhshaoil PFEC a chur ar aghaidh.



Ag rothaíocht timpeall Ceann Sléibhe

# ROINN A DÓ
## AN CÚLRA A MHÍNIÚ



Inis Tiaracht, na Blascaodaí

## 2.1 ÁR GCUID BRANDAÍ EISPÉIRIS

Tá Brandaí Eispéiris na hÉireann i gcroílár 'Branda Turasóireachta Éireann'. Cuireann siad beocht sa cheantar, agus cruthaíonn siad an spreagadh do chuairteoirí chun cuair a thabhairt ar Oileán na hÉireann trí charachtar ilchineálach na hÉireann a shainiú ar shlí a thuigfidh ár gcuid cuairteoirí ionchasacha. Soláthraíonn na Brandaí Eispéiris an buntáiste iomaíoch a scarann sinn ónár gcuid iomaitheoirí.

Dá bhrí sin, ní mór branda eispéiris a bheith sách uathúil le gur féidir é a idirdhealú ó bhrandaí eile sa mhargadh idirnáisiúnta agus le go bhféadfaidh sé éileamh a spreagadh. Ní mór go mbeidh tairiscint shoiléir cheannasach tomhaltóra ann a chinntíonn go mbeidh cur chuige comhsheasmhach ann i ndáil le sainaithint agus forbairt eispéireas turasóireachta ar leith a bhaineann leis na brandaí. Ní mór go mbeidh gach Branda Eispéiris sainiúil sa mhargadh idirnáisiúnta agus go mbeidh sé in ann é féin a idirdhealú ó Bhrandaí Eorpacha eile in Oileán na hÉireann agus i gcinn scríbe eile.

Maidir le Branda Eispéiris, ní mór:

- Go mbeidh sé **Bunaithe** ar an tomhaltóir (luachanna taistil, luachanna sóisialta, iompraíochtaí).
- Go mbeidh sé **Spreagthach** le haghaidh cuairteoirí idirnáisiúnta.
- Go mbeidh sé **de réir scála** - is é sin, go mbeidh sé comhdhéanta de mhais chriticiúil taitneamhachtaí agus d'eispéiris tacaíochta atá incheannaithe agus inrochtana - agus tacaíocht a bheith ann dóibh i bhfoirm bonneagar cuí turasóireachta.
- Go mbeidh **níos mó ná eispéireas amháin i gceist leis** agus, de ghnáth, go mbeidh roinnt eispéireas tacaíochta ann mar bhuntaca d'eispéireas ceannasacha amháin nó dhó.
- Go mbeidh sé **aontaithe trí bhíthin scéal spéisiúil** - is é sin, scéal lena ngabhann ábharthacht idirnáisiúnta.
- Go mbeidh sé in ann **méadú a dhéanamh ar an am a chaitear sa cheantar** agus/nó tionchar a imirt ar an tairbhe eacnamaíochta.
- Go mbeidh tairiscint, luachanna agus téama(í) i gceist leis atá **dírithe ar thomhaltóirí**.
- Go mbeidh sé **bunaithe ar an margadh** agus go mbeidh tástáil mhargaidh déanta ina leith.



Damhsóir Rince Ghaelaigh le linn Trad Fest Dhaingean Uí Chúis

**Faoi bhun cholúin Bhranda Éireann, tá ceithre phríomhnthairiscint (nó ceithre bhranda eispéiris) ann a léiríonn réimsí tábhachta straitéisí na tíre. Is iad seo a leanas na ceithre réimse sin:**

WILD ATLANTIC WAY®
SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

**Slí an Atlantaigh Fhiáin** – "Eispéireas a fháil ar cheann de na bealaí cósta is fiáine, is meallacaí agus is saibhre ó thaobh cúrsaí cultúir de dá bhfuil ann ar domhan. Is cuma cén áit a dtéann tú ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, aimseoidh tú draíocht, eachtraíocht, stair agus áilleacht go flúirseach ann."

IRELAND'S ANCIENT EAST®

**Oirthear Ársa na hÉireann** – "Nuair a théann tú ag fánaíocht in Oirthear Ársa na hÉireann, téann tú ar thuras trí 5,000 bliain de stair. Sna tailte méithe glasa seo, tá scéalta faoi ríoraí bruíne i bhfolach taobh thiar d'ailtireacht Ghotach, tá tuamaí taibhsiúla ann atá níos sine ná na pirimidí agus tá ionad tábhachtach ag ridirí, ag ríthe, ag manaigh agus ag Lochlannaigh sna scéalta dochreidte a bhaineann leis an réigiún."

Dublin
Surprising by Nature

**Baile Átha Cliath, Iontach go Smior** – "Maireann pobal Bhaile Átha Cliath taobh leis an saol mór amuigh faoin spéir agus, dá bharr sin, is féidir aistriú a dhéanamh i gcónaí idir eispéiris uathúla, éagsúla ar eispéiris iad nach mbíonn coinne leo uaireanta"

Ireland's Hidden HEARTLANDS

**Croíthailte Ceilte** – "Dul ar thuras trí chroíthailte méithe glasa áilleacht nádúrtha tuaithe na hÉireann, áit a bhfuil gníomhaíochtaí agus suaimhneas láraithe ar phobail tuaithe agus ar a stíleanna maireachtála ar nithe iad ar féidir teacht orthu laistigh de laitís de rianta talún agus uisce a dtugtar léiriú orthu trí bhíthin Abhainn íocóineach na Sionainne agus Shlí Bhéara-Breifne."




**Féile an 4 Bealtaine**



Séipéilín Gallaruis, Leithinis Chorca Dhuibhne

# 2.2 PLEANANNA FORBARTHA I LEITH EISPÉIREAS NA GCUAIRTEOIRÍ

Le gur féidir eispéireas a phleanáil, is gá athrú a dhéanamh ar an meon traidisiúnta maidir le táirge i gcomparáid le praghas. Baineann sé le hócáidí speisialta athraithe saoil a sholáthar ar ócáidí iad a spreagfaidh turasóirí chun a n-eispéireas a chomhroinnt le daoine eile agus a thabharfaidh spreagfaidh dóibh freisin a bheith ag iarraidh teacht ar ais chuig an gceantar.

Síneann an coincheap a ghabhann le forbairt eispéiris níos faide ná eispéireas taitneamhach a chur ar fáil do chuairteoirí. Chun bheith rathúil i 'ngeilleagar comhroinnte' idirnáisiúnta an lae inniu, nuair a bhíonn eispéiris á gcruthú is gá úsáid a bhaint as teicnící léirmhiniúcháin théamaigh a spreagann freagairt dhearfach mhothúchánach sna cuairteoirí agus a fhágann go mbíonn fonn orthu a bheith ag maíomh as a n-eispéireas i measc daoine dá dteaghlaigh agus a gcairde moladh a dhéanamh dóibh an t-eispéireas a bhlaiseadh iad féin.

Is ionann Forbairt Eispéiris agus an cheird agus an mhodheolaíocht a ghabhann le teachtaireacht chomhsheasmhach a sholáthar a thugann ábhar inspioráide do thomhaltóirí i rith a n-eispéiris ar fad - rud éigin a chur ar fáil a spreagann cuairteoirí chun feidhmiú mar ambasadóirí le haghaidh do chinn scríbe agus, ina theannta sin, a sholáthraíonn na huirlisí dóibh chun cabhrú leo do theachtaireacht a chur in iúl arís agus arís eile. Trí ghnéithe uathúla díola, nó 'saintréithe'. cinn scríbe a chur san áireamh in eispéireas ar leith, cuirfidh cuairteoirí an t-eispéireas sin i mbaint go sonrach leis an gceann scríbe agus tiocfaidh siad chun bheith ina dtathantóirí i leith na n-eispéireas i measc daoine eile.

GEALLTANAS AN CHINN SCRÍBE: An t-ionchas a chruthaítear i measc na gcuairteoirí féideartha i leith an eispéiris (na n-eispéireas) a bheidh rompu ag an gceann scríbe (i.e. gealltanas maidir lena bhfaighidh siad, agus é sin bunaithe ar a bhfuil á chur ar fáil).


PRÍOMHTHAIRISCINTÍ/TÉAMAÍ UILEGHABHÁLACHA:
Seo iad na rudaí faoi leith a bhaineann le do cheann scríbe.

TÉAMAÍ EISPÉIRIS AN CHINN SCRÍBE:
Na scéalta a bhfuil ceangal ann idir iad agus do chuid custaiméirí agus a thugann léiriú ar an bpríomhthairiscint atá á cur ar fáil.

MÓRTHÁIRGÍ:
Bíonn rochtain ag custaiméirí ar na heispéiris sin trí na Mórtháirgí.

EISPÉIRIS TACAÍOCHTA:
An méid a dhéanann gach gnó chun an t-eispéireas saintréitheach a bheochan.

AN MEASCÁN EISPÉIREAS FOGHABHÁLACH:
An tslí ina dtacaíonn an turasóireacht.



Leagann an plean béim ar spreagadh a thabhairt do thurasóirí teacht ar cuairt agus fanacht sna pobail áitiúla ar fud na leithinse, ar an mbuntáiste eacnamaíochta don cheantar a mhéadú agus, ag an am céanna, ar an séasúr a fhadú. Is é atá sa dúshlán do gach ceann scríbe ná dóthain ócáidí speisialta a chur ar fáil chun inspioráid a thabhairt do chuairteoirí a n-eispéiris a chomhroinnt agus, chomh maith leis sin, chun spreagfaidh a thabhairt dóibh teacht ar ais. Is é a bheidh sa deis eacnamaíochta do Leithinis Chorca Dhuibhne na leibhéil mhéadaithe fostaíochta, idir dhíreach agus neamhdhíreach, a bhaint amach agus forbairt a dhéanamh ar fhiontair nua, agus an méid sin a bheith ailínithe le méadú ar ioncam turasóireachta ar fud na leithinse. Tá an plean ceaptha chun scaipeadh méadaithe cuairteoirí ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne a spreagadh i rith na bliana ar fad. Tá feabhsú eispéireas atá ann cheana féin agus forbairt eispéireas nua do chuairteoirí, agus iad bunaithe ar na téamaí atá á moladh maidir le forbairt, ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le séasúracht agus réigiúndacht agus, ag an céanna, chun na tairbhí socheacnamaíochta a ghinfear tríd an gcur chuige sin.

Tá an PFECLCD ceaptha chun tacú le forbairt leanúnach na turasóireachta ar Leithinis Chorca Dhuibhne agus chun an ceantar a athrú ó 'thaitneamhacht chuairteora' go ceann scríbe turasóireachta ó cheann ceann na bliana. Is é is cuspóir don doiciméad seo ná na deiseanna a chur i láthair trí bhíthin na scéalta áitiúla agus na dtéamaí cinn scríbe atá sainaitheanta do Leithinis Chorca Dhuibhne agus iad curtha in eagar laistigh de chreat forbartha a bheidh le glacadh mar phlean cinn scríbe do na cúig bliana atá romhainn. Soláthróidh an creat sin comhthéacs d'oibreoirí agus do gheallsealbhóirí turasóireachta le go mbeidh siad in ann oibriú i gcomhpháirtíocht lena chéile, eispéiris nua cuairteora a chruthú agus eispéiris chuairteora atá ann cheana féin a fheabhsú, agus scéalta comhleanúnacha aontaithe a insint do chuairteoirí.

Déanfaidh Leithinis Chorca Dhuibhne a bealach chun cinn trí bhíthin comhpháirtíochtaí láidre comhleanúnacha ar fud an cheantair gheografaigh ar fad, agus leas á bhaint as cur chuige inbhuanaithe i leith bainistiú agus forbairt turasóireachta. Tá sé riachtanach Eispéiris spéisiúla a chruthú ar Leithinis Chorca Dhuibhne do dhaoine aonair agus do ghrúpaí araon. Rud chomh riachtanach céanna is ea béim a leagan ar scéal tarraingteach aontaithe a chur ar fáil don mhargadh agus do chuairteoirí, rud a chinnteoidh go mbeidh saintréith ar leith ag Leithinis Chorca Dhuibhne agus go spreagfar cuairteoirí chun teacht i rith an tséasúir neamhghnóthaigh, fanacht níos faide agus níos mó airgid a chaitheamh.

Is Grúpa Oibre tionscadail a threoraigh an plean seo, agus rinne Fáilte Éireann é a ullmhú i gcomhréir lena dTreoirlínte do Phleananna um Eispéireas a Fhorbairt, ar treoirlínte iad atá bunaithe ar chur chuige an dea-chleachtais maidir le comhoibriú, taighde, pleanáil agus gníomhachtú. Scríobhadh é chun cabhrú le gnóthaí agus geallsealbhóirí turasóireachta, agus chun inspioráid a thabhairt dóibh, maidir le heispéiris chuartaíochta nua a chur ar fáil agus feabhas a chur ar na cinn atá ann.



**Leithinis Chorca Dhuibhne**




The Little Cheese Shop, Daingean Uí Chúis



# 2.3 AN TSLÍ INAR FORBRAÍODH AN PLEAN

Forbraíodh an PFECLCD trí bhíthin clár forleathan comhairliúcháin, taighde agus measúnaithe i leith dea-chleachtas idirnáisiúnta. Cuireadh tús le clár taighde i mí Eanáir 2018.

Bhí an mhodheolaíocht taighde bunaithe ar chreat taighde eispéiris saincheaptha a bhí dírithe ar scrúdú a dhéanamh ar eispéiris reatha an chinn scríbe, ar nithe a bhain le forbairt tionscadail agus le deiseanna, le hacmhainneacht an tionscail agus le measúnú ar na bealaí reatha dáileacháin.

Forlíonadh an obair sin le clár breise taighde sa cheann scríbe inar áiríodh comhairliúcháin le grúpaí agus le daoine aonair, cuairteanna ó rúnsiopaeirí idirnáisiúnta agus intíre, measúnú ar thomhaltóirí idirnáisiúnta, agus athbhreithniú meáin shóisialta agus athbhreithniú ar líne ar an gceann scríbe. Rinneadh anailís ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta chun scrúdú a dhéanamh ar chinn scríbe inchomparáide agus ar phríomhfhachtóirí ratha. Rinneadh tuilleadh anailíse at threochtaí idirnáisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar dheiseanna margaidh i gcás cinn scríbe réigiúnacha den tsamhail chéanna.

Bhí an méid seo a leanas san áireamh go sonrach sa chlár taighde:

- Cúig cheardlann a óstáil laistigh den cheann scríbe agus d'fhreastail 102 dhuine ar na ceardlanna sin.
- Trí chuairt ó rúnsiopaeirí idirnáisiúnta.
- Comhairliúcháin laistigh den cheann scríbe agus athbhreithnithe ar cheantair - chaith daoine den fhoireann daichead lá laistigh den cheann scríbe.
- Iniúchadh ar Eispéireas Leithinis Chorca Dhuibhne.
- Athbhreithniú ar an gcion ar líne de thuairimí gutha agus tomhaltóirí maidir leis an gceann scríbe.
- Scrúdú ar eispéiris indíolta ar líne atá ar fáil sa cheann scríbe.
- Tagarmharcáil idirnáisiúnta le cinn scríbe réigiúnacha inchomparáide chun na príomhchumasóirí a chinneadh.
- Clár taighde thánaistigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna forbartha turasóireachta atá ann cheana féin.
- Rinneadh 75 agallamh 'duine le duine' ar fud an chinn scríbe.
- Comhairliúchán le baill an ITOA chun scrúdú a dhéanamh ar thuairimí i leith téamaí nua agus measúnú ar threochtaí margaidh.
- Iniúchadh ar leibhéal reatha na cóiríochta atá ar fáil sa cheann scríbe.
- Ceardlann fiontraithe nua turasóireachta a óstáil chun tástáil a dhéanamh ar théamaí agus ar choincheapa PFEC.
- Cur i láthair téamaí eispéiris agus sásraí aiseolais.

# ROINN A TRÍ
## AN STAID INA BHFUILIMID FAOI LÁTHAIR




Eispéireas ar bhád righin inséidte le Dingle Sea Safari

# 3.1 ANAILÍS AR AN STAID

Seoid náisiúnta is ea í Leithinis Chorca Dhuibhne agus is áit thar a bheith álainn ar chúl éaga í. Tá an ceantar sách iargúlta rud a fhágann go bhfuil carachtar daonna sainiúil inaitheanta Éireannach forbartha ann ar carachtar é a léiríonn cónaitheoirí na leithinse. Tá cuid mhór nithe ann a thagann le chéile chun draíocht an chinn scríbe a chruthú. Tá an ceantar seo fós i measc na bpobal Gaeltachta is mó dá bhfuil ann in Éirinn, agus rannchuidíonn saibhreas na Gaelainne labhartha, fuaimeanna na bhfocal labhartha agus an ceol traidisiúnta le carachtar an cheantair a chruthú, ar carachtar é a aithnítear ar fud an domhain mar ní a léiríonn spiorad na hÉireann.

Tá tírdhreach iontach ann ar fud na leithinse, agus an chuma air go bhfuil sé gan athrú gan mhilleadh le himeacht aimsire. Bhí sé ar imeall an domhain aithnide tráth agus, go hámharach, tá na sráidbhailte finscéalaíochta atá ann ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne as alt le lenár n-aois dhigiteach iarthionsclaíoch. I ngach pobal a dtagann ár gcuid cuairteoirí idirnáisiúnta chuige ar fud na leithinse, tá an deis ann chun teacht ar scéalta saibhre, ar bhéaloideas agus ar mhiotaseolaíocht agus ar an inspioráid le haghaidh cuid mhór finscéalta náisiúnta laistigh de chúlra na leithinse is faide siar de chuid na hEorpa.

I dtaca le cúrsaí clú agus toirte de, is ceann scríbe ardfheidhmíochta é Leithinis Chorca Dhuibhne. I dtéarmaí turasóireachta, áfach, tá an ceantar thíos le nithe a fhágann gurb ionann é agus:


- Ceantar an-séasúrach.
- Ceantar ardtoirte íseal-luacha.
- Tá ceantar ceannasach aibí ann sa cheann scríbe (ionad móréilimh - Baile Dhaingean Uí Chúis) agus cinn scríbe nua in aice láimhe nach bhfaigheann an tairbhe chéanna ón turasóireacht.
- Feidhmíonn sé mar a bheadh micreacosma d'oileán na hÉireann atá ann agus bíonn 75% den trácht ag taisteal ar 30% den mhais talún.

Níl na tairbhí féideartha socheacnamaíochta a bhfáil faoi láthair agus meastar go forleathan go bhfuil an turasóireacht ar Leithinis Chorca Dhuibhne ag pointe cinniúna. Tá líon na dturasóirí ina chúis le brú an-dian ar an gcultúr, ar an bpobal agus ar an gcomhshaol áitiúil, agus déanann sé sin dochar don eispéireas freisin.

Tá ábhar imní ann freisin gurb é atá ag tarlú mar thoradh ar an éileamh ar ghníomhaíochtaí turasóireachta agus mar thoradh ar iompraíocht turasóirí ná go bhfuil geilleagar fo-optamach ann lena ngabhann leibhéal níos ísle ná mar atá inghlactha i dtaca le caitheamh airgid ag turasóirí agus i dtaca le tionchar eacnamaíochta marthanach.

D'ainneoin líon mór cuairteoirí a bheith ag teacht go Leithinis Chorca Dhuibhne, is chuig áiteanna ar leith den cheantar a thagann an líon mór daoine sin rud a fhágann go bhfuil acmhainn ann sna ceantair máguaird chun forbairt a dhéanamh.

## TEASLÉARÁID DÉINE I LEITH CUAIRTEOIRÍ A THAGANN Ó ÁITEANNA THAR LEAR CHUN SAOIRE A CHAITHEAMH



# ANAILÍS SWOT

## LÁIDREACHTAÍ

- Aitheantas forleathan idirnáisiúnta mar cheann scríbe mar aon le feasacht bhranda – áit 'nach.
- Eispéireas Ghaeltacht na hÉireann mar dhifreálaí láidir eispéiris.
- Saibhreas ó thaobh chultúr na hÉireann de ar fud an cheantair, rud a sholáthraíonn fíorléargas do chuairteoirí ar shaol na tuaithe agus na n-oileán.
- Tá cáilíocht agus éagsúlacht an tírdhreacha le feiceáil ar fud na leithinse ar Shlí Chorca Dhuibhne.
- Líonra turasóireachta ar fud na leithinse.
- Raon agus cáilíocht na mórtháirgí agus na móreispéireas, lena n-áirítear láithreáin íocónacha ardscéimhe agus eispéiris thumthacha do chuairteoirí.
- Éagsúlacht na bhféilte agus na n-imeachtaí ar fud na bliana, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta e.g. Guthanna Eile/Other Voices, Féile Bia Dhaingean Uí Chúis/Dingle Food Festival.
- An ceann scríbe a chur chun cinn mar ionad inar féidir 'foghlaim' agus 'féinfhorbairt' a dhéanamh trí bhíthin an chultúir áitiúil agus gníomhaíochtaí áitiúla.
- Aitheantas margaidh mar cheann scríbe ina dtairgtear bia agus deochanna.
- Meascán de sholáthróirí gníomhaíochtaí allamuigh a bhaineann úsáid as sócmhainní.
- Uathúlacht na láithreán oidhreachta agus seandálaíochta ar fud an chinn scríbe.
- Tá teacht ar eispéiris thumthacha, idir mhuirí agus éiceamhuirí.
- Uathúlacht na hoidhreachta nádúrtha agus cultúir ar fud an chinn scríbe.
- Braisle gníomhaíochtaí eachtraíochta ar an gCladach Thuaidh, rud a chruthaíonn Mol Eachtraíochta.
- Pobal láidir ealaíne agus cultúir ar fud na leithinse.

## LAIGÍ

- An dúshlán a bhaineann le cúrsaí tráchta agus plódú tráchta ag buaicamanna agus an tionchar a imríonn trácht turasóireachta ar mhórtháirgí ag buaicamanna e.g. Ceann Sléibhe, An Chonair.
- Easpa béime ar chleachtais turasóireachta inbhuanaithe fhreagracha.
- Dúshláin bhliantúla maidir le foireann a fháil chun tacú leis an tionscal áitiúil turasóireachta.
- Cáilíocht na n-eispéireas cinn scríbe agus soláthar teoranta eispéireas cinn scríbe á dhíol ar líne.
- Béim ar shéasúracht gan príomhthaitneamhachtaí a bheith ar oscailt ach amháin ag na buaicthréimhsí séasúracha.
- An soláthar boinn cóiríochta seirbhísithe ar fud na leithinse.
- Eispéiris theoranta seandálaíochta do chuairteoirí chun leas a bhaint as sócmhainní oidhreachta.
- Soláthar teoranta geilleagair oíche, seachas tithe tábhairne agus ceol traidisiúnta.
- Rochtain ar eispéiris bhia agus leas á bhaint as na deiseanna 'ón bhfeirm/ón muir go dtí an pláta'.
- Ní bhaineann gnóthaí turasóireachta leas as an nGaelainn mar phríomh-chomhchuid d'eispéiris uathúla an chuairteora.
- Níl buntáiste eacnamaíochta a bhaint amach don cheantar mar thoradh ar an méid tráchta cóiste a thagann chuig an Leithinis.
- Ceann scríbe an-séasúrach.
- Scaipeadh na n-oícheanta a chaitheann cuairteoirí ar an leithinis - an chuid is mó den ghníomhaíocht turasóireachta i mBaile Dhaingean Uí Chúis i gcomparáid le codanna eile den Leithinis.
- Éagothromaíocht turasóireachta i dtaca le tuaisceart agus deisceart Leithinis Chorca Dhuibhne, rud atá amhlaidh mar thoradh ar an tionchar atá ag roghanna teoranta maidir le cóiríocht.
- Méid teoranta cóiríochta óstáin agus easpa roghanna i leith chóiríocht 5 réalta.
- Rochtain theoranta ar sholáthar eispéireas ealaíon agus cultúir.
- Bítear ag súl le caighdeáin idirnáisiúnta i dtaca le táirgí a bhfuil aitheantas domhanda acu e.g. Slí Chorca Dhuibhne.
- Bainistíocht na mórfhéilte ag brath an iomarca ar phríomhphearsana sa phobal, rud a bhféadfadh tuirse oibrí dheonaigh leanúint as.



Com Dhíneol, Leithinis Chorca Dhuibhne

## DEISEANNA

- Eispéireas Ghaeltacht na hÉireann a fhorbairt agus a fheabhsú mar difreálaí láidir eispéiris.
- Turasóireacht Tuaithe agus Agrathurasóireacht agus an chumas chun eispéiris bhia a chomhtháthú.
- Feabhas a chur ar bhealach idirnáisiúnta íocónach siúil Shlí Chorca Dhuibhne.
- Feabhas a chur ar cháilíocht roinnt príomhfhéilte.
- Eispéiris siúlóide agus oidhreachta áitiúla/chultúir áitiúil a fhorbairt chun feabhas a chur Shlí Chorca Dhuibhne mar cheann scríbe siúil domhanda.
- Eispéireas na hearnála dúchasaí deochanna a fhorbairt chun an bhaint mhór le bia a mhéadú trí rian bia atá bunaithe ar eispéireas a chruthú.
- Feasacht idirnáisiúnta bhranda i leith Leithinis Chorca Dhuibhne.
- Táirgí cultúir a sholáthar chun leathnú a dhéanamh ar na roghanna atá ag cuairteoirí i leith an gheilleagair oíche.
- Stádas folláine cinn scríbe a fhorbairt atá bunaithe ar sholáthar gníomhaíochtaí allamuigh agus ar ghníomhaíochtaí folláine cultúir agus ar threochtaí domhanda.
- Uathúlacht na hoidhreachta cultúir ar fud na leithinse a úsáid chun forbairt a dhéanamh i réimsí na litríochta Gaelainne, an cheoil Ghaelaigh, na n-ealaíon Gaelach agus na gCluichí Gaelacha.
- Leathnú agus forbairt a dhéanamh ar fhéilte cinn scríbe agus aghaidh á tabhairt ar shéasúracht.
- Béim ar Mhol Eachtraíochta a fhorbairt agus leas á bhaint as an bonn gníomhaíochta ar an gCladach Thuaidh.
- Aitheantas idirnáisiúnta don cheann scríbe i leith cleachtais turasóireachta inbhuanaithe fhreagracha.
- Nuálaíocht sa réimse oiliúna fáilteachais chun eispéiris nua chuairteora a chruthú agus, ag an am céanna, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann sa tionscal turasóireachta maidir le cúrsaí foirne.
- Leibhéil fheabhsaithe maidir le díol eispéireas cinn scríbe ar líne.
- Barántúlacht an chinn scríbe i leith eispéiris turasóireachta scannánaíochta a fhorbairt.
- Leathnú na dtréimhsí oscailte le haghaidh príomhthaitneamhachtaí lasmuigh de na buaicamanna séasúracha.
- An bonn cóiríochta a éagsúlú ar fud na leithinse.
- Eispéiris seandálaíochta na gcuairteoirí a fheabhsú.
- Feabhsú na timpeallachta, feasacht agus éiceathurasóireacht a mhéadú agus a chur chun cinn trí leas a bhaint as tábhacht na seirbhísí éiceachórais agus na láithreán ainmnithe.

## BAGAIRTÍ

- An dúshlán atá ann do chinn scríbe turasóireachta mar thoradh ar an mBreatimeacht agus ar thionchar an Bhreatimeachta ar mhargaí na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa.
- Gan eispéiris nua nuálacha a chruthú a mheallann oibreoirí speisialtóireachta thar lear iad a chur san áireamh ina gcláir chinn scríbe.
- Easpa ionchasach maoiniúcháin a chuireann srian ar láithreáin íocónacha barr a gcumais a bhaint amach i leith forbairt inbhuanaithe.
- Fás teoranta táirgí mar gheall ar theip maidir le fiontraithe nua turasóireachta a spreagadh agus a chothú chun iad féin a bhunú ar fud na leithinse agus maidir le tacú leis na fiontraithe sin déanamh.
- Gan bheith in ann an bonn cóiríochta a mhéadú mar gheall ar thuairim i measc infheisteoirí ionchasacha go bhfuil spás teoranta ann chun cóiríocht nua a fhorbairt i gceantair áirithe de chuid Leithinis Chorca Dhuibhne.
- Gan caidreamh a bhunú le pobail áitiúla le go mbeidh ról acu sa phróiseas forbartha turasóireachta a thacaíonn le cleachtais turasóireachta inbhuanaithe.
- Beidh úsáid laghdaithe na Gaelainne agus deiseanna laghdaithe chun blaiseadh a fháil ar an nGaelainn ina ndúshlán d'uathúlacht fhéiniúlacht chultúir an cheantair.
- Laghdú ar tharraingteacht an cheantair i measc cuairteoirí mar gheall ar thuairim go bhfuil dúshláin shuntasacha tráchta ag an gceann scríbe.
- Méadú ar an líon cuairteoirí agus, mar thoradh air sin, an seans go ndéanfar suaitheadh ar an timpeallacht nó go ndéanfar damáiste di.


Cosán na Naomh

## 3.2 DÚSHLÁIN MHARGAIDH

Faoi láthair, is beag an méid sonraí atá ar fáil agus a bhaineann le Leithinis Chorca Dhuibhne. Maidir leis na sonraí a úsáidtear anseo faoi Chontae Chiarraí ina iomláine, úsáidtear iad mar tháscaire i leith pátrúin chuairteora sa cheantar.

- Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna le cuairt ar an Iardheisceart (Ciarraí agus an Clár): saoire (72%) nó cuairt ar chairde agus ar ghaolta (20%).
- Is lánúineacha iad an tríú cuid de na cuairteoirí a thagann chuig an Iardheisceart agus is taistealaithe aonair iad 38% de na cuairteoirí.
- Tá líon na gcuairteoirí athfhillteacha comhionann leis an líon cuairteoirí chéaduaire (45%).
- Ar an meán, caitheann cuairteoirí idirnáisiúnta a thagann go Ciarraí €250 in aghaidh an duine agus caitheann cuairteoirí intíre €232 ar an meán in aghaidh an duine.
- Tagann 45% de na cuairteoirí idirnáisiúnta agus 38% de na cuairteoirí ar cónaitheoirí Éireannacha iad ar cuairt i míonna Iúil, Lúnasa agus Mheán Fómhair.

### AN CÉATADÁN DE CHUAIRTEOIRÍ IDIRNÁISIÚNTA A THAGANN GO DTÍ AN tIARDHEISCEART AGUS A THUGANN CUAIRT AR CHIARRAÍ (2017)

| An céatadán | Den mhargadh a thugann cuairt ar Chiarraí |
|---|---|
| An Ríocht Aontaithe | 29.2% |
| Mór-Roinn na hEorpa | 53.9% |
| Meiriceá Thuaidh | 70.7% |
| Ceantair Eile | 56.6% |
| Gach Áit Thar Lear | 51.8% |

San iomlán, tugann 51.8% de na turasóirí idirnáisiúnta go léir a thugann cuairt ar réigiún an Iardheiscirt cuairt ar Chiarraí. Is é margadh Mheiriceá Thuaidh an réigiún thar lear a léiríonn an leibhéal spéise is airde spéise ó thaobh cuairt a thabhairt ar Chiarraí agus tá an céatadán ina leith sin a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe go mór níos ísle ná an meán foriomlán le haghaidh na margaí foinse go léir a scrúdaíodh.

Tugann faisnéis fhánach agus breathnóireachtaí fánacha faoin turasóireacht ar Leithinis Chorca Dhuibhne le fios gur réimse an-séasúrach é an turasóireacht agus go mbaineann sí leis an tréimhse ó lár mhí an Mhárta go deireadh mhí Mheán Fómhair. Tá margaí na dturas an-spleách ar an sreabhadh tráchta isteach i gCill Airne. Mar thoradh ar chomhchruinniú an tráchta turasóireachta sa bhuaicshéasúr, tá saincheisteanna suntasacha ann maidir le bainistiú tráchta agus imríonn sé sin tionchar ar cháilíocht eispéireas na gcuairteoirí ar Leithinis Chorca Dhuibhne.

Anseo ina dhiaidh seo, leagtar amach na príomhdhúshláin mhargaidh atá ann do Leithinis Chorca Dhuibhne i gcomhthéacs na timpeallachta oibríochtúla reatha.

Tá léargas maith le fáil ón mbonn cóiríochta agus tugann an bonn sin leideanna maidir le cineál na turasóireachta ar an Leithinis. Is léir gur mó go mór an méid turasóireachta atá ar fáil le haghaidh féinfhreastail agus le haghaidh fanacht ar feadh roinnt oícheanta ná mar atá ar fáil le haghaidh cóiríocht sheirbhísithe (a úsáidtear go príomha le haghaidh fanacht aon oíche amháin nó dhá oíche.

e.g. óstáin agus tithe aíochta.

Tá impleachtaí tábhachtacha aige sin i leith eispéiris turasóireachta a fhorbairt, a bhainistiú, a mhargadh agus a dhíol. Ciallaíonn sé:

- Go bhfuil líon suntasach Taistealaithe Lán-Neamhspleácha (FIT-anna) ann a fhanann sa cheantar ar fead 3+ oíche agus atá in ann a bheith páirteach i raon leathan eispéireas thar roinnt laethanta;
- Is dóigh go bhfuil leibhéal ard cuairteoirí intíre ann a bhfuil maoin acu sa cheantar agus a thagann chuig an gceantar go tráthrialta agus go minic, agus atá dílis don cheantar, agus ar daoine iad a bhfuil eolas maith acu ar an gceantar agus, dá bharr sin, a bheidh oscailte do smaointe agus d'eispéiris úrnua;
- Ciallaíonn an leibhéal ard cóiríochta féinfhreastail go mbeidh líon suntasach turasóirí ann a theastóidh uathu béilí a fháil i mbialanna, táirgí áitiúla a cheannach agus solúbthacht agus roghanna níos mó a bheith acu i dtaobh cén t-am den lá ar féidir leo a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí agus in eispéiris;
- Tá na haonaid féinfhreastail scaipthe go maith ar fud na Leithinse rud a fhágann go bhfuil an t-éileamh ar ghníomhaíochtaí agus ar eispéiris leata ar fud na leithinse agus, ag an am céanna, tá an chóiríocht sheirbhísithe (óstáin agus B/B agus tithe aíochta) láraithe go mór i mbaile Dhaingean Uí Chúis. Maidir le formhór na dturasóirí a fhanann sa cheantar, beidh feithiclí príobháideacha nó feithiclí fruilithe á n-úsáid acu agus ciallaíonn sé sin gur i ngluaisteáin a dhéanfar an chuid is mó de na turais chuig ionad, nó chuig pointe tosaigh. an eispéiris - mura rud é go soláthraítear modh taistil malartach ach, i bhfianaise chineál scaipthe an bhoinn cóiríochta, beidh sé deacair athrú a dhéanamh air sin sa ghearrthéarma.

### CÓIRÍOCHT

- Tá gá le meaitseáil níos láidre chun freastal ar riachtanais na 'margaí eispéiris';
- Tá gá leis an 'mórtas áite', ina iomláine, a neartú i dtaca le cuid mhór den chóiríocht de;
- Ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh sna haonaid chóiríochta maidir le heispéiris 'a dhíol' nó maidir le heispéiris áitiúla a chur in iúl/a chur chun cinn;
- Is féidir leis na soláthróirí cóiríochta tuilleadh a dhéanamh chun a chur in iúl do thurasóirí conas an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an tréimhse a chaitheann siad sa cheantar.

## BIA AGUS DEOCHANNA

- Tá raon leathan soláthróirí ann ach is lú na roghanna agus an éagsúlacht i dtaca leis an mbia atá ar fáil agus i dtaca leis na suíomhanna ina bhfuil bialanna;
- Baintear úsáid mhaith as táirgí áitiúla ach is féidir tuilleadh a dhéanamh chun scéal an bhia áitiúil agus na ndeochanna áitiúla a insint agus chun an eispéireas itheacháin a fhorbairt thar mar atá i gceist le ceol traidisiúnta a chur ar fáil;
- Tá difríochtaí ann maidir le caighdeáin seirbhíse agus tá gá le comhsheasmhacht agus sainiúlacht níos mó sa chuid seo den eispéireas;
- D'fhéadfadh leibhéal níos mó difreála a bheith ann maidir leis an mbia atá á thairiscint (stíl, comhábhair, oidis, cur i láthair etc.).

## OIDHREACHT AGUS CULTÚR

- Tá na taitneamhachtaí atá ann faoi láthair an-séasúrach i dtaca leis na huaire oscailte de;
- Is ceart spreagadh a thabhairt do lucht bainistíochta mhaoin Oifig na nOibreacha Poiblí a n-áitreabh a oscailt sa gheimhreadh d'fhonn tacú le háitribh a gcoinníonn a n-oibreoirí ar oscailt iad ar fud na bliana; go deimhin, d'fhéadfadh Oifig na nOibreacha Poiblí feidhmiú mar bhuntaca don turasóireacht ó cheann ceann na bliana;
- Is gá i bhfad níos mó a dhéanamh maidir le léirmhíniú agus beochan eispéireas oidhreachta agus cultúir;
- Tá scóip shuntasach ann chun oidhreacht a chur i mbaint le heispéiris eile e.g. Scéal na hoidhreachta a insint trí ghníomhaíochtaí;
- Is féidir leis an earnáil phríobháideach níos mó a dhéanamh chun oidhreacht agus cultúr a chur i láthair ar bhealach níos gairmiúla;
- Tá sé deacair rochtain a fháil ar scéalta tábhachtacha oidhreachta (gorta, ag maireachtáil ar an imeall, beatha a shaothrú ar an talamh agus ar muir, ról CLCG, na príomhphearsana sa chultúr áitiúil etc.).

## AN GEILLEAGAR OÍCHE

- Tá soláthar an-mhaith tithe tábhairne traidisiúnta, mar aon lena n-eispéiris, ann ach baineann gné neamheagraithe le cáilíocht na n-eispéireas agus le minicíocht na siamsaíochta agus bíonn turasóirí ag brath ar 'scéal scéil' faoi imeachtaí nó tagann siad ar imeachtaí de sheans;
- Is léir go bhfuil acmhainneacht ann chun luach a chur le heispéiris oíche agus go bhfuil deis ann chun rannpháirtíocht cuairteoirí a mhéadú e.g. Bia, ceol.

## CAIGHDEÁIN SEIRBHÍSE

- Is gá méid na ndifríochtaí idir na caighdeáin seo a laghdú le go mbeidh siad i bhfad níos comhsheasmhaí agus ní ceart aon seans a bheith ann go n-éireoidh daoine réchúiseach ina leith;
- Tá roinnt samplaí fíormhaithe ann a léiríonn dea-chleachtas agus tá cuid mhór acu sin le fáil san earnáil miondíola (lena n-áirítear réimsí an fhaisin, an bhia agus na ndeochanna agus earnáil na ceardaíochta agus na ngailearaithe ealaíne;
- Is minic a bhíonn seirbhís ardchaighdeáin le duine óg díograiseach a bheith ann a bhfuil rogha déanta aige nó aici a shaol nó a saol a chaitheamh i nDaingean Uí Chúis mar thoradh ar na deiseanna atá ar fáil ann.

## CÚRSAÍ MIONDÍOLA

- Eispéiris mhaithe i gcoitinne agus baill foirne chuiditheacha chúirtéiseacha ann
- Seirbhísí miondíola ar fáil i mBaile Dhaingean Uí Chúis gan mórán seirbhísí den sórt sin ar fáil lasmuigh den bhaile mór
- Tá raon agus cáilíocht na seirbhísí an-sásúil i leith an tsuímh agus tá raon maith seirbhísí miondíola speisialtóireachta agus ginearálta ar fáil a léiríonn an timpeallacht turasóireachta
- De réir dealraimh, léiríonn na huaire oscailte an t-éileamh ar na seirbhísí agus tá deis ann chun fanacht oscailte sa tráthnóna le linn an phríomhshéasúir ar mhaithe leis an ngeilleagar oíche a fhadú
- Tá samplaí sármhaithe d'eispéiris leathnaithe agus breisluacha ann sna príomheasraisí ceardaíochta a oibríonn leis na gnóthaí áitiúla treoraithe turais (dearadh seodra agus cuairt ar láithreáin seandálaíochta, do chuid earraí potaireachta féin a dhéanamh etc.).

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS EISPÉIRIS ATÁ ANN CHEANA FÉIN

- Raon leathan atá ábhartha tríd is tríd agus atá bainteach leis an áit;
- Comhchruinnithe in iarthar na Leithinse, go háirithe i mBaile Dhaingean Uí Chúis agus i gCaisleán Ghriaire, agus sna ceantair thart ar na bailte sin, agus i gceantar na Trá Thuaidh;
- Claonadh ann i leith gníomhaíochtaí den chineál céanna a thairiscint agus praghsanna den chineál céanna;
- Tairgtear fíorbheagán breisluacha agus ní sholáthraítear ach seirbhísí bunúsacha;
- Díoltar eispéiris mar aonaid aonair gan mórán comhoibriú nó nascadh eispéireas agus fíorbheagán gníomhaíochta comhpháirtíochta ann;
- Ní léir go bhfuil mórán nuálaíochta ag baint leis na heispéiris, leis na táirgí ná leis an margaíocht;
- Tá cuid mhór faisnéise ar fáil sna formáidí traidisiúnta... Bileoga, láithreáin ghréasáin etc ach, ar an láthair, is annamh a dhéanann oibreoirí ar leithligh crostagairt do ghníomhaíochtaí oibreoirí eile agus is beag an méid feasachta atá ag oibreoirí ar leithligh ar ghníomhaíochtaí oibreoirí eile;
- Is minic a bhíonn scéalta agus eachtraí tábhachtacha ar iarraidh nó nach ndéantar tagairt dóibh;
- Lasmuigh den earnáil cheoil agus bia/deochanna, tá an geilleagar oíche an-teoranta
- Níl pacáistí á ndíol nó á n-uasdíol ag aon duine, níl eispéiris á gcur ar an margadh ag aon duine, ní bhíonn sé furasta ag cuairteoirí teacht orthu agus iad a cheannach.

# 3.3 PRÍOMHLÉARGAIS A BHFUIL ÁR NGNÍOMHARTHA BUNAITHE ORTHU - AN TIONSCAL TURASÓIREACHTA AGUS AISEOLAS Ó GHEALLSEALBHÓIRÍ

Mar thoradh ar an gclár taighde phríomhúil agus taighde thánaistigh, agus ar an gcomhairliúchán le geallsealbhóirí, cruthaíodh an t-ardán le haghaidh fhorbairt an PFECLCD. Tá na moltaí a luaitear anseo ina dhiaidh seo bunaithe ar riachtanais gach grúpa geallsealbhóra ar leith i gcomhthéacs na gcuspóirí uileghabhálacha a bhaineann le forbairt a dhéanamh ar cheann scríbe turasóireachta dea-fheidhmíochta. Cuirtear comhthéacs breise ar fáil tríd an scrúdú a rinneadh ar na príomhfhachtóirí ratha a bhaineann le cinn scríbe idirnáisiúnta inchomparáide.

## AISEOLAS ÓN TIONSCAL AGUS ÓN BPOBAL

- Ba théama athfhillteach é an leithinis a athrú ó thaitneamhacht ghearrthurais (cuairteanna cóiste aon lae amháin) go ceann scríbe a mheallann daoine chun fanacht ar feadh tréimhsí níos faide agus a ghineann tairbhí eacnamaíochta níos mó.
- Is gá aghaidh a thabhairt ar an éagothromaíocht ‘réigiúnach agus ar fhad an tséasúir turasóireachta a gceaptar ina leith go maireann sé naoi mí i nDaingean Uí Chúis agus nach maireann sé ach trí mhí sna pobail bheaga.
- Is croídhúshlán fós é bainistiú tráchta agus ní mór aghaidh a thabhairt air le linn an acmhainneacht turasóireachta a fhorbairt.
- Tá gá le struchtúir inbhuanaithe chun an ceann scríbe a oibriú agus a bhainistiú.
- Tá gá le tuairiscí agus téamaí coiteanna sa tionscal ar fad – d’fhonn scéal Leithinis Chorca Dhuibhne a shainiú.
- An dúshlán a ghabhann le tionchar an tráchta cóiste ar an gceann scríbe.
- Tá deis ann chun an bonn táirgí agus eispéireas a fhorbairt ar thurasóireacht mhall, ar an talamh, idir shiúl agus rothaíocht, mar aon le deis i ndáil le gníomhaíochtaí ar an uisce.
- Tá fonn ar dhaoine go mbeidh ionaid chuartaíochta ar oscailt ó cheann ceann na bliana.
- Ábhar imní maidir le féiniúlacht chultúir an chinn scríbe a chailleadh agus tá dúshlán ann maidir leis an nGaelainn a chaomhnú le go bhfaighidh cuairteoirí blaiseadh uirthi.
- Is gá go mbeidh an Leithinis ag feidhmiú ag an leibhéal céanna agus go mbeidh comhoibriú ann idir tuaisceart agus deisceart an cheantair.
- Easpa eolais sa tionscal faoi eispéiris eile atá ar fáil sa cheann scríbe agus easpa comhoibrithe maidir le heispéiris a chruthú.
- Gan an leas is fearr agus is féidir a bheith á baint as acmhainneacht sócmhainní íocónacha amhail Cnoc Bréanainn agus a chumas chun feidhmiú mar chatalaíoch i leith scaipeadh cuairteoirí.



Buaileann Fungi, an Deilf, le Cuairteoirí

## AISEOLAS Ó CHUAIRTEOIRÍ

- Roimh an turas a dhéanamh bhí cuairteoirí ag brath go mór ar phostálacha a chuir cuairteoirí ar mheáin shóisialta seachas ar mholtaí ar láithreáin ghréasáin de chuid an tionscail áitiúil turasóireachta.
- Tithe tábhairne, bia agus slí Cheann Sléibhe is mó a bhíonn i gceist leis an bhfaisnéis a bhíonn ar fáil roimh an turas gan aon eispéiris thumthacha áitiúla a bheith á lua.
- Bíonn an tráchtaireacht ar líne sna meáin shóisialta an-dearfach cé is moite de dhúshláin a bhaineann le cúrsaí tráchta ag na buaicamanna.
- Bhí deacracht ag cuairteoirí turas il-laethanta a chruthú a mbeadh eispéiris éagsúla áitiúla san áireamh ann.
- Tá an t-ábhar ar líne atá ar fáil roimh theacht ar cuairt dírithe ar Shlí Cheann Sléibhe agus ar ‘an turas sa cheann scríbe’ a dhéanamh laistigh d’aon lá amháin.
- Caighdeáin athraitheach seirbhíse ag an gcomhéadan cuartaíochta idir chaighdeáin chóiríochta agus caighdeáin ag ionaid chuartaíochta.
- Níl ach eolas teoranta faoi eispéiris áitiúla eile ag baill foirne agus ag fostaithe na n-ionad áitiúil cuartaíochta.
- De réir an eolais ar líne faoi chúrsaí bia, bhí cuairteoirí ag súil le heispéiris áitiúla bhia a bheith ar fáil ach, le fírinne, bhí siad teoranta do shár-eispéireas Scoil Chócaireachta Dhaingean Uí Chúis.

- Níl ach eolas áitiúil teoranta ann maidir leis na roghanna atá ann do chuairteoirí i dtaca leis an ngeilleagar oíche de.
- Ní fhaightear aon bhlaiseadh ar an nGaelainn trí eispéiris chuairteora ná trí bhíthin eispéiris fhoghabhálacha tacaíochta e.g. Bialanna, tithe tábhairne, siopaí.
- Tá caighdeáin athraitheacha faisnéise ann laistigh den cheann scríbe e.g. Neamhsheasmhacht maidir le leibhéal na faisnéise ar léarscáileanna siúil, i dtreoirleabhair etc., rud a chruthaíonn an tuairim gur ceann scríbe ilchodach atá ann gan aon chomhoibriú idir na codanna éagsúla.
- Is léir go bhfuil fíorbheagán cruthaitheachta i gceist sna hionaid chuartaíochta agus i dtaca leis na heispéiris chuairteora de agus nach bhfuil aon tuiscint ann gur gá an t-eispéireas a fhorbairt ná nach bhfuil aon uaillmhian ann maidir le gnéithe breise a chur leis na tairiscintí atá ann faoi láthair.
- Níl aon chomhtháthú i gceist maidir leis na scéalta nó na finscéalta áitiúla le linn eispéiris chuairteora, gach ach fíorbheagán scéalaíochta áitiúla a bheith ann, más ann di in aon chor.
- Ní bhaintear mórán úsáide as sócmhainní tábhachtacha oidhreachta amhail láithreáin seandálaíochta a gcuireann cuairteoirí idirnáisiúnta spéis mhór iontu.
- Cuireann eispéiris dhearfacha i leith ‘idirghníomhaíocht áitiúil’ le réimse na ndeochanna beocht sa scéalaíocht áitiúil e.g. scéalta a bhaineann le grúdlanna agus drioglanna áitiúla.
- Roimh an turas, bhí ionchais ann maidir le heispéiris ealaíon agus cultúir a bheith ar fáil ach bhí sé deacair teacht ar thairiscintí a bhain le cúrsaí ealaíne.
- Ní raibh aon deis ann chun eispéireas a fháil i leith turasóireacht scannánaíochta d’ainneoin phróifiliú an cheantair ar líne mar áit atá bainteach le mórscannáin idirnáisiúnta.
- Ba iad na príomhbhearnaí ó thaobh táirgí de easpa sineirgíochta idir táirgeoirí bia agus soláthróirí bia, gan leas a bhaint as finscéalta áitiúla, agus gan aon chomhtháthú ná meascadh eispéireas a bheith ann ina n-áireofaí gníomhaíochtaí allamuigh, bia, ealaíne agus cultúir d’fhonn eispéiris thumthacha cinn scríbe a chruthú.
- Easpa pacáistí táirgí atá ar fáil lena gceannach agus an gá go gceannófaí iad laistigh den cheann scríbe seachas iad a bheith ar fáil lena gceannach roimh ré.



Cúrsóireacht Bháid i gCuan an Daingin

## TAGARMHARCÁIL AGUS TREOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

- Tá ceannaireacht agus réamhghníomhaíocht na hearnála príobháidí ag teastáil mar chuid lárnach de spreagadh a thabhairt i leith acmhainneacht an chinn scríbe. Is iad na cinn scríbe is rathúla na cinn atá faoi cheannas ag grúpaí ceannaireachta ina gcuimsítear go formhór an earnáil phríobháideach agus í ag obair i gcomhar le geallsealbhóirí earnála poiblí.
- Tá bainistiú an chinn scríbe fíorthábhachtach agus baineann sé leis an gcumas bainistíochta maidir le díograis agus gairmiúlacht a tharraingt le chéile d’fhonn eispéiris chinn scríbe a spreagadh. Ní mór go n-oirfidh gach uile rud don na cuairteoirí. Is é atá i gceist leis sin ná cultúr agus timpeallacht a chruthú a thacóidh le hathrú ar thuairimí, ar dhearcthaí agus ar bhealaí oibre ar fud an phobail d’fhonn caighdeán beatha agus folláine fíormhaith a sholáthar do na cónaitheoirí agus caighdeán eispéiris fíormhaith a sholáthar do thurasóirí tríd an méid seo a leanas a spreagadh:

1. Idirghabhálacha cruthaitheacha agus leas á bhaint as cur chuige ildisciplíneach.
2. Cén ról a bheidh ag na heagraíochtaí agus na comhlachtaí atá ann anois amach anseo?
3. Forbairt chomhtháite tuaithe.
4. Nuálaíocht agus éabhlóid leanúnach.
5. Comhoibriú, líonraí cruthaitheachta agus comhpháirtíochtaí - bainistiú cinn scríbe.
6. Cláir oiliúna agus oideachais do chónaitheoirí agus d'úinéirí/d'fhostaithe gnóthaí.
7. Sainaithint agus comhaontú a dhéanamh maidir le 'bailiú' na n-eispéireas is mó a bhfuil baint acu le hinsint scéalta an cheantair.

- Tá athrú inbhraite ann ón gceann scríbe (áit) agus a shócmhainní a dhíol go dtí scéal na ndaoine a insint agus, sa tslí sin, turasóirí a mhealladh i dtéarmaí a n-intleachta, a spioradáltachta, a gcuid spreagthóirí mothúchánacha, a gcéadfaí, a meoin caidrimh ... Is é sin, cinn scríbe a bhfuil DÚIL MHÓR acu iontu agus a bhfuil iomrá orthu i leith nithe ar cás le cuairteoirí iad (saincheisteanna sóisialta, an timpeallacht agus caomhnú na timpeallachta, inbhuanaitheacht agus cultúr áitiúil, cáilíocht saoil mhuintir na háite agus a gcáilíocht saoil féin). Is é a theastaíonn ó thurasóirí ná scéalta agus laochra maithe a bhfuil bonn maith sóisialta ag baint leo agus tá siad sásta airgead a chaitheamh air sin.
- Athrú méadaithe chuig eispéiris uathúla a aimsiú, agus airgead a chaitheamh orthu, rud a léiríonn an deis i leith eispéireas breisluacha - luach os cionn toirte.
- Is iad aosaigh óga na mílaoise seo is túisce a ghlac leis an ngeilleagar eispéiris agus tá an chéad chéim eile d'éabhlóid an fheiniméin seo á lorg acu níos mó ná riamh.
- Tá éagsúlú á dhéanamh ar thaisteal sómasach agus tá an réimse taistil sin chun tosaigh i dtaca le hathmhúnlú fhorbairt na n-eispéireas.
- Tá fás mear ag teacht ar an turasóireacht fhreagrach agus tá béim á leagan ar an ngné sin ag cinn scríbe ina gcuid cumarsáidí agus tá oiriúnú á dhéanamh sa tionscal áitiúil.
- Teastaíonn dian-eispéireas 'áitiúil ó chuairteoirí anois; níos mó ná riamh, teastaíonn scéalta, agus táirgí an-áitiúil uathu agus is mian leo blaiseadh a fháil ar na nithe a dhéanann an pobal áitiúil lena mbaineann. Tá athnuachan á déanamh ag glúin nua taistealaithe ar choincheap na turasóireachta. *"Cuirimid fáilte anois roimh chineál nua turasóra = DUINE ÁITIÚIL sealadach ag iarraidh teacht ar nasc mothúchánach le do cheann scríbe agus taitneamh a bhaint as eispéiris chomhroinnte le daoine áitiúla agus as a gcultúr agus as a gcuid scéalta."*
- Bíonn athchuairteanna agus moladh ó bhéal ar brath go mór anois ar cháilíocht an eispéiris sa cheann scríbe ina iomláine.
- Is é atá sa rud is tábhachtaí a bhaineann le rath fadtéarmach san ionad margaidh ná eispéiris uathúla, neamhghnácha speisialta a chur ar fáil, ar eispéiris iad ina gcuimsítear meascáin chasta táirgí agus seirbhísí, mar aon le hábhair eile tionchair.



**Radharc ón gConair**

- Táthar ag díriú go mór ar éascú na timpeallachta (an chinn scríbe) a fheabhsaíonn an dóchúlacht go mbeidh turasóirí in ann cruthú agus athchruthú a dhéanamh, taistealaithe a bheith in ann freagairt go maith i leith cinn scríbe ina soláthraítear deimhniúchán agus eispéiris inrochtana, agus, mar bhonn leis an méid sin, tá ról tábhachtach ag baint le forbairt eispéireas.
- Tá cinn scríbe ag cur tús le ré nua taistil folláine chlaochlaithigh ar dá réir a chuireann cinn scríbe na haíonna sa riocht gurb ionann iad agus laochra na folláine scéal-bhunaithe. Ní mór don gceann scríbe fíorchiorcad a chur ar fáil, mar a bheadh muince ann ina gcuimsítear eispéiris nasctha seachas sraitheanna aonad clár, taitneamhachtaí agus turas gan aon cheangal eatarthu.
- Níos mó ná riamh, baineann forbairt na turasóireachta idirnáisiúnta eispéiris le ceist a chur ar an dturasóir *"Cad ba mhaith LEATSA a dhéanamh inniu?"* agus le freagra a thabhairt ar an gceist sin. Tá athrú ann chuig béim a leagan ar an dtomhaltóir agus ar cad is féidir leis an gceann scríbe a dhéanamh chun cabhrú leis an duine a gcuid torthaí inmhianaithe a bhaint amach i dtéarmaí sásamh intinne, coirp agus anama de (an duine ina iomláine/hiomláine) mar thoradh ar chuairt ar Leithinis Chorca Dhuibhne.
- Léiríonn an taighde atá déanta gurb iad na cuimhní is tábhachtaí na cuimhní ar eispéiris turasóirí as a leanann torthaí suntasacha pearsanta (féinfhorbairt, forbairt caidrimh agus folláine fheabhsaithe theaghlaigh agus phearsanta). Is mó an dóchúlacht gurb é a bheidh ina chúis le heispéireas fíorspeisialta ná na daoine agus na himeachtaí (agus na hidirghníomhaíochtaí) sóisialta.
- Is mian le turasóirí i bhfad níos mó smachta a bheith acu ar a gcuid scéalta agus ábhar spéise féin, agus na nithe sin a bhainistiú iad féin, agus, dá bhrí sin, níos mó smachta a bheith acu ar a gcuid eispéireas agus ar bhainistiú na n-eispéireas sin. Is é sin a spreagann an t-éileamh ar chomhchruthú eispéireas in éineacht leis na turasóirí rud a fheabhsaíonn go mór na leibhéil sástachta agus rud as a leanann praghsáil bhisigh agus luachanna níos fearr do gach uile dhuine lena mbaineann.
- De réir an 'Múnla Spreagtha Eispéiris Turasóirí (TEDM)' a forbraíodh i gCríoch Lochlann sa bhliain 2014, is léir go bhfuil 'gach rud nasctha le chéile' agus go bhfuil athróga iolracha ann ina gcuimsítear. DAOINE, SEIRBHÍS agus ÁIT (suíomh agus comhthéacs). Bíonn gach eispéireas suaithinseach bunaithe ar chaidreamh de chineál níos leithne leis an dtomhaltóir agus le rannpháirtíocht chruthaitheach an tomhaltóra i ndearadh a n-eispéireas féin (an próiseas comhchruthaithe).
- Tá níos mó iontaoibhe á cur ag cuairteoirí ar mholtaí áitiúla, tá meas acu ar thuairimí áitiúla is mian leo na nithe a dhéanann muintir na háite a dhéanamh iad féin agus dul chuig na háiteanna a dtéann muintir na háite chucu. Dá bhrí sin, beidh idirghníomhaíocht le muintir na háite ina cuid fhíorthábhachtach de chuid eispéireas Leithinis Chorca Dhuibhne. Léiríonn an taighde atá déanta go lorgóidh turasóirí moltaí duine áitiúil ós rud é go meastar go bhfuil 'An tEolas' ag an duine sin. Ní mór d'óstaigh a bheith éirimiúil i dtaca le cúrsaí cultúr de.



**Lios Chathair Dheargáin gar do Chill Maoilchéadair**

## PRÍOMHCHOMCLÚIDÍ

Mar thoradh ar an gclár taighde agus comhairliúcháin, sainaithníodh raon tionscadal ar beartaíodh iad a fhorbairt cheana féin de bhreis ar na bearnaí atá ann sa cheann scríbe a aithint. Soláthraíonn dea-chleachtas agus tagarmharcáil idirnáisiúnta an comhthéacs le haghaidh cad iad ionchais na gcuairteoirí idirnáisiúnta i dtaca le cinn scríbe dhomhanda den tsamhail chéanna. Sainaithníonn an t-aiseolas a fuarthas ón tionscal, ó gheallsealbhóirí áitiúla, ó phobail agus ó chuairteoirí na príomhréimsí nach mór aghaidh a thabhairt orthu le linn an PFECLCD a chur i bhfeidhm. Seo a leanas achoimre orthu:

### TURAS AN CHUAIRTEORA A FHORBAIRT

Ní mór don tionscal turasóireachta pacáistí a fhorbairt agus na heispéiris áitiúla a réamhdhíol chun an acmhainneacht a mhéadú i dtaca le tréimhsí fanachta níos faide. Tosaíonn turas an chuairteora ar líne agus rannchuidíonn sé sin le sceitimíní an chuairteora maidir leis an gceann scríbe. Is gá an ghné réamhchuairte de thuras an chuairteora a fhorbairt sa tionscal turasóireachta áitiúil.

### TÁ DÚSHLÁN NITHE ÍOCÓNACHA Á THABHAIRT

Tá tionchar diúltach á imirt ar an gceann scríbe, ar na cuairteoirí agus ar an bpobal áitiúil ag leibhéil tráchta agus ag gnó na gcóistí sa bhuaicthréimhse. Beidh chruthú cur chuige inbhuanaithe i leith bainistiú tráchta ina ghníomh tosaíochta ar mhaithe le scrúdú a dhéanamh ar réitigh láithreacha agus ar réitigh fhadtéarmacha.



Seaschéaslóireacht I gCaisleán Ghriaire

### BRANDA DOMHANDA A BHAINEANN LEAS AS SÓCMHAINNÍ DOMHANDA AGUS AS EISPÉIRIS DHOMHANDA

Is branda idirnáisiúnta é Leithinis Chorca Dhuibhne agus is sócmhainn thábhachtach de chuid Shlí an Atlantaigh Fhiáin é. Is airde ná riamh iad ionchais an chuairteora idirnáisiúnta i ngeilleagar turasóireachta an lae inniu. Tá sé de chumas ag forbairt sócmhainní amhail Slí Chorca Dhuibhne chun bheith ina sócmhainn den scoth trí bhíthin nuáil eispéiris, soláthar eispéiris ardchaighdeáin agus forbairt táirge. Is sócmhainn í ar féidir léi leas a bhaint as fuinneamh Leithinis Chorca Dhuibhne ina hiomláine.

### FORBAIRT EARNÁLA DO LEITHINIS CHORCA DHUIBHNE INA hIOMLÁINE

Is dúshlán mór fós é scaipeadh cuairteoirí. Tá éagothromaíocht an-suntasach ann maidir le dáileadh líonta cuairteoirí agus is é is cúis leis sin, go páirteach, ná an bonn cóiríochta atá ar fáil lasmuigh de Bhaile Dhaingean Uí Chúis. Tá flúirse sócmhainní nádúrtha agus sócmhainní oidhreachta ann I dtuaisceart na leithinse agus ní mór leas a bhaint as na sócmhainní sin chun déileáil leis an dúshlán a bhaineann le forbairt gníomhaíochtaí turasóireachta ó cheann ceann na bliana i.e. trí bhíthin bonn feabhsaithe gníomhaíochta.

### AN tSÓCMHAINN CHULTÚIR A AIMSIÚ AGUS A CHOSAINT

Is ionann uathúlacht shaol na Gaeltachta agus gné idirnáisiúnta dhíolacháin ann féin. Níl leas á bhaint as an nGaelainn sa tionscal turasóireachta mar phointe difreálaithe agus ní bhíonn mórán deiseanna ag cuairteoirí blaiseadh a fháil ar an teanga. Ní mór don réimse turasóireachta leas a bhaint as an nGaelainn agus, ag an am céanna, freastal ar ionchais na gcuairteoirí le linn dóibh a bheith ar cuairt sa cheann scríbe Gaeltachta is mó dá bhfuil ann ar an oileán.

### LORG DOMHANDA

Tá baint ag Leithinis Chorca Dhuibhne le cuid mhór de mhiotais, d'fhinscéalta agus de laochra na hÉireann is mó a bhfuil eolas orthu. Bíonn deacrachtaí ag cuairteoirí teacht ar scéalta na laochra sin. Idir Tom Crean agus Naomh Breandán, agus saibhreas na miotas agus na bhfinscéalta a bhaineann le gach cearn de Leithinis Chorca Dhuibhne á chur san áireamh, tá gá tuilleadh eispéireas atá bunaithe ar laochra agus ar fhinscéalta áitiúla a chur ar fáil.

### I RIOCHT AN-MHAITH CHUN TAIRBHE A BHAINT AS TREOCHTAÍ DOMHANDA

Tá saibhreas ag Leithinis Chorca Dhuibhne i dtaca le cúrsaí foirgníochta, nádúrtha agus cultúir de. Tá na tairiscintí reatha cinn scríbe ailínithe go mór leis na príomhthreochtaí turasóireachta idirnáisiúnta, lena n-áirítear éileamh domhanda ar eispéiris folláine, rochtain a fháil ar eispéiris allamuigh agus ar éici-eispéiris, blaiseadh a fháil ar scéalta uathúla áitiúla, eachtraí ilghlúine agus eispéiris bhia. Mar thoradh ar an gcumas chun na sraitheanna iolracha eispéireas a chomhtháthú isteach in eispéiris chinn scríbe de chineál nua agus uathúil, cruthófar buntáiste suntasach iomaíoch do Leithinis Chorca Dhuibhne.

# ROINN A CEATHAIR

## PLEAN FORBARTHA ÉISPÉIREAS NA GCUAIRTEOIRÍ AR LEITHINIS CHORCA DHUIBHNE



Radharc den Chéasadh ar Thuras Cheann Sléibhse

## FORLÉARGAS

Is é is bonn leis an bhforbairt ná eispéiris chuairteora a chruthú agus a chur ar bun chun an fhís le haghaidh Leithinis Chorca Dhuibhne a chur i bhfeidhm mar chuid de phróiseas ina bhfuil 3 chéim.

| | | |
|---|---|---|
| **1** Tionscadail Chataaíocha a ghníomhachtú Ia thugann léiriú ar cheantair ar leith de chuid Leithinis Chorca Dhuibhne ag a bhfuil acmhainneacht shuntasach turasóireachta | **2** An Ceann Scríbe a fhorbairt Tionscadail a chumasú lena dtugtar aghaidh ar easnaimh láithreacha maidir le haghaidh a thabhairt ar shéasúracht agus ar réigiúndacht | **3** Tacaíocht a thabhairt don tionscal turasóireachta chun eispéiris indíolta a chruthú, agus iad ailínithe le saintréithe Leithinis Chorca Dhuibhne agus leis na téamaí forbartha a shainaithnítear sa PFECLCD. |

Is é atá i dtoradh inmhianaithe an phlean forfheidhmiúcháin seo ná sraith eispéireas atá ailínithe le téamaí an chinn scríbe agus lena ndéantar na téamaí sin a bheochan, agus, dá bhrí sin, ar féidir iad a mhargú agus a chur chun cinn ar bhonn idirnáisiúnta. Is é atá i bpríomhtháscaire feidhmíochta an phlean seo ná eispéiris théamúla indíolta a bheith ann ar eispéiris iad a thugann luach eacnamaíochta do phobail agus do ghnóthaí Leithinis Chorca Dhuibhne.

Mar thoradh ar eispéiris an-láidir indíolta chuairteora a bheith ann, beifear in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tionchar a imirt ar an meánfhad ama a fhanann cuairteoirí.
- Méadú a dhéanamh ar an meánmhéid airgid a chaitheann daoine.
- Cuairteoirí a scaipeadh thart ar Leithinis Chorca Dhuibhne agus laistigh di.
- An séasúr a leathnú le gur cinn scríbe ó cheann ceann na bliana a bheidh ann sa deireadh.

Ní mór leas a bhaint as carachtar, as tíreolaíocht, as tírdhreach, as cultúr agus teanga an réigiúin chun tionchar díreach a imirt ar na heispéiris agus chun na heispéiris a ghiniúint, is é sin le rá, eispéiris ar féidir le turasóirí iad a cheannach, eispéiris a oireann d'éilimh na gcuairteoirí agus eispéiris a thugann léiriú ar shaintréithe Leithinis Chorca Dhuibhne:

- An Ghaelainn agus an cultúr beo a bhaineann léi, ar cultúr é atá bríomhar comhaimseartha gan é a bheith á chur i láthair ar bhealach rómánsaithe ná seanchaite.
- Tírdhreach fíor-ársa ina bhfuil líon mór amharcleideann (láithreáin seandálaíochta, oidhreachta agus reiligiúnacha, foirmíochtaí geolaíochta) agus leideanna teangeolaíochta/cultúir (logainmneacha, finscéalta, miotaseolaíocht) trína dtugtar rochtain éasca ar scéal an cheantair.
- 'Sainchomharthaí' íocónacha a bhfuil rochtain orthu ar fud na bliana.
- Baineann cuid mhór láithreán reiligiúnach agus pearsana stairiúla leis an gceantar agus tá tábhacht mhór acu i gcomhthéacs oilithreachta.
- Is áit inspioráideach í atá lán de chríonnacht agus de chuimhne chomhroinnte.
- Tá an tírdhreach agus an muirdhreach álainn, ach é garbh, amh, ag an imeall, ilchineálach.
- Tá tionchar mór imeartha ag an Leithinis ar roinn gnéithe de ghnóthaí domhanda - Reiligiún, eisimirce, daoine cruthaitheacha, tuairimí faoi Éireannachas.
- Imeall na hEorpa.
- Is ceantar iargúlta, ach é fadradharcach go stairiúil, tá feasacht dhomhanda ann agus tá sé nasctha go maith.

Tá na moltaí mionsonraithe anseo thíos á ndéanamh chun fís an Phlean Forbartha Eispéiris Cuartaíochta a chur i bhfeidhm. Ní ráthaíonn an plean seo go mbeidh maoiniúchán ann sa todhchaí agus tá sé ceaptha chun spreagadh a thabhairt do ghnóthaí a bheith réamhghníomhach i leith eispéiris uathúla chuairteora a chruthú.

# 4.1 TOSAÍOCHTAÍ MAIDIR LE FORBAIRT

Is ionann an méid seo a leanas agus léiriú ar thionscadail atá á moladh mar thionscadail tosaíochta atá ceaptha chun tionchair fhadtéarmacha ar an gceann scríbe a chruthú ó thaobh chruthú na ndálaí inbhuanaithe a bhfuil gá leo chun forbairt a bhaint amach. Bunaíodh na tosaíochtaí maidir le forbairt ar bhonn a gcumais chun rannchuidiú le comhlíonadh chuspóirí an tionscadail lena mbaineann agus an méid sin a dhéanamh i gcomhthéacs an PFEC.

### TIONSCADAL CATALAÍOCH A HAON
### STÁDAS A MHÉADÚ GO CEANNAIREACHT DHOMHANDA

Aitheantas a thabhairt do chumas Shlí Chorca Dhuibhne mar a bheadh muince ann a chomhtháthaíonn na heispéiris áitiúla go léir le chéile agus a chruthaíonn bealach siúlóide a bhfuil aitheantas tugtha dó ar fud an domhain.

### TIONSCADAL CATALAÍOCH A DÓ
### SCAIPEADH CUAIRTEOIRÍ A BHAINT AMACH

Tiomantas i leith sraith tionscadal ina dtugtar aitheantas do na dúshláin atá le sárú i ndáil leis an timpeallacht áitiúil oibríochta, lena n-áirítear pleanáil bhainistíochta tráchta, agus aghaidh a thabhairt ar an ndúshlán maidir leis an méid den ghníomhaíocht turasóireachta atá ann i mBaile Dhaingean Uí Chúis ar ceann scríbe seanbhunaithe é laistigh den cheantar seo. Is ceart an chuid eile den cheann scríbe a aicmiú mar cheantair atá ag teacht chun cinn nó ag fás agus beidh gá leis an spreagadh ar féidir leis na tionscadail atá á moladh é a thabhairt.

### TIONSCADAL CATALAÍOCH A TRÍ
### OIDHREACHT CHULTÚIR A CHOTHÚ

Leas a bhaint as cumas oidhreacht shaibhir uathúil chultúir an chinn scríbe chun pointí difreála níos soiléire a chruthú. Ina theannta sin, tabharfaidh na tionscadail aghaidh ar bhearnaí atá ann i dtaca le soláthar eispéireas áitiúil agus, de bhreis air sin, uasmhéadóidh siad an cumas atá ag sócmhainní atá ann cheana féin chun rannchuidiú le déileáil leis na dúshláin a bhaineann le cúrsaí séasúrachta.

### TIONSCADAL CATALAÍOCH A CEATHAIR
### TIONSCADAIL CUMASÚCHÁIN CINN SCRÍBE

Tá sraith tionscadal cumasúcáin cinn scríbe sainaitheanta mar réimsí a ndíreofar orthu amach anseo. Tugann siad aghaidh ar easnaimh a cheaptar a bheith ann i dtáirgí agus a bhfuil tionchar acu ar na dúshláin a bhaineann le réigiúndacht agus le séasúracht. Táthar ag leanúint ar aghaidh le tús áite a thabhairt do réimsí amhail cóiríocht, athdhíriú ar acmhainneacht na hagrathurasóireachta agus uasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna a ghabhann leis na foinsí fónta bia atá ann ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne.

Tá na tionscadail seo a leanas ceaptha chun na ceithre thosaíocht forbartha a bhaint amach trí mheascán de thionscadail chatalaíocha agus de thionscadail chumasúcháin.

SLÍ CHORCA DHUIBHNE

## TOSAÍOCHT A HAON: STÁDAS A MHÉADÚ GO CEANNAIREACHT DHOMHANDA

Measúnacht a dhéanamh i dtaobh an féidir Slí Chorca Dhuibhne a fheabhsú le go mbeidh sé ina cheann scríbe siúil a bhfuil iomrá idirnáisiúnta air agus 'an mhuince' a sholáthar chun gach téama a chomhtháthú lena chéile.

BAINISTIÚ TRÁCHTA

## TOSAÍOCHT A DÓ: SCAIPEADH CUAIRTEOIRÍ A BHAINT AMACH

Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir Plean Bainistithe Tráchta nua a fhorbairt d'fhonn imscrúdú a dhéanamh faoi na roghanna atá ann chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí bainistithe tráchta faoi láthair ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne.

OSPIDÉAL DHAINGEAN UÍ CHÚIS

Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir le hOspidéal Dhaingean Uí Chúis eispéireas cuairteora tairsí a chur ar fáil do Leithinis Chorca Dhuibhne agus léirmhíniú a chur ar fáil do chuairteoirí maidir le scéalta na Leithinse agus, ag an am céanna, rannchuidiú an chinn scríbe.

BUNCHAMPA CHNOC BRÉANAINN

Measúnú a dhéanamh i dtaobh fhorbairt Bhunchampa Chnoc Bréanainn mar chatalaíoch i leith forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht an cheantair mar lárphointe le haghaidh gníomhaíochtaí siúil agus fóillíochta.

GORMBHEALAÍ

Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le cur chun cinn agus leathnú ocht gcinn de láithreáin Ghormbhealaigh ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne.

AN GHAELAINN

## TOSAÍOCHT A TRÍ: ÁR NOIDHREACHT CHULTÚIR A CHOTHÚ

An Ghaelainn - Tacú le forbairt a dhéanamh ar bhéim nua ar an nGaelainn agus ar chomhtháthú le heispéiris chuairteora.

NA BLASCAODAÍ

Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir tréimhse oscailte Ionad Cuairteora na mBlascaodaí a fhadú agus, ag an am céanna, measúnú a dhéanamh i dtaobh saoráidí feabhsaithe feistithe a chur ar fáil ar an mBlascaod Mór.

AN MACHAIRE

Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir leibhéil fheabhsaithe léirmhíniúcháin a bhaint amach do chuairteoirí atá dírithe ar an Machaire agus ar scéalta Oileáin an Mhachaire a chur san áireamh.

LÉIRMHÍNIÚ SEANDÁLAÍOCHTA

Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir feabhas a chur ar scéal seandálaíochta Leithinis Chorca Dhuibhne d'fhonn feabhas a chur ar eispéireas an chuairteora agus chun feidhmiú mar bhonn faisnéise agus léirmhíniúcháin maidir leis na príomhláithreáin sa cheantar máguaird.

EALAÍONA AGUS CULTÚR

Ealaíona agus Cultúr - Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir Ionad Ealaíon agus Cultúir a bhunú a chuirfidh feabhas ar an soláthar amharcealaíon agus ealaíon taibhiúcháin agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar na roghanna a bhaineann leis an ngeilleagar oíche.



# TOSAÍOCHT A CEATHAIR: TIONSCADAIL CUMASÚCHÁIN CINN SCRÍBE

### FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ

An Leithinis a bheochan trí fhorbairt a dhéanamh ar chur chuige ina gcuimsítear Féile Uile-Leithinse agus leas a bhaint as cúrsaí cultúir, as an nGaelainn agus as gníomhaíochtaí allamuigh mar bhonn le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann.

### NUÁLAÍOCHT I LEITH STOC CÓIRÍOCHTA

Measúnú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil maidir le héagsúlú an bhoinn cóiríochta ar Leithinis Chorca Dhuibhne.

### CEANN SCRÍBE TURASÓIREACHTA INBHUANAITHE

Béim nua a leagan ar bhainistiú na turasóireachta inbhuanaithe le go dtiocfaidh an leithinis, ar bhealach comhoibríoch, chun bheith ina hionad sármhaitheasa i leith turasóireacht inbhuanaithe agus bainistiú turasóireachta.

### EISPÉIRIS BHIA

Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir eispéireas Slí Bia Chorca Dhuibhne a chruthú chun eispéiris 'ón bhfeirm go dtí an bord' a chothaíonn eispéiris bhia ar fud na leithinse a chomhtháthú.

### MOL EACHTRAÍOCHTA

Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir Mol Eachtraíochta a chruthú agus é dírithe ar cheantar na Trá Thuaidh ar Leithinis Chorca Dhuibhne agus cur chuige ionaid sármhaitheasa a ghlacadh i leith soláthar eispéireas i réimse na heachtraíochta allamuigh.

### EISPÉIREAS


Béim nua ar eispéireas agrathurasóireachta a chruthú d'fhonn buneolas a chur ar fáil do chuairteoirí maidir le heispéiris tuaithe faoi théama 'maireachtáil i stíl mhuintir na háite' chun dul i dteagmháil le pobail feirmeoireachta arb iad caomhnóirí thírdhreach Leithinis Chorca Dhuibhne iad.

### AGRATHURASÓIREACHTA ACADAMH OILIÚNA TIONSCAIL

Tacú le cur chuige Acadaimh Nuálaithe Eispéiris a chruthú a thiocfaidh chun bheith ina lárionad i leith oiliúint agus meantóireacht tionscail d'fhonn eispéireas nua, nuálach a fhorbairt do chuairteoirí agus PFEC á ghlacadh mar bhonn le haghaidh forbairt tráchtála.

# 4.2 TÉAMA EISPÉIRIS PFEC

CEANN SCRÍBE TURASÓIREACHTA INBHUANAITHE DEA-BHAINSITITHE Ó CHEANN CEANN NA BLIANA A BHFUIL IOMRÁ AIR AR FUD NA BLIANA AGUS INA SOLÁTHRAÍTEAR EISPÉIRIS MHARTHANACHA CHUAIR-TEORA A LÉIRÍONN BEOCHT CHULTÚR AGUS SHLÍ MHAIREACHTÁLA LEITHINIS CHORCA DHAOINE.



# TÉAMA EISPÉIRIS

## ULTÚR INSPIORÁIDEACH

- Slí na Gaeltactha
  The Gaeltacht LIFE
- Foghlaim ar an Imeal
- Miotais agus Finscéalta Áitiula
- Na Céadta Bliain den Srad Cruthait

# FORBAIRT TÉAMAÍ AGUS EISPÉIREAS




Féile Idirnáisiúnta Scannánaíocht Dhaingean Uí Chúis

Soláthraíonn an leithinis is faide siar de chuid na hEorpa suíomh inspioráideach do chuairteoirí, ar suíomh é inar féidir draíocht chultúir Chorca Dhuibhne a chruthú. Ar gach coischéim den turas tríd an leithinis bhíonn deis ag cuairteoirí leas a bhaint as deiseanna chun eispéireas cultúir a cheapadh agus a bpíosa féin den fhinscéal a chruthú. Idir chúpla focal de theanga dhúchais na hÉireann a fhoghlaim agus thumadh sa tírdhreach agus i ngníomhaíochtaí allamuigh, is ionann an leithinis agus suíomh le haghaidh foghlaim inspioráideach.

Tá Leithinis Chorca Dhuibhne ina suíomh foghlama le fada an lá do chuid mhór ghlúnta de chuid na hÉireann.. Sa lá atá inniu ann, is í an leithinis an cúlra trína ligtear do chuairteoirí iad féin a thumadh i gcultúr na Gaeltachta agus teacht chun bheith ina gcuid den scáil áitiúil trí pháirt a ghlacadh san iliomad gníomhaíochtaí teanga, ealaíne, litríochta, bia agus allamuigh atá ar fáil.

Leis na céadta bliain, bhí Leithinis Chorca Dhuibhne ina hábhar inspioráide i gcomhair cuid mhór finscéalta. Mar thoradh ar uathúlacht an chultúir áitiúil Gaeltachta agus ar na deiseanna chun páirt a ghlacadh in eispéiris chultúir nua, gheobhaidh cuairteoirí inspioráid chun a bhfinscéal féin a chruthú, mar aon le cuimhní marthanacha a chruthú faoi áit draíochta inspioráideach. Téann cuairteoirí ag taisteal chun teacht ar nithe atá uathúil agus difriúil. Tá cúlraí uathúla ilchineálacha ann i dtaca leis an raon deiseanna atá ar fáil do dhaoine chun iad féin a thumadh sa réimse cultúir. Soláthraíonn an oidhreacht nádúrtha agus chultúir meon na cruthaitheachta atá ar marthain le is na cianta i saol na Gaeltachta a leanann d'inspioráid a thabhairt do dhaoine.

# TÉAMA FORBARTHA EISPÉIRIS

# SLÍ NA GAELTACTHA / THE GAELTACHT LIFE

## FORLÉARGAS

Tugann Leithinis Chorca Dhuibhne deis do chuairteoirí chun dul i dteagmháil le sain-tréithe an Éireannachais. Is ionann turas tríd an leithinis agus turas trí na céadta bliain den saol in Éirinn. Tugtar cuireadh do chuairteoirí iad féin a thumadh sa saol in Éirinn, is é sin le rá, saol lom díreach a léiríonn carachtar an chinn scríbe. Is ionann Slí na Gaeltachta i leith an tSaoil agus cosaint a thabhairt don oidhreacht shaibhir uathúil chultúir atá ann. Is ionann scéal shaol Leithinis Chorca Dhuibhne agus deis do chuairte-oirí dul i dteagmháil leis na nithe drámatúla atá i gcroílár shaol barántúil na hÉireann. Déanfaidh cuairteoirí a mbealach trí Leithinis Chorca Dhuibhne agus iad an sampláil eispéiris áitiúla a thugann blaiseadh dóibh ar shaol na Gaeltachta mar atá sé sa lá atá inniu ann agus mar a bhí leis na céadta bliain. Tugann Slí na Gaeltachta treochlár i leith Shaol na Gaeltachta agus cumasaíonn sé sin do chuairteoirí iad féin a thumadh i saol mhuintir na háite, cúpla frása Gaelainne a fhoghlaim, éisteacht le ceol traidisiúnta na hÉireann, éisteacht le scéalta faoin nGorta Mór thart ar thine oscailte, madraí caorach a threorú nó foghlaim conas béile thraidisiúnta teaghlaigh Éireannach a dhéanamh. Is ceart gurb é a bheadh sa téama ná rian comhtháite do chuairteoirí óna bhféadfaidís foghlaim faoi Éirinn agus faoi Leithinis Chorca Dhuibhne trí bhíthin sraith eispéireas nasctha, rud a ligfeadh don chuairteoir blaiseadh a fháil ar shaol na Gaeltachta thar roinnt céadta bliain.

## AN TÉAMA A CHUR I LÁTHAIR AN CHUAIRTEORA

Is ionann Slí na Gaeltachta agus deis chun scéal uathúlacht an tsaoil sa Ghaeltacht, san am atá caite agus san am i láthair, a insint. Cuimsíonn sé an Ghaelainn, na daoine agus cultúr na Gaeltachta agus soláthraíonn sé spléachadh do chuairteoirí ar shaol na hÉireann thar na glúnta. Cloisfidh cuairteoirí scéalta faoi mhaireachtáil thar na céadta bliain ar an leithinis is faide siar de chuid na hEorpa suas go dtí an tráth a raibh cónaí ar dhaoine ar na Blascaodaí a bhí mar inspioráid do chuid mhór mórshaothar litríochta. Is í uathúlacht shaol na Gaeltachta an t-ardán ar tríd a spreagfar do chuairteoirí maireachtáil ar nós mhuintir na háite ar bhonn scéalta faoi ghlúnta Gaeltachta roimhe seo agus faoi dhaoine a bhfuil cónaí orthu i Leithinis uathúil Chorca Dhuibhne sa lá atá inniu ann.

## MÓRTHÁIRGÍ

- Na Blascaodaí
- Ionad Cuairteora an Bhlascaoid Mhóir
- Scoileanna Gaelainne agus Gaelainn bheo sa phobal
- An Tinteán Ceoil
- Oidhreacht Chorca Dhuibhne

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Teachíní de chuid thréimhse an Ghorta Mhóir in Éirinn
- Foghlaim faoi bhéile thraidisiúnta Éireannach a dhéanamh i scoil Chócaireachta Dhaingean Uí Chúis
- Ionad Spioradáltachta agus Cultúir Ghaelaigh
- Siúlóidí treoraithe agus turais threoraithe sa cheantar Gaeltachta
- Tráthnóna ceoil thraidisiúnta áitiúil agus scéalaíochta áitiúla i dtithe tábhairne áitiúla
- Eispéireas 'Naomhóg' - Cuan an Daingin
- Marcaíocht chapall sa Ghaeltacht
- Músaem Chorca Dhuibhne

## MOLTAÍ MAIDIR LE FORBAIRT EISPÉIREAS

- Rian Eispéiris comhtháite Shlí na Gaeltachta a chur chun cinn agus nasc á dhéanamh idir soláthróirí eispéiris éagsúla agus béim á leagan ar chuairteoirí a thumadh i saol ceantair áitiúil Éireannaigh. Tabharfaidh an rian buneolas do na cuairteoirí ar eispéireas uathúil saoil Gaeltachta de réir mar a bhíonn siad ag taisteal tríd an leithinis.
- Eispéireas tumthach na mBlascaodaí a chruthú trí leas a bhaint as na saoráidí nua cuairteora ar an mBlascaod Mór.
- Leithinis Chorca Dhuibhne a bheochan trí fheabhas a chur ar na Féilte Uile-Leithinse atá ann cheana féin, ar féilte iad ina n-áirítear cúrsaí cultúir, an Ghaelainn agus as gníomhaíochtaí allamuigh mar théamaí lárnacha. Dhá fhéile a roghnú d'fhonn orbairt a dhéanamh ar chur chuige Uile-Leithinse i leith imeachtaí, agus an cur chuige sin ailínithe leis an PFEC atá beartaithe.
- Tuilleadh béime a leagan ar eispéiris ghníomhaíochta ina gcomhtháthaítear an Ghaelainn d'fhonn deiseanna uathúla foghlama nó samplála teanga a chruthú.
- Sceideal imeachtaí áitiúla ceoil agus focal labhartha Gaeltachta ar fud an cheantair a chruthú do mhíonna an tsamhraidh, agus leas á bhaint as uathúlacht an Tinteáin Ceoil agus eispéireas cultúir faoi stiúradh an phobail a chruthú e.g. uair amháin sa tseachtain thar thréimhse 7 - 8 seachtaine ar oícheanta éagsúla.
- Scrúdú a dhéanamh ar straitéisí forbartha miondíola don todhchaí chun úsáid leathnaithe na Gaelainne.

## TÉAMA FORBARTHA EISPÉIRIS
# FOGHLAIM AR AN IMEALL

### FORLÉARGAS

Thar na glúnta is ionad léinn é Leithinis Chorca Dhuibhne. Is é seo an ceann scríbe a dtagann muintir na hÉireann chuige chun an Ghaelainn a fhoghlaim agus a dtagann cuairteoirí chuige chun foghlaim faoi mhuintir na hÉireann, faoi chultúr na hÉireann agus faoi na heispéiris a fhágann gur ceantar uathúil atá ann. Agus an méid sin ar fad á chur ar fáil sa leithinis is faide siar de chuid na hEorpa. Is ionann foghlaim ar an imeall agus deis do chuairteoirí iad féin a thumadh in eispéiris nua a chumasaíonn dóibh tuiscint níos fearr a fháil ar na nithe a fhágann gurb ionad draíochtúil é Leithinis Chorca Dhuibhne. Tugtar spreagadh do chuairteoirí a gcuthaileacht a chur ar leataobh agus iad féin a thumadh i gceann den iliomad eispéireas foghlama atá ar fáil: foghlaimeoir fiosrach teanga, Gaeilgeoir líofa, mac léinn a bhfuil staidéar á dhéanamh aige/aici ar litríocht na n-oileán, cócaire nó soláthraí nua, cruthaitheoir earraí potaireachta, grianghrafadóir tírdhreacha, feirmeoir caorach, ealaíontóir, saineolaí uisce beatha, surfálaí Atlantach, damhsóir Riverdance nó ceoltóir traidisiúnta.

### AN TÉAMA A CHUR I LÁTHAIR AN CHUAIRTEORA

Tairgeann Leithinis Chorca Dhuibhne raon leathan eispéireas a ligeann do chuairteoirí iad féin a thumadh i gcultúr uathúil agus i ngníomhaíochtaí uathúla an cheantair. Déanann ár gcuid cuairteoirí taisteal chun teacht ar nithe éagsúla agus, go háirithe ar nithe atá áitiúil, agus chun teacht ar dheiseanna chun blaiseadh a fháil ar an éagsúlacht sin agus chun foghlaim fúithi. Éiríonn barántúlacht an téama as an iliomad glúnta a tháinig go Leithinis Chorca Dhuibhne chun foghlaim a dhéanamh ón teanga, ón litríocht, ó na healaíona agus ó na ceardaíochtaí, gan trácht ar fhoghlaim a dhéanamh faoi ghníomhaíochtaí allamuigh. Sásaíonn an téama seo mianta an chuairteora i dtaca le tuiscint níos fearr a fháil ar an gceann scríbe trí eispéiris a chomhchruthú. Tiontaíonn eispéireas na foghlama ar an imeall ról an chuairteora mar bhreathnóir go ról mar rannpháirtí, rud a chiallaíonn go mbaintear amach as an lucht féachana/éisteachta é/í le go mbeidh sé/sí sa chroílár i dtaca leis an eispéireas a chur ar fáil.

### MÓRTHÁIRGÍ

- Scoil Chócaireachta Dhaingean Uí Chúis
- Ceardlanna Potaireachta Louis Mulcahy
- Spóirt uisce ar an dTrá Thuaidh
- Foghlaim na Gaelainne ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne

### EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Grianghrafadóireacht i gcomhar le Dingle Darkroom
- Scoil Ealaíne Dhaingean Uí Chúis
- Oiliúint faoi Thumadóireacht
- Iascaireacht Mhara
- Sealgaireacht i gcomhar le Dingle Distillery Tours
- SUP Paddle Tours
- Díseart Centre of Irish Spirituality and Culture : Ionad Spioradáltachta agus Cultúir Ghaelaigh
- Craft Beer and Distillery

### MOLTAÍ MAIDIR LE FORBAIRT EISPÉIREAS

- Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir eispéireas cuairteora CLCG atá bunaithe ar fhoghlaim faoi thábhacht oidhreacht agus chultúr na gCluichí Gaelacha agus ar thumadh a dhéanamh i bhfoghlaim faoi scileanna na gcluichí.
- Forbairt a dhéanamh ar na deiseanna atá ann sa réimse agrathurasóireachta agus eispéiris thumthacha a chruthú a rannchuidíonn le heispéiris chuairteora de chineál níos leithne, amhail eispéireas Slí Bia Leithinis Chorca Dhuibhne, agus eispéireas 'ón bhfeirm go dtí an forc' a chruthú.
- Scrúdú a dhéanamh i dtaobh 'Corca Dhuibhne ag Caint' a athchruthú mar rogha le haghaidh eispéireas inmharthana cuairteora atá bunaithe ar spéis an chuairteora i leith cúpla abairt Ghaelainne a fhoghlaim. Scrúdú a dhéanamh i dtaobh úsáid a bhaint as an múnla i gcomhthéacs áitiúil de chineál níos leithne rud a chumasóidh do chuairteoirí abairtí Gaelainne a fhoghlaim trí easraisí bia Gaelainne agus trí ionaid chuairteora a bhfuil ráthaíocht acu go mbeidh sruth cuairteoirí ann dóibh.
- Forbairt a dhéanamh ar scála na n-eispéireas ináirithinte atá ar fáil do chuairteoirí lena réamháirithint agus iad sin a chónascadh le heispéiris 'foghlama' oiriúnacha eile.

# TÉAMA FORBARTHA EISPÉIRIS
# MIOTAIS AGUS FINSCÉALTA ÁITIÚLA

## FORLÉARGAS

Is as an leithinis is faide siar de chuid na hEorpa pearsana móra cultúir, ealaíne agus spóirt a d'imir a gcuid gníomhartha, rianta, scéalta agus buanna tionchar ar ghlúnta i ndiaidh a chéile. Léiríonn mórphearsana na Leithinse carachtar an cheantair, is é sin, pearsana amhail Bantiarna na Leithinse (Corca Dhuibhne), Fionn Mac Cumhaill, Naomh Breandán, Tom Crean, Piaras Feiritéir, Peig Sayers agus laochra áitiúla spóirt. Tá a dtionchar imithe i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta, idir thuras trasatlantach N Breandán agus mhóreachtra Antartach Tom Crean, agus idir Ryan's Daughter agus Star Wars. Baineann oidhreacht fhinscéalta Leithinis Chorca Dhuibhne le níos mó ná scéalta iomráiteacha na miotas agus na laochra beo. Léiríonn siad carachtar agus pearsantacht Leithinis Chorca Dhuibhne - is é sin, fuinneamh, macántacht, simplíocht, cúram, comhbhá, spiorad agus mórtas amh trína sainaithnítear agus lena ndifreáiltear Leithinis Chorca Dhuibhne.

## AN TÉAMA A CHUR I LÁTHAIR AN CHUAIRTEORA

Feabhas a chur ar eispéireas an chuairteora trína chumasú do chuairteoirí lorg na mórphearsana a leanúint, agus iad tumtha i dtírdhreach inar chónaigh cuid de na pearsana miotaseolaíochta is mó de chuid na hÉireann. Is féidir leis an gcuairteoir céimeanna cuid mhór pearsana móra de chuid na Leithinse a rianú. Níl an bhéim ar fad á leagan ar na pearsana is mó a bhfuil eolas ann fúthu. Ina theannta sin, baineann na scéalta le daoine a tháinig slán ón nGorta Mór agus ó thimpistí eitleáin Chogadh Domhanda II agus laochra miotaseolaíochta na Fiannaíochta a bhí páirteach i gcomhraic ar na tránna. Is féidir le gach duine ar Leithinis Chorca Dhuibhne finscéal a insint agus tá a fhinscéal féin ag gach uile phobal. Tá stádas finscéalaíochta áitiúla ag baint le beagnach gach uile ní i réimsí amhail CLCG, laochra scannánaíochta, foinsí bia áitiúil, an deilf chónaitheach, agus na céadta cileaméadar de shiúláin áitiúla a leanann raonta agus rianta na laochra áitiúla. Soláthraíonn an seans chun surfáil a dhéanamh sna huiscí céanna óna ndeachaigh Naomh Breandán chun farraige nó chun siúl ar an talamh ar a ndearna Tom Crean ullmhúchán le haghaidh a chuid turas taiscéalaíochta chuig an Antartach comhthéacs eipiciúil i gcomhair eispéiris chuairteora.

## MÓRTHÁIRGÍ

- Cnoc Bréanainn
- An Chonairs
- Loch Abhainn an Scáil
- Séipéilín Ghallarais

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Celtic Nature Walking Tours
- South Pole Inn
- Boat Trips to the Blasket Islands and Tomás Ó Criomthain's house
- Cosán na Naomh agus Brandon Creek
- Electric bike tours
- Archaeological Tours of the Dingle Peninsula with Dingle Tours
- Cadhcáil Farraige le deilfeanna
- Fahan Beehive Huts
- Three Sisters agus Sunset Walk
- Brandon Creek
- Peig Sayers House on Great Blasket island Accommodation experience
- Archaeological tour combined with personalised Ogham engraving at Brian de Staic jewellers
- An Díseart Centre of Irish Spirituality agus Culture
- Sciúird Archaeology Tours

## MOLTAÍ MAIDIR LE FORBAIRT EISPÉIREAS

- Scrúdú a dhéanamh ar an rogha maidir le forbairt a dhéanamh ar théama na bhfinscéalta agus na miotas trí fheabhas a chur ar Shlí Chorca Dhuibhne d'fhonn codanna téamúla a chruthú atá bainteach le scéalta áitiúla. e.g. Eachtraí Tom Crean ón gCom go hAbhainn an Scáil, ó Fhionntrá go Dún Chaoin mar théama na mBlascaodaí.
- Scrúdú a dhéanamh ar roghanna i leith feabhas a chur ar shuntasacht scéal Tom Crean agus ar an eispéireas cuairteora i leith an scéil in Abhainn an Scáil.
- Scrúdú a dhéanamh ar an rogha i leith eispéiris nuálacha léirmhíniúcháin a chur ar fáil do chuairteoirí ag príomhláithreáin oidhreachta ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne trí VR (réaltacht fhíorúil) agus AR (réaltacht bhreisithe) a chur san áireamh.
- Forbairt a dhéanamh ar dheis an eispéireas scannánaíochta turasóireachta chun leas a bhaint as téama na bhfinscéalta d'fhonn Leithinis Chorca Dhuibhne a chur sa riocht gurb ionann í agus lárionad na bpearsana móra scannánaíochta.
- Scrúdú a dhéanamh ar roghanna chun feabhas a chur ar léirmhíniú i leith N Breandáin agus i leith shuntasacht Chuas an Bhodaigh.
- Scrúdú a dhéanamh eispéireas comhtháite scéal an ghorta mhóir a nascann na comhchodanna éagsúla de scéal an ghorta mhóir ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne.
- Meastóireacht a dhéanamh ar na roghanna i leith feabhas a chur ar cháilíocht na scéalaíochta i réimse théama na bhfinscéalta áitiúla le go mbeidh cáilíocht chomhsheasmhach ann i dtaca le cur i láthair na láithreán tábhachtach ó thaobh cúrsaí stairiúla de agus i dtaca le naisc le pearsana stairiúla.

# TÉAMA FORBARTHA EISPÉIRIS
# NA CÉADTA BLIAIN DEN SPIORAD CRUTHAITHEACH

## FORLÉARGAS

Tá flúirse cruthaitheachta agus nuálaíochta ann ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne. Cé go bhfuil an leithinis ar imeall na hEorpa, is lárionad í le haghaidh cruthaitheacht cheardaithe, agus tá daoine cruthaitheacha agus nuálaithe ann ar fud an bhaill. Soláthraíonn dathanna agus fuaimeanna na Leithinse an suíomh le haghaidh sruthanna nua cruthaitheachta. Is léir oidhreacht iarrachtaí ealaíne i saoil na litríochta, na healaíne, na ceardaíochta, an cheoil agus na scannánaíochta. Tá tionchar imeartha ag daoine cruthaitheacha áitiúla ar fud an domhain, amhail an tionchar atá imeartha ar réimse na litríochta agus lucht Hollywood a mhealladh chuig an gceantar. Tá leas bainte as an tírdhreach agus as an muirdhreach mar inspioráid i gcomhair gach saothair ealaíne, gach earra ceardaíochta lámhdhéanta agus gach focail sa litríocht i scríbhinn. Tá an instinn mharthanais ar an leithinis is faide siar de chuid na hEorpa bunaithe ar chruthaitheacht dhaingean i ngach gné den saol. Faigh blaiseadh ar an meon cruthaitheachta sin á chur i láthair ag daoine cruthaitheacha áitiúla a bhfuil lorg domhanda á bhaint amach acu.

## AN TÉAMA A CHUR I LÁTHAIR AN CHUAIRTEORA

Tá roinnt eispéireas tumthach cuairteora le fáil ar Leithinis Chorca Dhuibhne agus iad bunaithe ar cháilíocht na n-ealaíontóirí agus na gceardaithe a bhfuil cónaí orthu, agus atá ag bisiú, ar fud na leithinse. Tá oidhreacht cruthaitheachta ann sa cheantar, ina n-áirítear an litríocht Ghaelainne a bhfuarthas inspioráid ina leith ó na Blascaodaí agus na braislí ceardaíochta cruthaithí atá ann le fada an lá agus iad bunaithe ar shaothar daoine a bhfuil aitheantas tugtha dóibh ar fud an domhain, amhail ceardlanna potaireachta Louis Mulcahy. Tá líon áirithe eispéireas ealaíne ar fáil ó ghailearaithe de chuid ealaíontóirí áitiúla agus mar thoradh ar idirghníomhaíocht chuairteora trína gcruthaíonn siad a gcuid péintéireachta, íomhánna agus earraí potaireachta féin. Tugtar spreagadh do chuairteoirí foghlaim faoi cheardaíocht agus faoi thraidisiúin shaol na leithinse trí leas a bhaint as cuid mhór eispéireas tumthach cruthaitheach a léiríonn seiftiúlacht an cheantair. Tiocfaidh an cuairteoir chun bheith ina cheardaí/ceardaí trí úsáid a bhaint as Leithinis Chorca Dhuibhne mar a bheadh canbhás ann le linn cuimhní a chruthú amhail péintéireacht de Cheann Sléibhe a dhéanamh, trí mhír uathúil photaireachta a dhéanamh, agus trí fhoghlaim conas grianghraf a thógáil de thírdhreacha agus de mhuirdhreacha thar a bheith drámatúil.

## MÓRTHÁIRGÍ

- Ceardlanna Potaireachta Louis Mulcahy
- Na Blascaodaí agus Ionad an Bhlascaoid Mhóir
- Brian De Staic, Seodóir

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Ionad Cuairteora Jerome O'Connor ag an South Pole Inn
- Féilte Guthanna Eile/Other Voices
- Ceardlann Chriostal Dhaingean Uí Chúis
- Ceardlann Earraí Leathair Holden
- Scoil Ealaíne Dhaingean Uí Chúis - seoltar na ranganna i nDrioglann Dhaingean Uí Chúis
- An Ciorcal Ealaíne, an Clochán, i gcomhair le Gailearaí Bhréanainn
- Eispéireas péinteála earra potaireachta de do chuid féin
- Ionad Spioradáltachta agus Cultúir Ghaelaigh
- Baill Leithinis Chorca Dhuibhne de Original Kerry

## MOLTAÍ MAIDIR LE FORBAIRT EISPÉIREAS

- Feabhas a chur ar eispéiris Rian Ceardaíochta Leithinis Chorca Dhuibhne chun nasc a dhéanamh idir na heispéiris cheardaíochta cuairteora ar fud an chinn scríbe a thugann deis don chuairteoir ról a ghlacadh mar 'déantóir' an earra ceardaíochta lena mbaineann.
- Scrúdú a dhéanamh i dtaobh conas feabhas a chur ar an leibhéal reatha seirbhísí ealaíon agus cultúir d'fhonn tacaíocht a thabhairt i leith leibhéil mhéadaithe amharcealaíon agus ealaíon taibhiúcháin don gheilleagar cuartaíochta.
- Scrúdú a dhéanamh i dtaobh deiseanna le haghaidh tobealaíona/tobcheardaíochtaí séasúracha ar fud na leithinse chun freastal ar riachtanais ealaíontóirí áitiúla trí bhíthin cur chuige neamhfhoirmiúil comhoibríoch agus, ag an am céanna, cúiseanna a chruthú le cuairt a thabhairt ar phobail bheaga ar fud na leithinse.

## TÉAMA EISPÉIRIS

## FOLLÁINE MHARTHANACH

Séasúir Beochta

Folláine Eachtraíochta

Fuinneamh Sóisialta

Leithinis na gCodarsnachtaí



Siúlán trá ar Leithinis Chorca Dhuibhne

Tagann cuairteoirí chuig Leithinis Chorca Dhuibhne chun leas a bhaint as an timpeallacht nádúrtha agus as an timpeallacht shóisialta ar mhaithe le hathspreagadh agus athnuachan a fháil. Mar chuid de gach idirghníomhaíocht áitiúil mothaítear folláine mharthanach atá ann mar thoradh ar an teagmháil fhisiciúil leis an talamh agus leis an muir agus mothaítear an fháilte a chuireann muintir na háite roimh chuairteoirí rud a fhágann go mbraitheann siad gur cuid de cheantar speisialta uathúil iad.

Déantar an nasc idir an leithinis agus na cuairteoirí, agus idir muintir na leithinse agus na cuairteoirí, a chothú ar chuid mhór bealaí a thugann spreagadh don intinn, don chorp agus don anam. Is ag áiteanna speisialta amháin atá an cumas chun dul i gcion ar gach gné d'fholláine an chuairteora.Tá cumhacht uathúil ag Leithinis Chorca Dhuibhne mar gheall ar a cuid tírdhreach marthanach agus radharc codarsnach agus ar an spreagadh a thugtar do chéadfaí an chuairteora trí bhíthin na hidirghníomhaíochta sóisialta agus cultúir a bhíonn ann.

Cuireann an ceantar folláine iomlánaíoch iltoiseach ar fáil in ionad a chothaítear trí athshamhlú leanúnach agus trí fhéinfhionnachtain. Is iad na daoine agus an ceantar le chéile a chruthaíonn an meon uathúil folláine sin atá cothaithe thar na haoiseanna sa tslí gur féidir an scéal ina leith a insint sa lá atá inniu ann. Agus é suite ar imeall na hEorpa, is ionann an ceantar agus bealach éalaithe chuig ceann scríbe marthanach a chuireann 'fáilte isteach' roimh chuairteoirí chun folláine nádúrtha a sholáthar a bhfaigheann a hinspioráid ó chúlra Leithinis Chorca Dhuibhne.

# TÉAMA FORBARTHA EISPÉIRIS
# SÉASÚIR BEOCHTA

## FORLÉARGAS

Le linn gach uile shéasúr ar Leithinis Chorca Dhuibhne bíonn eispéiris nua ar fáil don intinn, don chorp agus don anam. Tagann athrú ar shaintréithe an cheantar, i gcomhthéacs dathanna, fuaimeanna agus blasanna, de réir mar a thagann athrú ar na séasúir. Soláthraíonn flúirse na n-acmhainní nádúrtha a athraíonn de réir athrú na séasúr an suíomh foirfe le haghaidh folláine intinne agus choirp Soláthraíonn gach ceann ar leith de na ceithre shéasúr dearcadh nua do chuairteoirí maidir leis an saol, mar aon le meon athnuachana agus meon athnuaite nascachta a chur ar fáil.

Soláthraíonn dathanna athraitheacha na séasúr ar an leithinis agus meoin an aigéin an cúlra le haghaidh éalú agus cuireann gach séasúr ar leith ardán nua do chuairteoirí chun leas a bhaint as meon uathúil folláine Leithinis Chorca Dhuibhne. Bíonn daoine ag súil go mór leis na heispéiris a bhaineann le gach séasúr ar leith, amhail fórsa an aigéin agus an compord a ghabhann le seisiún ceoil thraidisiúnta cois tine. Tagann athrú ar rithim na leithinse de réir mheon an tséasúir atá i gceist agus de réir mar a thagann an t-athrú ó fhuinnimh an tsamhraidh go gairbhe an gheimhridh. Cruthaíonn gach séasúr ar leith a raon eispéireas féin.

## AN TÉAMA A CHUR I LÁTHAIR AN CHUAIRTEORA

Cuireann athrú na séasúr ar an Leithinis comhthéacs breise ar fáil agus soláthraítear éagsúlacht bhreise trí bhíthin scéalta faoi shéasúir athraitheacha agus faoi thírdhreacha athraitheacha na Leithinse. Is é atá sa dúshlán ná leathnú a dhéanamh ar an séasúr agus ar an mbéim ar an tslí ina dtugann folláine agus gníomhaíocht allamuigh deiseanna ar féidir iad a chur ar fáil ar fud na bliana chun cuairteoirí a mhealladh chun eispéiris folláine a shampláil ar Leithinis Chorca Dhuibhne, amhail siúl i rith an lae, ceacht cócaireachta san iarnóin agus seisiún ceoil sa tráthnóna.

Níl aon teorainn le cur i bhfeidhm théama na folláine i gcomhthéacs an tslí ina bhféachann cuairteoirí ar Leithinis Chorca Dhuibhne mar cheann scríbe dá leagan féin de 'mhór-éalú'. Tá deiseanna móra ann maidir le rannpháirtíocht. Tá raon forleathan eispéireas séasúrach ann, beag beann ar an am den bhliain, mar shampla, gníomhaíochtaí allamuigh amhail siúl, marcaíocht ar chapall nó spóirt uisce, nó pictiúir ghléine a cheapadh de na dathanna athraitheacha agus rannpháirtíocht shoch-chultúrtha (taibhiúcháin cheol traidisiúnta na hÉireann).

## MÓRTHÁIRGÍ

- Slí Chorca Dhuibhne
- Slí Cheann Sléibhe
- An Chonair
- Dingle Sea Safari
- Gormbhealaí Leithinis Chorca Dhuibhne
- Muiríne Dhaingean Uí Chúis

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- SPÁ Atlantach agus cóireálacha feamainne
- Ranganna Cócaireachta Séasúracha i gcomhar le Scoil Chócaireachta Dhaingean Uí Chúis
- Cuairt ar ghrúdlann Iarthar Chorcaí chun beoracha séasúracha a shampláil
- Oceanworld Aquarium
- Éiceathuras i gcomhar le Dingle Bay Charters
- Cúrsa grianghrafadóireachta i gcomhar le Dingle Darkroom
- Turais siúil ar Leithinis Chorca Dhuibhne
- Tearmainn Ióga agus Machnaimh
- Eispéiris Faire Stoirme
- Turais faire míolta móra dronnacha i mí Dheireadh Fómhair i gcomhar le Eco Marine Tours
- Muiríne Dhaingean Uí Chúis
- Ride Dingle Cycle
- Beoir agus Cáiseanna Tí Feirme na hÉireann i dtigh Dick Mack

## MOLTAÍ MAIDIR LE FORBAIRT EISPÉIREAS

- Leas a bhaint as rath Storm Festival/Fhéile na Stoirme mar shampla d'fhorbairt féile ar féidir í a chur ar fáil i roinnt codanna éagsúla de Leithinis Chorca Dhuibhne chun cur chuige féile uile-leithinse a fhorbairt ina mbaintear úsáid as acmhainní nádúrtha an cheantair ina iomláine.
- Cur chuige oiliúna tionscail a fhorbairt chun tuiscint a fháil ar na deiseanna do chuairteoirí idirnáisiúnta i dtaca le folláine agus comhaontú a fháil maidir le réimse na folláine ar comhaontú é a bheidh le glacadh i ndáil le heispéiris áitiúla.

# TÉAMA FORBARTHA EISPÉIRIS
# FOLLÁINE EACHTRAÍOCHTA

## FORLÉARGAS

Spreagann Leithinis Chorca Dhuibhne eachtraíocht agus is mol í inar cruthaíodh líon mór laochra. Soláthraíonn na siúláin, na rianta, na tránna agus na huiscí an spás inar féidir le cuairteoirí scrúdú a dhéanamh ar a meon eachtraíochta i gcomhthéacs an tírdhreacha nach bhfuil le fáil ach amháin ar Leithinis Chorca Dhuibhne. Rianta Tom Crean a shiúl nó turas a dhéanamh in uiscí N Breandán chun folláine a aimsiú trí bhíthin na heachtraíochta.

Is féidir cuairteoirí rith ar cheann de na tránna is faide de chuid na hÉireann, gaothshurfáil a dhéanamh sna huiscí a chuireann fáilte roimh Churaidh Dhomhanda, siúl ar an mbóthar is airde dá bhfuil ann in Éirinn nó dreapadh go barr Chnoc Bréanainn. Soláthraíonn uiscí Thrá Thuaidh na leithinse láthair chun scúbadóireacht a dhéanamh agus chun saol aigéin an Atlantaigh Fhiáin a bhreathnú. Más fearr leat fanacht ar bharr an uisce, is féidir surfáil, seaschéaslóireacht nó cadhcáil a dhéanamh thart ar chuid de na sainchomharthaí is iomráití dá bhfuil ann sa tír. Soláthraíonn Leithinis Chorca Dhuibhne cuid mhór deiseanna chun folláine na heachtraíochta a spreagadh ar thalamh nó ar uiscí na leithinse.

## AN TÉAMA A CHUR I LÁTHAIR AN CHUAIRTEORA

Tá raon dosháraithe deiseanna le haghaidh bog-eachtraíochta ar fáil do chuairteoirí is cuma cén t-am den bhliain atá i gceist. Ós rud é go bhfuil cúlraí codarsnacha ann sa cheantar le haghaidh cineálacha éagsúla eachtraíochta, ní bhíonn aon dá lá i ndiaidh a chéile mar an gcéanna. Soláthraíonn scála na heachtraíochta agus na ngníomhaíochtaí áitiúla deis do chuairteoirí iad féin a thumadh i dtírdhreach agus in uiscí Leithinis Chorca Dhuibhne agus tuiscint níos fearr a fháil ar áilleacht agus ar uathúlacht an cheantair. Tugann raon na ngníomhaíochtaí eachtraíochta, idir bhog-eachtraíocht agus fóillíocht ghníomhach, deis do chuairteoirí chun eolas maith a chur ar éagsúlacht chultúr agus oidhreacht nádúrtha an cheantair. Cuireann an téama seo cuid mhór cineálacha gníomhaíochta ar fáil, mar shampla, gníomhaíochtaí do chuairteoirí a bhfuil spéis acu i bhfóillíocht ghníomhach, amhail siúl, fálróid ar chapaill agus rothaíocht gan trácht ar ghníomhaíochtaí eile de chineál a chuirfidh an t-aidréanailín ag rith i nduine. Tá na gníomhaíochtaí uile dírithe ar spiorad eachtraíochta an chuairteora agus ar an bhfiosracht a chothaíonn an ceann scríbe is cuma faoin mbealach ina dtéann duine i mbun a chuairte nó a cuairte, mar shampla, de shiúl na gcos, ar rothar nó ar an uisce.

## MÓRTHÁIRGÍ

- Slí Chorca Dhuibhne
- Cnoc Bréanainn a Dhreapadh
- Surfáil a dhéanamh ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin ag Trá na hInse
- Turas Rothair Leictrigh ar shlí Cheann Sléibhe
- Babhta gailf ar Ghalfchúrsa Cheann Sléibhe
- Leathmharatón Thrá Bhá Bhreandáin

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Eispéiris cadhcála agus seaschéaslóireachta
- Marcaíocht Capaill ar an Trá agus sna Sléibhte
- Steallspóirt
- Spóirt Uisce Jamie Knox
- Turais Iascaireachta Domhainfharraige
- Maratón Leithinis Chorca Dhuibhne agus Rás Eachtraíochta Leithinis Chorca Dhuibhne
- Turais Fhiáine Seaschéaslóireachta agus Surfála Eitleoige
- Raon eispéireas allamuigh in éineacht le Irish Adventures
- Celtic Nature Walking Tours
- Turais Tóraíochta Bia Spóirt Uisce i gCaisleán Ghriaire agus ar an dTrá Thuaidh
- Scúbadóireacht sa Mhachaire
- Turais Seaschéaslóireachta ar Leithinis Chorca Dhuibhne
- Ceann Sibéal Dingle Links Golf Club
- Castlegregory Golf Links

## MOLTAÍ MAIDIR LE FORBAIRT EISPÉIREAS

- Cur chuige Ionaid Sármhaitheasa a chruthú don Trá Thuaidh le go mbeidh sí ina cuid lárnach de Mhol Eachtraíochta Leithinis Chorca Dhuibhne.
- Scrúdú a dhéanamh ar chumas imeachtaí nideoige, amhail Leathmharatón Thrá Bhá Bhreandáin, chun teacht chun bheith ina imeacht idirnáisiúnta.
- Scrúdú a dhéanamh ar thuilleadh deiseanna le haghaidh rothaíocht easbhóthair le go mbeidh rogha ag cuairteoirí rothaíocht a dhéanamh in áiteanna seachas na bóithre plódaithe le linn buaicthréimhsí cuartaíochta.

# TÉAMA FORBARTHA EISPÉIRIS
# FUINNEAMH SÓISIALTA

## FORLÉARGAS

Bíonn mothúchán muintearais ag gach duine ar Leithinis Chorca Dhuibhne. Tá na luachanna sóisialta bunaithe ar an stíl mhaireachtála agus ar na traidisiúin chultúir atá tagtha chun cinn thar na céadta bliain. Cothaíonn nithe amhail fuaim an ghealgháire, an scéalaíocht agus cnagadh na gcos le linn seisiún ceoil thraidisiúnta cultúr folláine sóisialta. Cruthaíonn an idirghníomhaíocht idir daoine agus fuaimeanna fuinneamh sóisialta. Gineann an idirghníomhaíocht shóisialta cois teallaigh sna tithe cónaithe, tóstail na n-oileán agus seisiúin cheoil áitiúla a bhfuinneamh sóisialta féin.

Soláthraíonn oidhreacht chultúir na leithinse, idir an focal labhartha agus na taibhiúcháin cheoil, ardán don chuairteoir chun bheith páirteach sna caidrimh áitiúla agus san idirghníomhaíocht shóisialta. Cruthaíonn na traidisiúin áitiúla fuinneamh sóisialta atá le brath sna tithe tábhairne ar fad atá ann ar Leithinis Chorca Dhuibhne. Is mórtas áite é a chruthaítear trí fhuaimeanna agus trí rithim na leithinse agus bíonn cuairteoirí in ann iad féin a thumadh ann agus a bheith páirteach sna himeachtaí sóisialta.

## AN TÉAMA A CHUR I LÁTHAIR AN CHUAIRTEORA

Is é atá san fhuinneamh sóisialta ná an bheogacht áite a chruthaíonn an idirghníomhaíocht idir an cultúr áitiúil, muintir na háite agus na cuairteoirí. Is beocht é a mbíonn cuairteoirí ag súil leis ag na féilte, sna bialanna agus sna tithe tábhairne sna bailte agus sna sráidbhailte ar fud na Leithinse. Is é an fuinneamh sóisialta a athbheonn an cuairteoir tar éis lá cuartaíochta ar Leithinis Chorca Dhuibhne. Is é atá sa deis ná eispéiris a chruthú a chumasaíonn don chuairteoir dul chuig na háiteanna a dtéann muintir na háite chucu agus na scéalta áitiúla a chloisint. Tá an ghné folláine sóisialta dírithe ar an idirghníomhaíocht idir muintir na háite, an cultúr agus an cuairteoir i dtithe cónaithe áitiúla, i mbialanna nó i dtithe tábhairne.

## MÓRTHÁIRGÍ

- Seisiúin Chultúr Éireannaigh i dtábhairní traidisiúnta ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne
- An Tinteán Ceoil, an Clochán

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Féilte agus Imeachtaí Leithinis Chorca Dhuibhne
- Grúdlann Dick Mack
- Turais chuig Drioglann Dhaingean Ui Chúis
- Cuairt ar Ghrúdlann Iarthar Chiarraí
- Bialanna áitiúla ina n-insítear scéal fhoinse áitiúil an bhia
- Ionad Spioradáltachta agus Cultúir Ghaelaigh

## MOLTAÍ MAIDIR LE FORBAIRT EISPÉIREAS

- Sceideal imeachtaí ceoil agus cultúir a bhíonn ar siúl ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne gach tráth den bhliain a chruthú le go mbeidh cuairteoirí ar an eolas fúthu.
- Forbairt 'Bualadh le Muintir na hÁite' a chur chun cinn trí eispéiris caite bia i dtithe cónaithe a óstáil do chuairteoirí a thagann chuig Leithinis Chorca Dhuibhne.
- Scrúdú a dhéanamh i dtaobh clár tithe Fánaíochta a chruthú chun siamsaíocht chultúir a chur ar fáil do chuairteoirí mar mhalairt ar thithe tábhairne, ar clár é a bheidh bunaithe ar an múnla atá cruthaithe ag An Tinteán Ceoil.
- Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir leibhéil agus ar éagsúlacht na siamsaíochta tráthnóna atá ar fáil ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne ar phraghas barainne.

# TÉAMA FORBARTHA EISPÉIRIS
# LEITHINIS NA GCODARSNACHTAÍ

## FORLÉARGAS

Soláthraíonn an leithinis is faide siar de chuid na hEorpa raon tírdhreach an-ilchineálach áit a bhfuil radhairc chodarsnacha le fáil ag cuairteoirí i ngach áit. Is iad na tírdhreacha agus na muirdhreacha sin a chruthaíonn an suíomh inar féidir le cuairteoirí blaiseadh a fháil ar anam an chinn scríbe. Ina measc sin, áirítear radhairc iontacha ar na Blascaodaí, arda Chnoc Bréanainn, an Chonair agus locha Abhainn an Scáil agus an Triúir Deirféar. Insíonn gach radharc ar leith scéal áitiúil. Tá líon tírdhreach gan áireamh ann agus beidh gach duine de chuid mhuintir na háite in ann radhairc níos fearr fós de chuid na leithinse a mholadh duit. Tá stádas finscéalach ag gach radharc ar leith. Spreagann an tírdhreach mórtas áitiúil agus bíonn gach radharc codarsnach níos speisialta agus níos iontaí ná a chéile.

Fiafraíonn roinnt daoine díobh féin cad é an tsaintréith den chearn seo den domhan a thug inspioráid chun gaisce a dhéanamh agus ba chúis le sáriarrachtaí agus sárghnóthachtálaca mhuintir na háite. Maíonn cuid mhór daoine gurb é oidhreacht nádúrtha agus oidhreacht chultúir an cheantair a bhí i gceist, ar nithe iad sin atá finscéalach iontu féin. An tírdhreach, an t-aigéan, na radhairc - is nithe eipiciúla finscéalach iad na nithe sin ar fad.

## AN TÉAMA A CHUR I LÁTHAIR AN CHUAIRTEORA

Soláthraíonn Leithinis Chorca Dhuibhne sraith radharc cáiliúil i suíomhanna a bhfuil eolas maith orthu ar fud an chinn scríbe. Tá raon leathan eispéireas ar fáil do chuairte-oirí ar fud an cheantair agus is féidir le cuairteoirí iad féin a thumadh ann chun tuiscint níos fearr fós a fháil ar áilleacht agus ar dhraíocht na leithinse. Tá na céadta ciliméadar de dheiseanna ar fáil don chuairteoir sa cheantar, is é sin, áiteanna 'ar chúl éaga' inar féidir radhairc chodarsnacha a fháil ar an leithinis agus ina bhfuil stór saibhir scéalta agus oidhreachta agus muintir na háite atá i gceist.

## MÓRTHÁIRGÍ

- Slí Chorca Dhuibhne
- Na Blascaodaí
- Slí Cheann Sléibhe
- Cnoc Bréanainn
- Sea Safari agus Harbour Cruises
- An Chonair
- Turais Eco Marine na mBlascaodaí

## EISPÉIRIS TACAÍOCHTA

- Siúlóidí agus turais seandálaíochta in éineacht le daoine áitiúla
- Turais threoraithe rothaíochta
- Eispéiris cadhcála, céaslóireachta agus seascheaslóireachta
- Gormbhealaí Leithinis Chorca Dhuibhne

## MOLTAÍ MAIDIR LE FORBAIRT EISPÉIREAS

- Measúnú a dhéanamh ar an infheistíocht ghearrthéarmach/mheántéarmach a bhfuil gá léi le haghaidh Slí Chorca Dhuibhne lena chinntiú go mbeidh an leibhéal cuí bonneagair úsáideora ann.
- Scrúdú a dhéanamh i dtaobh na ndeiseanna chun forbairt a dhéanamh ar mhodh aontaithe comhsheasmhach i leith gnéithe agus saintréithe na siúlán agus na rianta go léir ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne a chur in iúl.
- Breithniú a dhéanamh i dtaobh mhodh feabhsaithe na bpríomhphointí radhairc agus na bpríomhphointí spéise trí bhíthin léirmhíniú teicneolaíochta agus, b'fhéidir, trí úsáid a bhaint as Réaltacht Bhreisithe agus Réaltacht Fhíorúil.
- Scrúdú a dhéanamh i dtaobh na ndeiseanna chun feabhas a chur ar na saoráidí feistithe ar an mBlascaod Mór.
- Measúnú a dhéanamh i dtaobh na riachtanas gearrthéarmach/meántéarmach i leith dlús a chur le láithreáin phíolótacha Gormbhealaigh a aimsiú d'fhonn feabhas a chur ar eispéireas na gcuairteoirí sa cheann scríbe.

# 4.3 PLEAN MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM

Sa phlean oibre seo a leanas leagtar amach na tionscadail atá sainaitheanta chun PFEC Leithinis Chorca Dhuibhne a chur i bhfeidhm thar na cúig bliana atá romhainn. Déantar na sruthanna oibre a chatagóiriú ina gceithre roinn chun bonn a chur ar fáil ar tríd a bheidh na geallsealbhóirí go léir in ann a bheith rannpháirteach sa PFEC. Tá an clár gníomhaíochta bunaithe ar na cláir oibre ghaolmhara atá dírithe ar na ranna plean oibre seo a leanas:

**A.** Tionscadail Chatalaíocha
**B.** Tionscadail Forbartha Eispéiris atá bunaithe ar Théamaí PFEC
**C.** Tionscadail Cumasúcháin Cinn Scríbe
**D.** Tionscadail atá dírithe ar thionscail áitiúla

Déantar ceannairí agus comhpháirtithe na dtionscadal a shainaithint sa phlean oibre. Is é atá san amscála gaolmhar ná mar a leanas:

**Gearrthearma** - Bliain 1
**Meántéarma** - Bliain 2 agus 3
**Fadtéarma** - Bliain 4+

## A: TIONSCADAIL CHATALAÍOCHA

| Experience | | Action | Timeframe | Lead | Partner |
|---|---|---|---|---|---|
| Traffic Management Plan | A.1 | Dul i mbun clár gníomhaíochta chun Plean Bainistithe Tráchta a cheapadh lena ndéanfar imscrúdú faoi na roghanna atá ann chun aghaidh a thabhairt ar ghluaiseacht tráchta cuairteoirí ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne. | GT | CCC | FÉ<br>DPTA |
| Dingle Way | A.2 | Measúnacht a dhéanamh i dtaobh an féidir Slí Chorca Dhuibhne a fheabhsú le go mbeidh sé ina cheann scríbe siúil a bhfuil iomrá idirnáisiúnta air agus 'an mhuince' a sholáthar chun gach téama eispéiris cuairteora a chomhtháthú lena chéile. Le linn acmhainneacht Shlí Chorca Dhuibhne a fhorbairt, is ceart scrúdú a dhéanamh, i gcomhar le geallsealbhóirí eile, ar an nasc le Slí Chiarraí chun táirge leathnaithe idirnáisiúnta siúil. | LT | DWC | UnG<br>CCC<br>FÉ<br>NEWKD |
| Dingle Way | A.3 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh na roghanna atá ann chun an Scéim na Siúlán Náisiúnta a áirithiú d'fhonn bainistiú agus cothabháil Shlí Chorca Dhuibhne a éascú ar fud Leithinis. | GT | DWC | CCC<br>UnG<br>KCC<br>FÉ<br>NEWKD<br>NTO |

## A: TIONSCADAIL CHATALAÍOCHA

| Experience | | Action | Timeframe | Lead | Partner |
|---|---|---|---|---|---|
| Slí Chorca Dhuibhne | A.4 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh na roghanna atá ann chun méadú a dhéanamh ar shiúl easbhóthair ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne. | MT - LT | DWC | NEWKD<br>UnG<br>FÉ<br>CCC |
| Slí Chorca Dhuibhne | A.5 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais i leith cur chuige níos aontaithe a ghlacadh i ndáil le praiticiúlachtaí siúlán áitiúil agus rianta áitiúla atá ar fáil do chuairteoirí ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne a chur in iúl (e.g. teimpléad faisnéise comhsheasmhaí a úsáid i leith na rianta go léir a luaitear ar líne, i leith na gcomharthaí go léir agus i leith na bhformáidí priontála go léir). Scrúdú a dhéanamh i dtaobh 'múnla branda' mapála/faisnéise bealaigh a chruthú le go mbeidh cur chuige comhsheasmhach ann i leith na faisnéise maidir le siúláin/rianta d'fhonn léiriú a thabhairt ar cheann scríbe idirnáisiúnta agus taobhbhealaí breise a chur ar fáil isteach ó Shlí Chorca Dhuibhne chuig pobail thadhlacha. | ST | DWC | CCC<br>DK<br>NEWKD<br>UnG<br>DPTA<br>FÉ |
| Slí Chorca Dhuibhne | A.6 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna i leith feabhas a chur ar eispéireas Shlí Chorca Dhuibhne agus an méid sin dírithe ar chodanna den bhealach a chumasóidh do chuairteoirí iad féin a thumadh níos mó sa phobal áitiúil trí bhíthin scéalta áitiúla, trí bhíthin cóiríocht áitiúil, trí bhíthin saoráidí áitiúla agus trí bhíthin eispéiris indíolta. Is ceart príomhthéamaí a shainaithint le haghaidh codanna sonracha de chuid bhealach Shlí Chorca Dhuibhne chun ardán a chruthú chun feabhas a chur ar na scéalta áitiúla atá bainteach leis an gceantar e.g. scrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht Tom Crean sa cheantar thart ar Abhainn an Scáil. | MT - LT | DWC | CCC<br>DK<br>NEWKD<br>UnG<br>DPTA<br>FÉ |
| Slí Chorca Dhuibhne | A.7 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh na ndeiseanna atá ann chun mór-imeacht siúil amháin a uas-scálú le gur féile siúil a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta uirthi a bheidh ann, agus téama Shlí Chorca Dhuibhne á ghlacadh agus gníomhaíocht Féilte á scaipeadh ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne i dtaca leis an ngeilleagar lae agus oíche de. | MT | DWC | CCC<br>DK<br>NEWKD<br>UnG<br>DPTA<br>FÉ |

## A: TIONSCADAIL CHATALAÍOCHA

| Experience | | Action | Timeframe | Lead | Partner |
|---|---|---|---|---|---|
| Ospidéal Dhaingean Uí Chúis | A.8 | Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir le hOspidéal Dhaingean Uí Chúis eispéireas cuairteora tairsí a chur ar fáil do Leithinis Chorca Dhuibhne agus léirmhíniú a chur ar fáil do chuairteoirí maidir le scéalta na Leithinse agus, ag an am céanna, rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe turasóireachta an chinn scríbe.<br><br>Scrúdú a dhéanamh i dtaobh cruthú plean gníomhaíochta maidir le ceann scríbe turasóireachta inbhuanaithe ar plean é ina ndéantar comhtháthú leis na tionscadail leathana maidir le maireachtáil inbhuanaithe agus comhshaoil atá á bhforbairt trí ghrúpa thionscadal Ospidéal Dhaingean Uí Chúis. Soláthróidh cruthú an phlean béim níos mó ar an gceann scríbe agus beidh comhtháthú ann leis an bplean bainistithe tráchta atá beartaithe agus leis an mbéim mheántéarmach/fhadtéarmach ar chruthú cinn scríbe iomráitigh turasóireachta inbhuanaithe.<br><br>Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir eispéireas ealaíon agus cultúir a chur ar fáil do chuairteoirí mar chuid de thionscadal Ospidéal Dhaingean Uí Chúis, de bhreis ar leas a bhaint as téama na nuálaíochta a bhfuil sé de chumas aige eispéiris bhreise chuairteora a chruthú i réimsí amhail ceol agus scannánaíocht. | GT - LT | UnG<br>DHP | HSE<br>KCC<br>FÉ<br>DPTA |
| Bunchampa Chnoc Bréanainn | A.9 | Measúnú a dhéanamh ar an múnla i leith thogra Bhunchampa Chnoc Bréanainn a chur ar aghaidh mar chatalaíoch maidir le feabhas a chur ar acmhainneacht an cheantair mar Lárphointe le haghaidh gníomhaíochtaí siúil agus fóillíochta. Plean gníomhaíochta agus grúpa oibre ilpháirtí a chur le chéile chun measúnú a dhéanamh ar na céimeanna is túisce ar mhaithe leis an gcoincheap a chur ar aghaidh. | GT | UnG<br>CFLT | CCC<br>FÉ |
| Bunchampa Chnoc Bréanainn | A.10 | Anailís a dhéanamh ar riachtanais d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar na riachtanais áitiúla a bhaineann le leas a bhaint as Bunchampa Chnoc Bréanainn a mhéid a bhaineann leis na deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí siúil, is é sin le rá, comharthaí agus an iliomad roghanna bealaigh sa cheantar áitiúil agus, mar chuid d'fheabhsú Shlí Chorca Dhuibhne, leas a bhaint as na deiseanna a sholáthraíonn Cnoc Bréanainn mar cheann scríbe íocónach idirnáisiúnta siúil. | GT | UnG<br>CFLT | GDC<br>CCC<br>DWC |



## A: TIONSCADAIL CHATALAÍOCHA

| Experience | | Action | Timeframe | Lead | Partner |
|---|---|---|---|---|---|
| GORMBHEALACH | A.11 | Tacú le cruthú céimnithe na Rianta Gormbhealaigh atá beartaithe ag ocht láithreán phíolótacha ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne, ar láithreáin iad a sainaithníodh laistigh de Straitéis Turasóireachta Mara Leithinis Chorca Dhuibhne. | GT-MT | CCC | UnG<br>KETB<br>CCC<br>FLAG /<br>BIM<br>DPTA<br>CFLT |
| GORMBHEALACH | A.12 | Dul i mbun oiliúna faoi nuálaíocht eispéiris sa tionscal áitiúil turasóireachta agus í dírithe ar dheis na nGormbhealaí i leith eispéiris folláine marthanaí agus cultúir inspioráidigh a chomhtháthú leis na heispéiris fóillíochta gníomhaí a sholáthróidh na láithreáin Ghormbhealaigh ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne. | MT | KETB / FÉ | UnG<br>CCC<br>FLAG /<br>BIM<br>CFLT |
| Na Blascaodaí | A.13 | Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir tréimhse oscailte Ionad Cuairteora na mBlascaodaí a fhadú agus, ag an am céanna, measúnú a dhéanamh i dtaobh saoráidí feabhsaithe feistithe a chur ar fáil ar an mBlascaod Mór, mar aon le rochtain fheabhsaithe a chur ar fáil i nDún Chaoin. | GT | OPW | NPWS<br>CCC<br>FÉ |
| Na Blascaodaí | A.14 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir Rian/Eispéireas feabhsaithe Ionad Cuairteora na mBlascaodaí a chruthú chun saoráidí nua cuairteora Oifig na nOibreacha Poiblí ar an mBlascaod Mór a chomhtháthú leis an gcumas chun blaiseadh a fháil ar an oileán trí bhíthin rian siúil ar imeall an oileáin agus é feabhsaithe le léirmhíniú teicneolaíochta. | MT - LT | OPW | NPWS<br>UnG<br>FÉ<br>CCC |
| An Mhachaire | A.15 | Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir eispéiris nua cuairteora a fhorbairt a chumasóidh don chuairteoir gabháil do ghníomhaíochtaí inbhuanaithe sa Mhachaire agus ar Rian Oidhreachta na Machaire. | MT | NEWKD<br>LC | CCC<br>FÉ |
| An Mhachaire | A.16 | Measúnú a dhéanamh i dtaobh na ndeiseanna atá ann chun scrúdú a dhéanamh i leith eispéireas cuairteora Oileáin an Mhachaire agus é nasctha leis an deis chinn scríbe maidir le Turasóireacht Spioradálta agus scéalta a nascadh le sócmhainní turasóireachta spioradálta eile ar fud an chontae amhail Na Scealga.<br><br>Forbairt a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ag Turasóireacht Spioradálta a chomhtháthú le láithreáin thábhachtacha lena n-áirítear Cnoc Bréanainn, Cosán Naomh Breandán, Cosán na Naomh, an Mhachaire agus na Toibreacha Beannaithe atá suite ar fud na leithinse. Tacú le feabhsú inbhuanaithe na gcosán de réir chaighdeáin cheadaithe Oifig na gCosán Náisiúnta d'fhonn feabhas a chur ar na Cosáin Oilithreachta atá ann cheana féin. | MT<br>LT | NEWKD<br>LC<br>UnG<br>FI | CCC<br>KETB<br>NPWS<br>OPW<br>NTO |

## A: TIONSCADAIL CHATALAÍOCHA

| Eispéireas | | Gníomh | Amscála | I gceannas | Comhpháirtí |
|---|---|---|---|---|---|
| Seandálaíocht | A.17 | Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir leathnú a dhéanamh ar scéal na seandálaíochta saibhre ar Leithinis Chorca Dhuibhne trí leas a bhaint.<br><br>Séipéilín Ghallarais agus as Músaem Chorca Dhuibhne ar mhaithe le feabhas a chur ar eispéiris chuairteora atá ann cheana féin agus, ag an am céanna, feidh-miú mar bhonn faisnéise agus léirmhíniúcháin trína ndéanfaí a sheoladh chuig láithreáin seandálaíochta atá ann sna ceantair máguaird.<br><br>Scrúdú a dhéanamh i dtaobh sraith eispéireas sean-dálaíochta a chruthú do chuairteoirí ar eispéiris iad a bhaineann leas as dlús na láithreán agus na scéalta seandálaíochta atá ann ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne, lena n-áirítear Ogham agus an Gleann Oighearaoise (Gleann Seanchoirp, Loch an Dúin), agus Macha na Bó. | MT | OCD<br>DPTA<br>OPW | FÉ<br>CCC<br>LC<br>UnG<br>NEWKD<br>CFLT<br>COVC |
| Seandálaíocht | A.18 | Iniúchadh eispéireas cuairteora a dhéanamh ag láithreán Shéipéilín Ghallarais chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht an láithreáin maidir le tuilleadh forbartha eispéiris. | GT | OPW | FÉ<br>GOVC |
| An Ghaelainn | A.19 | Tacú le forbairt a dhéanamh ar bhéim nua ar an nGaelainn agus ar chumas an chuairteora blai-seadh a fháil ar theanga dhúchais Leithinis Chorca Dhuibhne. Áireoidh sé sin forbairt a dhéanamh ar Phlean Cúig Bliana chun 'Corca Dhuibhne ag Caint' a chomhtháthú isteach i ngach gnó turasóireachta agus cruthóidh sé clár atá dírithe ar an tionscal d'fhonn bunghnéithe den Ghaelainn a chomhtháthú i ngach eispéireas cuairteora agus beidh an méid sin ina ghné idirdhealaitheach d'eispéireas Leithinis Chorca Dhuibhne.<br><br>Mar chuid de Chlár Forbartha na Gaelainne déanfar scrúdú maidir le cruthú tacaíochtaí amhail an méid seo a leanas<br>• Stór focal bunúsach maidir le bualadh le daoine agus beannú dóibh<br>• Oiliúint do Threoraithe Turais<br>• Seirbhís dearthóireachta dhátheangach chun tacú le haistriú agus le hullmhú ábhair amhail biachláir, pleananna turais, eispéiris<br>• Cóiríocht dhátheangach<br>• Biachláir dhátheangacha a chur ar fáil<br>• Suaitheantais a léiríonn go bhfuil duine in ann | GT | UnG<br>CFCD | GDC<br>IHF<br>RAI<br>DPTA<br>CCC<br>CFLT |

## A: TIONSCADAIL CHATALAÍOCHA

| Eispéireas | | Gníomh | Amscála | I gceannas | Comhpháirtí |
|---|---|---|---|---|---|
| An Ghaelainn | A.20 | Forbairt a dhéanamh ar bhraisle eispéireas labhartha Gaelainne lena gcruthófar rian uile-Leithinse do chuairteoirí chun Slí na Gaeltachta a shampláil, is é sin le rá, cóiríocht ina labhraítear Gaelainn, gníomhaíochtaí nó eispéiris a léiríonn saol na Gaeltachta ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne. Maidir leis an mbraisle uile-leithinse, is ceart go soláthródh sé rian/treoshuíomh do chuairteoirí chun iad féin a thumadh in eispéiris uathúla Gaeltachta trína bhfoghlaimítear faoi shaol agus faoi chultúr Leithinis Chorca Dhuibhne agus faoi ról na Gaelainne ina leith sin. | GT - MT | UnG | FÉ<br>GDC<br>KCC<br>DPTA |

## B: TIONSCADAIL FORBARTHA EISPÉIREAS

### TÉAMA EISPÉIRIS - CULTÚR INSPIORÁIDEACH

| Eispéireas | | Gníomh | Amscála | I gceannas | Comhpháirtí |
|---|---|---|---|---|---|
| Cultúr Inspioráideach | B.1 | Feabhas a chur ar eispéireas rian ceardaíochta cruthaithí de chineál tumthach comhtháite ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne chun deis a thabhairt do chuairteoirí foghlaim faoi cheardaíocht áitiúil trí leas a bhaint as Rian Ceardaíochta Chiarraí atá ann cheana féin. | GT-MT | OK | UnG<br>LEO<br>FÉ<br>CCC<br>NEWKD |
| Cultúr Inspioráideach | B.2 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir Féile Náisiúnta Litríochta Gaelainne a bhunú i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus Ionad Cuairteora na mBlascaodaí á úsáid mar phríomh-hionad óstála, rud a ghníomhódh mar chata-laíoch chun forbairt a dhéanamh ar dheiseanna ceardlainne lasmuigh den bhuaicshéasúr. | GT | OPW | CCC<br>DPTA<br>ENG |
| Cultúr Inspioráideach | B.3 | Rian tumthach eispéiris bia uile-leithinse a fhorbairt (Blas Chorca Dhuibhne agus 'Place on a Plate') agus é bunaithe ar oibriú le curaidh bhia Chorca Dhuibhne agus cloí le caighdeán cáilíoch-ta aontaithe chun difreálú a dhéanamh i leith cúrsaí bia ar Leithinis Chorca Dhuibhne. | GT | TK | RAI<br>IFA<br>NEWKD<br>UnG |
| Cultúr Inspioráideach | B.4 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir clár Tithe Fánaíochta a chruthú ar fud na leithinse faoi cheannas 'An Tinteán Ceoil', Halla Le Chéile, Bréanainn, mar bhunláithreán, chun clár struchtúrtha eispéireas inrochtana ceoil agus cultúir thraidisiúnta Éireannaigh a chur ar fáil ar fud na leithinse. | GT - MT | UnG | GDC<br>VFI<br>CFLT |

## B: TIONSCADAIL FORBARTHA EISPÉIREAS

### TÉAMA EISPÉIRIS - CULTÚR INSPIORÁIDEACH

| Eispéireas | | Gníomh | Amscála | I gceannas | Comhpháirtí |
|---|---|---|---|---|---|
| Cultúr Inspioráideach | B.5 | Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir cur chuige comhtháite a chruthú i leith uasmhéadú a dhéanamh ar an deis a bhaineann le turasóireacht scannánaíochta chun eispéiris chuairteora a chruthú d'fhonn aird a tharraingt ar phríomhshuíomhanna scannánaíochta ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne. Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir sraith lárphointí turasóireachta scannánaíochta a chruthú, amhail seanteach scoile 'Ryans Daughter' agus an láithreán ina ndearnadh scannánú le haghaidh 'Star Wars'. Measúnú a dhéanamh i dtaobh na ndeiseanna chun eispéireas comhordaithe cuairteora 'Star Wars' a chruthú agus é dírithe ar "an áit inar láidre an fórsa", is é sin le rá, i mBaile an Fheirtéaraigh agus i bpríomhshuíomhanna ina bhfuil saoráidí tacaíochta do chuairteoirí. | GT - MT | DFF<br>DPTA | FÉ<br>UnG<br>NEWKD<br>LC |
| Cultúr Inspioráideach | B.6 | Dul i mbun staidéar féidearthachta chun scrúdú a dhéanamh ar na riachtanais a bhaineann le hathnuachan Theampall agus reilig San Séamas le go mbeidh siad ina n-ionad staire agus cultúir, agus cumas aige nascadh a dhéanamh leis an deis bheartaithe maidir le turasóireacht spioradálta. | MT | CCC | LC<br>St. James Committee Trust |
| Cultúr Inspioráideach | B.7 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir forbairt a dhéanamh, agus feabhas a chur, ar léirmhíniú scéal Tom Crean chun rannchuidiú leis an uaillmhian uileghabhálach i leith stádas moil eachtraíochta a bhaint amach Do Leithinis Chorca Dhuibhne. | MT | LC | FÉ<br>SKDP |
| Cultúr Inspioráideach | B.8 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir eispéireas oidhreachta áitiúla a chur ar fáil sa Chill/sna Buailtíní, mar aon le siúláin áitiúla a chur ar fáil ina n-áirítear príomháiteanna lena ngabhann luach oidhreachta do Leithinis Chorca Dhuibhne. | MT - LT | LC | SKDP |
| Cultúr Inspioráideach | B.9 | Scrúdú a dhéanamh ar an scóip le haghaidh eispéireas séasúrach cultúir i leith CLCG an cheantair, ar eispéireas é a thugann buneolas faoi oidhreacht na gCluichí Gaelacha agus faoi bhunscileanna spórt Gaelach. | MT | GAA | LC<br>NEWKD |
| Cultúr Inspioráideach | B.10 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh na riachtanas atá ann maidir le tacú le rochtain inbhuanaithe ar dhún ceann tíre an Dúin Bhig agus maidir le forbairt a dhéanamh ar eispéiris fheabhsaithe chuairteora d'fhonn léirmhíniú a dhéanamh ar oidhreacht an láithreáin trí bhíthin cur chuige inbhuanaithe. | GT - MT | OPW<br>NMS | LC<br>FÉ |

## B: TIONSCADAIL FORBARTHA EISPÉIREAS

### TÉAMA EISPÉIRIS - CULTÚR INSPIORÁIDEACH

| Eispéireas | | Gníomh | Amscála | I gceannas | Comhpháirtí |
|---|---|---|---|---|---|
| Cultúr Inspioráideach | B.11 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh modhanna nua chun léirmhíniú a dhéanamh ar phríomhshuíomhanna ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne ar modhanna iad trína nascfar oidhreacht agus cultúr le téama na nuálaíochta trí bhíthin deiseanna nua chun an scéal a insint e.g. Réaltach Fhíorúil/Réaltacht Bhreisithe. Scrúdú a dhéanamh ar thástáil phíolótach na bpríomhionad radhairc ar fud an chinn scríbe chun cás tástála a fhorbairt le haghaidh Réaltacht Fhíorúil/Réaltacht Bhreisithe agus le haghaidh cineálacha feabhsaithe léirmhíniúcháin trína ndéantar tumadh cuairteoirí a chur chun cinn gan aon tionchar timpeallachta a bheith ann. | MT | OD | FÉ<br>UnG<br>ITT |
| Cultúr Inspioráideach | B.12 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir 'tobshraith' ealaíon agus ceardaíochtaí Leithinis Chorca Dhuibhne a fhorbairt trína soláthraítear ardán d'ealaíontóirí áitiúla chun idirghníomhú le cuairteoirí agus, ag an am céanna, trína dtacaítear le scaipeadh cuairteoirí ar fud na leithinse. | GT - MT | OK | UnG<br>CCC<br>CIK |

### TÉAMA EISPÉIRIS - FOLLÁINE MHARTHANACH

| Experience | | Action | Timeframe | Lead | Partner |
|---|---|---|---|---|---|
| Folláine Mharthanach | B.13 | Braislí d'eispéiris shéasúracha Folláine a fhorbairt ar fud na leithinse i measc soláthróirí táirgí atá ann cheana féin ar eispéiris iad ina n-áirítear deiseanna le haghaidh gníomhaíochtaí talún, uisce, bia agus sóisialta atá nasctha le téama na Folláine Marthanaí agus le blaiseadh a fháil ar na ceithre shéasúr ar Leithinis Chorca Dhuibhne. Spreagadh a thabhairt maidir le forbairt eispéireas nua folláine atá dírithe ar dheiseanna atá ann lasmuigh den bhuaicshéasúr atá dírithe ar dheiseanna atá ann lasmuigh den bhuaicshéasúr agus a bhainfidh leas as acmhainní nádúrtha Leithinis Chorca Dhuibhne. | GT | UnG<br>CFLT | FÉ<br>DPTA |
| Folláine Mharthanach | B.14 | Leas a bhaint as an raon imeachtaí uathúla mór-rannpháirtíochta de chuid Leithinis Chorca Dhuibhne a léiríonn uathúlacht Leithinis Chorca Dhuibhne, lena n-áirítear Leathmharatón Thrá Bhá Bhreandáin, Rás Eachtraíochta Chorca Dhuibhne, Ride Chorca Dhuibhe agus tearmainn Folláine agus gníomhaíochtaí atá bainteach le soláthróirí cóiríochta. | GT | DPTA | UnG<br>CCC<br>FI |

## TÉAMA EISPÉIRIS - FOLLÁINE MHARTHANACH

| Eispéireas | | Gníomh | Amscála | I gceannas | Comhpháirtí |
|---|---|---|---|---|---|
| Folláine Mharthanach | B.15 | Eispéireas mhol eachtraíochta allamuigh Leithinis Chorca Dhuibhne a fhorbairt agus béim á leagan ar an dTrá Thuaidh mar lárionad sármhaitheasa le haghaidh gníomhaíochtaí allamuigh. Scrúdú a dhéanamh i dtaobh na riachtanas, na saoráidí agus na dtaitneamhachtaí atá ag teastáil chun Ionad Sármhaitheasa a chur ar fáil ag príomhphointe de chuid na Trá Thuaidh le haghaidh gníomhaíochtaí allamuigh agus béim ar leith á leagan ar ghníomhaíochtaí uisce-bhunaithe. | GT | LC | CCC NEWKD FÉ |
| Folláine Mharthanach | B.16 | Na deiseanna a bhaineann le turasóireacht spóirt a scrúdú i measc soláthróirí cóiríochta chun forbairt a dhéanamh ar shocrú a chuirfeadh bonn traenála séasúir chiúin ar fáil do chlubanna rothaíochta agus trí-atlain. | GT | DPTA | LC IHF NEWKD |
| Folláine Mharthanach | B.17 | raith rianta eispéiris rothaíochta a chruthú ar Leithinis Chorca Dhuibhne chun bealaí rothaíochta a nascadh le heispéiris áitiúla agus chun méadú a dhéanamh ar phróifíl Leithinis Chorca Dhuibhne mar cheann scríbe rothaíochta agus é nasctha le tionscadail Ghormbhealaigh atá beartaithe e.g. an rothaíocht in éineacht le heispéiris bhia, agus eispéiris rothaíochta agus ealaíon/ ceardaíochta leis an rothaíocht. | MT | DPTA | UnG FLAG LC TK NEWKD |
| Folláine Mharthanach | B.18 | Dul i mbun staidéar féidearthachta chun scrúdú a dhéanamh i dtaobh acmhainneacht na turasóireachta iascaireachta mar réimse táirgí ar féidir é a leathnú agus deiseanna a bheith ann a bhaineann le hiascaireacht mhara agus athstocáil lochanna agus chórais abhann na leithinse. | LT | IFI | UnG DPTA LC |
| Folláine Mharthanach | B.19 | Scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le cruthú lárphointe i leith forbairt táirgí Bia ('ón bhfeirm go dtí an forc') agus Folláine ag Teach Bhaile an Ghóilín áit ina soláthrófaí eispéiréas nua bia le tacaíocht ó bhraisle eispéireas fiontraíochta bia agus folláine. | MT | CI | UnG TK KETB |

## C: TIONSCADAIL CUMASÚCHÁIN CINN SCRÍBE

| Eispéireas | | Gníomh | Amscála | I gceannas | Comhpháirtí |
|---|---|---|---|---|---|
| Tionscadail Chinn Scríbe | C.1 | Na healaíona, an cultúr, an Ghaelainn agus féilte gníomhaíochta a fheabhsú agus a fhás go cuí ar Leithinis Chorca Dhuibhne e.g. Féile na Bealtaine Na féilte atá ann cheana féin a fheabhsú chun scéalta agus téamaí nua a chur san áireamh iontu agus iad a fhorbairt tuilleadh le go léireoidh siad na heispéiris nua agus le go scaipfear iad ar fud na leithinse. | MT | DPTA UnG LC | FÉ KCC |
| Tionscadail Chinn Scríbe | C.2 | Múnlaí an dea-chleachtais a scrúdú chun faireachán agus bainistíocht a dhéanamh ar thurasóireacht inbhuanaithe ar fud. Leithinis Chorca Dhuibhne agus, ag an am céanna, scrúdú a dhéanamh i dtaobh leas a bhaint as na deiseanna idirnáisiúnta próifílithe bainistithe cinn scríbe atá ann amhail Gradaim Cheann Scríbe Inbhuanaithe. | GT - LT | KCC | FÉ DHP SHU DPTA ITT |
| Tionscadail Chinn Scríbe | C.3 | Gradaim idirnáisiúnta a shainaithint agus a spriocdhíriú ar gradaim iad a bhféadfadh Leithinis Chorca Dhuibhne a bheith san iomaíocht lena n-aghaidh i réimsí na turasóireachta inbhuanaithe agus na turasóireachta freagraí, is é sin le rá, réimsí a rannchuidíonn le huaillmhian turasóireachta inbhuanaithe Leithinis Chorca Dhuibhne. | MT | KCC | FÉ DHP SHU DPTA |
| Tionscadail Chinn Scríbe | C.4 | Scrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht Leithinis Chorca Dhuibhne teacht chun bheith ina láithreán píolótach do Chiarraí trí ghlacadh Dhearbhú Barcelona maidir le Turasóireacht agus Oidhreacht Chultúir (UNWTO). | MT | KCC | DH FÉ DPTA |
| Tionscadail Chinn Scríbe | C.5 | Clár forbartha agrathurasóireachta a cheapadh chun caidreamh a bhunú leis an bpobal feirmeoireachta d'fhonn breithniú a dhéanamh i dtaobh eispéiris thumthacha agrathurasóireachta a chruthú e.g. Bualadh leis na táirgeoirí, maireachtáil de réir stíl mhuintir na háite. Scrúdú a dhéanamh i measc agrasholáthróirí reatha an tionscail áitiúil (bialanna, miondíol) chun eispéiris fhéideartha nua a shainaithint e.g. soláthróirí bainne a chuireann soláthairtí ar fáil do mhonaróirí áitiúla faoi láthair. | GT - MT | SKIN | IFA UnG CCC FÉ NEWKD |
| Tionscadail Chinn Scríbe | C.6 | Scrúdú a dhéanamh maidir le ceann scríbe agrathurasóireachta píolótach a chruthú chun roinnt eispéireas táirgthe nua agrathurasóireacha a nascadh le chéile e.g. Scéal Feirmeoireachta Abhainn an Scáil ina léirítear scéal na feirmeoireachta ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus é nasctha le scéalta ghlasraí an Mhachaire. | MT - LT | SKIN | TK IFA LC UnG NEWKD |
| Tionscadail Chinn Scríbe | C.7 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir forbairt a dhéanamh ar Ionad Foghlama Allamuigh Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Nádúrtha trína gcuirfí oidhreacht nádúrtha Leithinis Chorca Dhuibhne in iúl agus uathúlacht an Machaire á ghlacadh mar fhócasphointe tosaigh. | LT | LC | CCC NEWKD |

## C: TIONSCADAIL CUMASÚCHÁIN CINN SCRÍBE

| Eispéireas | | Gníomh | Amscála | I gceannas | Comhpháirtí |
|---|---|---|---|---|---|
| Tionscadail Chinn Scríbe | C.8 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna i leith inmharthanacht Oifig Faisnéise Cuairteora Chaisleán Ghriaire mar lárphointe do threoshuíomh cuairteora ar an dTrá Thuaidh agus an méid sin a thionscnamh i leith oibríochtaí buaicshéasúir. | GT | LC | DPTA LC FI KCC |
| Tionscadail Chinn Scríbe | C.9 | Tacú le seirbhís bus Local Link na leithinse d'fhonn leathnú a dhéanamh ar infhaighteacht na seirbhíse ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne, agus seirbhísí idirlinne a bheith á soláthar do chuairteoirí agus don phobal áitiúil trí bhusanna leictreacha nó bealach eile astaíochtaí ísle a chur ar fáil. | GT-MT | LL | CCC FÉ |
| Tionscadail Chinn Scríbe | C.10 | Spreagadh a thabhairt i leith dálaí a chruthú a dhéanfaidh cruthú catagóirí ilchineálacha stoc leapacha a chur chun cinn san earnáil chóiríochta agus, ag an am céanna, leibhéil nua nuálaíochta a spreagadh i dtaca le soláthar cóiríochta de e.g. glampáil. | GT - LT | KCC | FÉ |
| Tionscadail Chinn Scríbe | C.11 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh comharthaí leictreonacha faisnéise a sholáthar do thurasóirí ag suíomhanna cuí. | LT | CCC | FÉ CFLT |
| Tionscadail Chinn Scríbe | C.12 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh na deiseanna atá ann chun rian lúbtha a chruthú ó Bhaile Dhaingean Uí Chúis thart ar Chnoc an Chairn agus, ag an am céanna, i dtaobh bailchríoch a chur ar Shiúlán Chuan an Daingin agus scrúdú a dhéanamh i dtaobh uasghrádú an tí solais. | MT | DWC | CCC LC NEWKD CFLT |

## D: FORBAIRT TIONSCAIL

| Eispéireas | | Gníomh | Amscála | I gceannas | Comhpháirtí |
|---|---|---|---|---|---|
| Forbairt Tionscail | D.1 | Acadaimh Nuálaithe Eispéiris Leithinis Chorca Dhuibhne a chruthú, ar acadamh é a bheidh ina lárionad i leith oiliúint agus meantóireacht tionscail d'fhonn eispéireas nua, nuálach a fhorbairt do chuairteoirí agus PFEC á ghlacadh mar bhonn le haghaidh forbairt tráchtála. | GT | FÉ | UnG ITT LEO KETB CCC |
| Forbairt Tionscail | D.2 | Forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht an tionscail turasóireachta chun eispéiris indíolta a chruthú i ndáil le hóstáil agus díol ar líne ar an margadh idirnáisiúnta. | GT | FÉ | UnG ITT LEO KETB CCC |

## D: FORBAIRT TIONSCAIL

| Eispéireas | | Gníomh | Amscála | I gceannas | Comhpháirtí |
|---|---|---|---|---|---|
| Forbairt Tionscail | D.3 | Scrúdú a dhéanamh ar na roghanna atá ann chun slabhra soláthair a chruthú le haghaidh riachtanais foirne amach anseo ar fud an tionscail turasóireachta trí chaidreamh a bhunú le comhpháirtithe tríú leibhéal agus le comhpháirtithe sa tionscal oiliúna. | GT | KETB ITT | SHU FÉ UnG DPTA |
| Forbairt Tionscail | D.4 | Clár oiliúna fhorbairt a thacaíonn le forbairt cur chuige nua i leith treorú ag príomhláithreáin oidhreachta ar fud na leithinse. | GT - MT | KETB ITT | OPW UnG |
| Forbairt Tionscail | D.5 | Clár oiliúna folláine agus fiontraíochta a fhorbairt chun feasacht a chruthú ar scóip agus ar shainiú na ndeiseanna folláine áitiúla a sholáthraíonn sócmhainní nádúrtha an cheantair agus forbairt fiontraíochta atá bainteach le folláine a spreagadh. | GT | KETB ITT | UnG FÉ LEO |
| Forbairt Tionscail | D.6 | Turais a eagrú le go bhféadfaidh daoine de chuid an tionscail eolas a chur ar an leithinis d'fhonn caidrimh a bhunú idir soláthróirí, d'fhonn feasacht a mhéadú faoin méid atá ar fáil, agus d'fhonn ceangail agus deiseanna comhpháirtíochta idir soláthróirí turasóireachta a nochtadh. | GT | DPTA | FÉ UnG IHF LC |
| Forbairt Tionscail | D.7 | Scrúdú a dhéanamh i dtaobh an féidir saoráid uathúil oiliúna fáilteachais a shuíomh ar Leithinis Chorca Dhuibhne, ar saoráid í ina bhfuil saoráid oiliúna foirne fáilteachais agus eispéireas cuairteora lonnaithe agus an méid sin múnlaithe ar mhúnlaí náisiúnta atá ann cheana féin agus atá á soláthar ag Boird Oideachais agus Oiliúna. | LT | KETB | ITT LEO |
| Forbairt Tionscail | D.8 | Scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun tacú le cumann Dhiaspóra Leithinis Chorca Dhuibhne/Iarthar Massachussetts a bhfuil sé mar aidhm aige ardán cómhalartach margaíochta agus poiblíochta a chur ar bun don dá cheann scríbe ar gach taobh den Aigéan Atlantach. Soláthróidh sé sin bonn do Leithinis Chorca Dhuibhne (agus do Chiarraí) ónar féidir an réigiún a chur chun cinn in New England agus i Réigiún an Atlantaigh Láir de Stát Nua-Eabhrac, de Chathair Nua-Eabhrac agus de New Jersey. Soláthróidh sé sin deiseanna cultúir, oideachais, turasóireachta agus ceardaíochta. | GT | DPTA | FÉ LEO OK CCC UnG |

## ACRAINMNEACHA NA gCOMHPHÁIRTITHE

| | |
|---|---|
| BIM | Bord Iascaigh Mhara |
| BOOC | Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí |
| CCC | Comhairle Chontae Chiarraí |
| CCE | Comhaltas Ceoltóirí Éireann |
| CCS | Ciarraí mar Cheann Scríbe |
| CFCD | Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne |
| CFDC | Comhpháirtíocht Forbartha Dheisceart Chiarraí |
| CFLT | Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh Teoranta |
| CI | Coláiste Íde |
| CLCG | Cumann Lúthchleas Gael |
| CSCD | Coiste Shlí Chorca Dhuibhne |
| DPTA | Dingle Peninsula Tourism Alliance |
| ÉIC | Éire Ildánach Chiarraí |
| ENG | Ealaín na Gaeltachta |
| FAÉ | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| FCD | Féile Scannán an Daingin |
| FLAG | Grúpaí Gníomhaíochta Iascaigh Áitiúla |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| FTOIC | Forbairt Thuaisceart, Oirthear agus Iarthar Chiarraí |
| FÉ | Fáilte Éireann |
| GFÁG | Grúpaí Forbartha Áitiúla Gaeltachta |
| ICAG | Ionad Cuairteoirí Aireagal Ghallarais |
| IIÉ | Iascaigh Intíre Éireann<br>CÓÉ Cónaidhm Óstán na hÉireann |
| ITT | Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí |
| LENTSG | Líonra Eolais agus Nuálaíochta an tSlabhra Soláthair Ghairid |
| LL | Local Link Chiarraí |
| OCD | Oidhreacht Chorca Dhuibhne |
| OCN | Oifig na gCosán Náisiúnta |
| OCR | Ollscoil an Chroí Rónaofa |
| OFÁ | Oifig Fiontair Áitiúil |
| OK | Original Kerry |
| OOP | Oifig na nOIbreacha Poiblí |
| PÁ | Pobail Áitiúla |
| RAI | Restaurant Association of Ireland |
| RCC | Rian Ceardaíochta Chiarraí |
| SPND | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| SSN | Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta |
| TK | Taste Kerry |
| TOD | Tionscadal Ospidéil Dhaingean Uí Chúis |
| TÉT | Turasóireacht Éireann Teoranta |
| UnG | Údarás na Gaeltachta |



Cadhcáil ar Leithinis Chorca Dhuibhne

# ROINN A CÚIG
## AN PLEAN A CHUR I GCRÍCH



NA BLASCAODAÍ

## 5.1 A CHUR FAOI DEARA GO DTARLAÍONN SÉ

Éascóidh Fáilte Éireann cur i bhfeidhm an phlean seo agus bunú an Ghrúpa Forfheidhmiúcháin. Ina theannta sin, leanfaidh Fáilte Éireann de shraith saintacaíochtaí a chur ar fáil don cheann scríbe ag áireofar an méid seo a leanas sa tsraith sin:

1. Sainchlár scileanna agus oiliúna don réigiún
2. Eispéiris nua agus eispéiris fheabhsaithe de chineál indíolta a fhorbairt
3. Plean dáileacháin
4. Scéim deontas beag* (faoi réir maoiniúchán a bheith ar fáil)

Cruthófar grúpa nua forfheidhmiúcháin PFECLCD chun Formhaoirseacht a dheanamh ar chur i bhfeidhm PFEC Leithinis Chorca Dhuibhne.

Oibreoidh an grúpa sa tréimhse ó 2020 go 2025 agus seo a leanas na cúraimí a bheidh aige:

- Tacú le PFECLCD a chur i gcrích
- Fás a spreagadh i gcomhréir leis na Príomhtháscairí Feidhmíochta comhaontaithe atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta
- An Plean Feidhmíochta a threorú agus a bhainistiú

Beidh an grúpa ionadaitheach do na príomh-gheallsealbhóirí ar fad. Beidh Cathaoirleach neamhspleách ann a mbeidh tuiscint iomlán aige/aici ar an tionscal turasóireachta agus a mbeidh sé de chumas aige/aici an grúpa oibre a threorú chun díriú ar chur i gcrích na ngníomhartha a bhfuil gá leo chun an PFECLCD a chur i bhfeidhm go rathúil.

### PRÍOMHCHUSPÓIRÍ AN GHRÚPA:

- Tacú le PFECLCD a chur i gcrích
- Fás a spreagadh i gcomhréir leis na Príomhtháscairí Feidhmíochta atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta
- An Plean Feidhmíochta a threorú agus a bhainistiú
- Comhlacht ionadaitheach a chruthú don tionscal ina iomláine. A chinntiú go bhfuil meicníocht ann a éascóidh cumarsáid dhá bhealach idir an grúpa forfheidhmiúcháin agus na foghrúpaí
- Na príomhghníomhartha a chur i bhfeidhm
- Aon ghuth amháin a chruthú don turasóireacht

### NÍ MÓR AN MÉID SEO A LEANAS A CHUR SAN ÁIREAMH LE LINN AN GRÚPA FORFHEIDHMIÚCHÁIN DO PFEC LEITHINIS CHORCA DHUIBHNE A CHEAPADH:

- Gníomhaireachtaí lena n-áirítear: Fáilte Éireann, Comhairle Chontae Chiarraí, Údarás na Gaeltachta, Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF)
- CÓÉ, RAI, DPTA – Dingle Peninsula Tourism Alliance
- Ionaid Chuartaíochta, Gníomhaíochtaí, Féilte agus Imeachtaí

Le gur féidir Plean Forbartha Eispéiris na gCuairteoirí a chur i bhfeidhm agus na heispéiris a sholáthar, beidh ar gach gníomhaireacht geallsealbhóra athrú a dhéanamh ar an tslí ina n-insíonn siad a scéal agus le linn tionscadail agus tionscnaimh a n-éireoidh leo amach anseo a roghnú.

Ach is gá go mbainfidh gach tairiscint nua nó gach tairiscint fheabhsaithe do chuairteoirí le níos mó ná 'scéal a insint'. Ní mór deis a bheith á cur ar fáil do chuairteoirí chun blaiseadh a fháil ar cháilíochtaí bunúsacha an réigiúin agus ar bhunbhrí chultúr Leithinis Chorca Dhuibhne agus ní mór go bhfágfaidh siad an réigiún agus iad ag mothú go bhfuair siad inspioráid ón áit. Tá sé de fhreagracht ar gach gníomhaireacht, soláthróir táirgí agus oibreoir gnó ar leith glacadh leis an gcur chuige seo agus eispéiris théamúla a chur ar bharr an liosta rudaí a chomhroinnimid lenár gcuid custaiméirí.

Is é is brí leis sin i gcás na n-eagraíochtaí go léir ná:

- Díreoidh Fáilte Éireann ar oibriú leis an lucht trádála a chuireann 'an t-eispéireas saintréitheach' ar fáil agus cabhróidh Fáilte Éireann le gnóthaí nach bhfuil an méid sin á dhéanamh acu faoi láthair tús a chur le soláthar agus le comhroinnt a scéil uathúil.
- Díreoidh Turasóireacht Éireann ar scéalta atá bainteach leis na heispéiris a insint mar ábhar tosaíochta de chuid na margaíochta, sna meáin shóisialta agus in ábhar poiblíochta.
- Beidh ról tábhachtach ag Comhairle Chontae Chiarraí i ndáil le forbairt an tionscail agus na gceann scríbe trí Straitéis Turasóireachta Chiarraí a chur i bhfeidhm.
- Tacóidh Údarás na Gaeltachta le cur i bhfeidhm trí fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúir a mhaoiniú agus a chothú, lena n-áirítear trí bhíthin meantóireachta agus tacaíocht ghrúpa atá ceaptha chun spreagadh a thabhairt do ghnóthaí eispéireas a ghlacadh chucu féin agus é a chur ar fáil.
- Ós rud é go n-áiríonn príomhról Oifig na nOibreacha Poiblí cothabháil, úinéireacht agus cur i láthair i dtaca le foirgnimh atá faoi chúram an Stáit, is ceart dóibh leanúint dá ról bainistíochta agus forbartha i leith na láithreán sin agus béim mhór á leagan ar chur chuige cuairteoir-lárnach.
- Ina gcáil mar Oideoirí turasóireachta, is féidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí (ITT) agus le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOOC) cabhrú le hoibreoirí turasóireachta eispéiris a chruthú agus a chur ar fáil.
- Ina cáil mar ghníomhaireacht reachtúil ar a bhfuil freagrachtaí i ndáil le forbairt a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chaomhnú an dúlra, beidh ról an-tábhachtach ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) maidir le forbairt na mBlascaodaí mar shaoráid fheabhsaithe chuairteora le haghaidh áineasa agus oideachais.
- Is féidir le hOspidéal Dhaingean Uí Chúis ról a bheith aige i ndáil le láithreáin fhor-rochtana a sholáthraíonn tairseach do chuairteoirí i leith oidhreacht an cheantair.
- Is gá do ghrúpaí áitiúla turasóireachta oibriú as lámh a chéile chun a scéalta eispéiris a chomhroinnt le Fáilte Éireann agus le Turasóireacht Éireann, agus oibriú le gnóthaí chun cabhrú leo a n-eispéireas a aimsiú agus a chomhroinnt faoi na téamaí coiteanna a bhunaítear sa Phlean.
- Is gá do ghnóthaí aonair (an lucht trádála) an téama eispéiris is fearr a chuireann siad ar fáil a aimsiú, eispéiris nua a fhorbairt nó eispéiris reatha a fheabhsú, agus a gcustaiméirí agus na gníomhaireachtaí margaíochta a spreagadh chun an scéal sin a chomhroinnt leis an domhan mór.

### AILÍNIÚ LE PLEANANNA ATÁ ANN CHEANA FÉIN

Rinneadh an plean seo a ailíniú le gach plean gníomhaireachta (CCC, Údarás na Gaeltachta, FLAG etc).

Mar thoradh air sin, tacaíonn an plean seo le pleananna eile atá ann cheana féin agus féachann sé le leas a bhaint as straitéisí agus as gníomhartha na bpleananna eile sin.

**NÓTA:** Níl aon ráthaíocht ann go bhfaighidh na moltaí atá liostaithe anseo maoiniúchán agus ní mór iad a chur faoi réir an phróisis chéanna iarratais atá ann i leith gach tionscadail. Is ceart scrúdú a dhéanamh i dtaobh cé na gníomhaireachtaí a bhfuil maoiniúchán á thairiscint acu ós rud é go bhféadfadh sruthanna nua maoiniúcháin chun bheith ar fáil i rith saolré an Phlean seo.

## TIONSCADAIL FÉIDEARTHACHTA A CHUR I BHFEIDHM

Sa Phlean seo, luaitear go ndéanfar scrúdú i dtaobh an féidir raon tionscadal a chur i bhfeidhm. I gcás ina gcuirtear tograí do thionscnaimh nua ar aghaidh chuig céim na féidearthachta, rachfar i mbun comhairliúcháin le páirtithe leasmhara iomchuí.

## MAOINIÚCHÁN

Cuireann Fáilte Éireann maoiniúchán ar fáil do thionscadail inbhuanaithe turasóireachta. Amhail ón dáta a foilsíodh an Plean seo, níl maoiniúchán faighte ó Fháilte Éireann ag aon cheann de na tionscadail a luaitear sa Phlean. Ní hionann tagairt do thionscadail áirithe sa Phlean seo agus a rá go bhfuil ráthaíocht ann go bhfaighfear maoiniúchán. Cé go soláthraítear maoiniúchán do thionscadail áirithe, ní hé Fáilte Éireann an forbróir. Tá sé de cheangal ar fhorbróirí an reachtaíocht iomchuí agus forálacha na mBeartas reachtúil, na Straitéisí reachtúla, na bPleananna reachtúla agus na gClár reachtúil a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gcomhshaol agus le cúrsaí pleanála.

# 5.2 RATH A THOMHAS

Déanfar tionchar an PFECLCD a thomhas trí fhaireachán a dhéanamh ar mhéadrachtaí tábhachtacha lena ndéantar scrúdú ar fhorbairt tráchtála na turasóireachta ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne. Mar chuid de chreat an Phlean, glactar le múnla VICE mar mhodh chun rath a thomhas. Sainaithníonn Creat VICE turasóireacht inbhuanaithe mar idirghníomhaíocht idir Cuairteoirí, an Tionscal a fhónann dóibh, an Pobal agus an cultúr a óstálann iad agus a dtionchar iomlán ar an gComhshaol agus an fhreagairt i leith an tionchair sin, más ann dó.

Áireoidh tomhas an ratha anailís ar na réimsí feidhmíochta seo a leanas:

1. Dálaí an Éilimh
2. Dálaí an tSoláthair
3. Forbairt Cinn Scríbe
4. An Comhshaol

## I MEASC NA NASCHUIR SHONRACHA THAIFEADTA DE CHUID PFECLCD A THAIFEADFAR AR BHONN BLIANTÚIL ÁIREOFAR NA NITHE SEO A LEANAS:

- Méadú 2% ó bhliain go bliain a dhéanamh ar an líon oícheanta a chaitear ar Leithinis Chorca Dhuibhne i gcoibhneas leis an meán náisiúnta ó bhliain 3 de thréimhse chur i bhfeidhm an PFECLCD.
- Méadú a dhéanamh ar an líon cuairteoirí, rud a bhainfear amach trí scaipeadh réigiúnach ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne agus, ag an am céanna, méadú 2% a dhéanamh ar ioncaim ionad turasóireachta i gcoibhneas leis an meán náisiúnta ó thráth chur i bhfeidhm an phlean.
- Luach na gcuairteoirí ar Leithinis Chorca Dhuibhne a mhéadú i gcomparáid le méid an tionscail.
- Sástacht na gcuairteoirí a mhéadú - tagarmharcáil a dhéanamh trí TripAdvisor.

| CÚRSAÍ ÉILIMH | |
|---|---|
| Tomhas 1 | Na leibhéil áitíochta a bhaintear amach |
| Tomhas 2 | An REVPAR a bhaintear amach |
| Tomhas 3 | Líon na gcuairteoirí agus scaipeadh na gcuairteoirí rud a mheastar trí thomhas a dhéanamh ar an líon daoine a thugann cuairt ar phríomhláithreáin agus ar phríomhionaid chuartaíochta Leithinis Chorca Dhuibhne |
| Tomhas 4 | Sástacht na gCuairteoirí le Leithinis Chorca Dhuibhne mar cheann scríbe |
| Tomhas 5 | An méid airgid a chaitear le linn na cuairte agus luach á meas i gcomparáid le méid |

| CÚRSAÍ SOLÁTHAIR | |
|---|---|
| Tomhas 1 | Forbairt ar fhiontraíocht nua turasóireachta |
| Tomhas 2 | Leibhéil fostaíochta in bhfiontair thurasóireachta |
| Tomhas 3 | Fás ar éagsúlacht an stoic leapacha ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne |
| Tomhas 4 | Méadú ar an líon eispéireas cinn scríbe ar féidir iad a chur in áirithe ar líne |
| Tomhas 5 | Forbairt ar eispéiris nua ar bhonn eispéiris indíolta |
| Tomhas 6 | Oiliúint don tionscal - Líon na gcúrsaí a bhaineann le PFEC agus na leibhéil rannpháirtíochta sna cúrsaí |
| Tomhas 7 | Feabhas ar Fhéilte - an líon imeachtaí agus an líon daoine a bhí i láthair ag na príomhimeachtaí |
| Tomhas 8 | An Ghaelainn agus gnéithe den chultúr Gaelach a bheith san áireamh in eispéiris |
| Tomhas 9 | Leathnú na dtréimhsí oibríochta gnó - leathnú an tséasúir ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne |

| CÚRSAÍ CINN SCRÍBE | |
|---|---|
| Tomhas 1 | Múnla cuí bainistíochta turasóireachta inbhuanaithe a bheith sainaitheanta agus tromlach na ngníomhartha a bheith curtha i bhfeidhm |
| Tomhas 2 | Aitheantas idirnáisiúnta a bheith faighte i leith ceann scríbe inbhuanaithe trí spriocdhíriú a dhéanamh ar ghradaim thurasóireachta inbhuanaithe agus ar chreidiúnú iomchuí |
| Tomhas 3 | Méadú ar an líon daoine a gcuirtear eispéiris chuairteora Leithinis Chorca Dhuibhne in iúl dóibh trí na meáin shóisialta éagsúla |
| Tomhas 4 | Ballraíocht méeadaithe sa DPTA ar fud Leithinis Chorca Dhuibhne |

| AN COMHSHAOL | |
|---|---|
| Tomhas 1 | Forbairt a dhéanamh ar bhainistíocht éifeachtach an chomhshaoil trí bhíthin turasóireacht inbhuanaithe, lena n-áirítear sócmhainní nádúrtha, cultúir agus oidhreachta. |

# 5.3 NITHE A BHAINEANN LEIS AN GCOMHSHAOL

## 1.RÉAMHRÁ

Soláthraíonn an Plean seo deis chun a chinntiú go ndéantar gach tionscadal agus gach tionscnamh turasóireachta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo le haghaidh Leithinis Chorca Dhuibhne a phleanáil, a fhorbairt agus a bhainistiú ar mhodh inbhuanaithe comhtháite. Is é Múnla VICE (Cuairteoir, Tionscal, Pobal agus Comhshaol) le haghaidh Turasóireacht Inbhuanaithe an cur chuige ar dá réir a forbraíodh an Plean seo agus féachtar leis an gcur chuige sin a chur i bhfeidhm sa phlean seo.

Tá ról fíorthábhachtach ag cúrsaí comhshaoil san earnáil turasóireachta, lena n-áirítear cáilíocht agus taitneamhacht uisce intíre agus uisce cósta, athrú aeráide, trácht, bithéagsúlacht, bithshlándáil, an oidhreacht thógtha agus an oidhreacht chultúir, tírdhreach, bonneagar criticiúil agus pobail.

Ba chuid dhílis de cheapadh an Phlean seo é cosaint, feabhsú agus cur chun cinn na sócmhainne turasóireachta is tábhachtaí dár gcuid - is é sin, an comhshaol nádúrtha - agus tá fianaise air sin le fáil ó na nithe seo a leanas:

- Measúnachtaí timpeallachta agus tomhas agus faireachán a lean astu.
- Tiomantas docht i leith deimhin a dhéanamh de go gcuirtear cleachtais turasóireachta inbhuanaithe fhreagracha i bhfeidhm.
- Comhlíonadh i dtaca le cinnteoireacht reachtúil de agus toiliú a dheonú ag céim forfheidhmithe an Phlean.
- Ceanglais i leith chosaint agus bhainistíocht an chomhshaoil a chur san áireamh.

## 2. MEASÚNACHT TIMPEALLACHTA

Breithníodh an gá le measúnacht timpeallachta a dhéanamh ar an bPlean seo chun comhlíonadh iomlán dlí a chinntiú agus chun cosaint, feabhsú agus cur chun cinn na timpeallachta a chomhtháthú tuilleadh sa Phlean le linn é a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Anseo thíos, leagtar amach an dá chineál measúnachtaí timpeallachta a breithníodhd.

### MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA (MST)

Tá scrúdú déanta ar an bPlean maidir leis an ngá le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) a dhéanamh. Tar éis an scrúdaithe tosaigh a rinneadh ar an bPlean cinneadh go mbeadh gá le MST iomlán. Rinneadh an próiseas measúnachta a chur i gcrích ag féachaint go hiomlán do Threoir MST 2001/42/AE agus d'Ionstraim Reachtúil Uimh. 435/2004, arna leasú. Is féidir aschur. Is féidir torthaí mionsonraithe an phróisis sin a léamh sna doiciméid timpeallachta iomchuí a ghabhann leis an bPlean seo.

### MEASÚNACHT CHUÍ (MC)

Tá scrúdú déanta ar an bPlean maidir leis an ngá le Measúnacht Chuí (MC) a dhéanamh. Tar éis an scrúdaithe tosaigh a rinneadh ar an bPlean, agus tar éis scagadh a dhéanamh i leith MC, cinneadh go mbeadh gá le MC - Céim 2. Rinneadh an próiseas measúnachta a chur i gcrích ag féachaint go hiomlán do Threoir 92/43/CEE maidir le Gnáthóga agus d'Ionstraim Reachtúil Uimh. 477/2011. agus torthaí mionsonraithe an phróisis sin a léamh sna doiciméid timpeallachta iomchuí a ghabhann leis an bPlean seo.

## 3. PRÍOMHTHORTHAÍ NA BPRÓISEAS MST AGUS MC I LEITH AN PHLEAN

Tar éis MST iomlán agus MC iomlán a dhéanamh i leith PFEC Leithinis Chorca Dhuibhne, is léir go raibh tionchar dearfach ag na próisis sin ar mheasúnú an Phlean agus go leanfaidh siad de thionchar dearfach timpeallachta a imirt de réir mar a théann an plean ar aghaidh chuig céim an fhorfheidhmiúcháin.

Seo a leanas na torthaí a lean as na measúnáchtaí timpeallachta thuas a chur i gcrích:

**A.** Tionchar dhiúltacha ionchasacha ar an timpeallacht a d'fhéadfadh leanúint as an bPlean a shainaithint agus, i roinnt cásanna, gníomhartha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le tionchair dhiúltacha den sórt sin a fhágáil ar lár.

**B.** Tionchair dhearfacha iomchuí ar an timpeallacht a lean as an bPlean agus a chinntiú go mbíonn na gníomhartha as a leanann cosaint, feabhsú agus cur chun cinn na timpeallachta ina bpríomhghníomhartha i dtaca le forfheidhmiú de e.g. gníomhartha bainistíochta cuairteoirí, agus oideachas maidir le cúrsaí timpeallachta agus cúrsaí inbhuanaitheachta.

**C.** An réimse leathan de ghnáthóga, speicis agus limistéir atá íogair ó thaobh na timpeallachta a bhfuil cosaint de dhíth ina leith a aithint i réimse an phlean

**D.** Forbairt a dhéanamh ar shraith gníomhartha maolúcháin chun a chinntiú go laghdaítear aon tionchair dhiúltacha ar an timpeallacht, nó go bhfaightear réidh leo, ag céim an fhorfheidhmiúcháin. I measc na ngníomhartha sin áirítear an méid seo a leanas:

- ceanglas maidir le stádas an phlean agus idirghaolmhaireacht an Phlean le creat na cinnteoireachta reachtúla agus leis an gcreat le haghaidh deonú toilithe.
- Na ceanglais maidir le Comhlíontacht Timpeallachta a chomhtháthú isteach sa Phlean agus béim ar leith á leagan ar cheanglais a bhaineann le measúnacht timpeallacht íseal-leibhéil, ar Phlean Forbartha Chontae Chiarraí, ar Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019, ar bhainistíocht chuairteoirí, ar bhreithniú i dtaobh acmhainneacht bhonneagair agus bonneagar glas, agus ar sheirbhísí éiceachórais.

**E.** Clár Faireacháin Timpeallachta a fhorbairt agus a chur i gníomh i leith an Phlean le linn é a chur i bhfeidhm agus a oibriú:

- Beidh an faireachán bunaithe ar tháscairí ar féidir iad a úsáid, thar am, chun teacht ar thomhais maidir le treochtaí agus dul chun cinn a bhaineann leis na Cuspóirí
- Úsáidfear foinsí éagsúla faisnéise chun an clár a sheoladh
- D'fhéadfadh sé go ndéanfar faireachán agus tuairisciú, ag an tráth céanna, maidir leis an PFEC agus maidir le pleananna eile de chuid Fháilte Éireann atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo
- Tá na táscairí a úsáidfear le linn an clár faireacháin timpeallachta a oibriú leagtha amach in Aguisín 1.

# 4.TURASÓIREACHT INBHUANAITHE FHREAGRACH

Tá an Plean seo i gcomhréir le riachtanais an fháis inbhuanaithe ar thurasóireacht i réigiún Leithinis Chorca Dhuibhne, agus tá gealltanas ann i leith an fháis sin, agus, trí na measúnachta thuasluaite a dhéanamh, taispeánadh tiomantas láidir i leith Mhúnla VICE le haghaidh Forbairt Turasóireachta Inbhuanaithe. Beidh rath an Phlean ag brath go mór ar fheidhmiú na dtreoirphrionsabal seo a leanas:

| TREOIRPHRIONSABAIL LE HAGHAIDH TURASÓIREACHT INBHUANAITHE FHREAGRACH | |
|---|---|
| ▶ Measúnú a dhéanamh i dtaobh an féidir pleananna bainistíochta cuairteoirí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm más iomchuí | ▶ Faireachán a dhéanamh ar cháilíocht eispéiris na gcuairteoirí agus ar an tionchar áitiúil, idir shóisialta agus chultúrtha, ag na príomhláithreáin. |
| ▶ Spreagadh a thabhairt i leith cur chuige na turasóireachta freagraí a ghlacadh, agus faireachán leanúnach á dhéanamh ar thionchair ar an timpeallacht | ▶ A chinntiú go mbeidh eispéiris chuairteora Leithinis Chorca Dhuibhne ar fáil do chách, a oiread agus is féidir. |
| ▶ Méadú ar fheasacht agus ar thuiscint daoine ar thírdhreach uathúil agus ar thimpeallacht uathúil réigiúin éagsúla Leithinis Chorca Dhuibhne | ▶ Tacú le tionscadail cosanta timpeallachta faoi cheannas oibrithe deonacha agus pobal, rud a sholáthróidh tairbhí don earnáil turasóireachta. |
| ▶ Feidhmíocht timpeallachta a fheabhsú i measc gnóthaí turasóireachta | ▶ Cosaint na bpríomhshócmhainní timpeallachta agus turasóireachta a chur chun cinn. |
| ▶ Modhanna inbhuanaithe iompair a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil siad ar fáil do thurasóirí | ▶ Feabhas a chur ar bhainistíocht na turasóireachta, go háirithe i réimsí aibí seanbhunaithe na turasóireachta. |
| ▶ Caighdeáin íosta inbhuanaithe a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm i gcás treoraithe turais. | ▶ Spreagadh a thabhairt do ghnóthaí turasóireachta páirt a ghlacadh i gclár 'Ná Fág Aon Ní I Do Dhiaidh'. |
| ▶ Cosaint agus feabhsú an chomhshaoil a mhéadú agus a chur chun cinn trí thurasóireacht inbhuanaithe le linn gníomhartha a éiríonn as an bplean seo a chur ar aghaidh. | ▶ A chinntiú go bhféachtar ar Uirlis Gréasáin an EPA maidir le hÍogair Timpeallachta a Mhappáil nuair atáthar ag cur tionscadal atá mar thoradh ar an bPlean seo i bhfeidhm.<br>▶ A chinntiú go bhfuil bonneagar ríthábhachtach lena n-áirítear seirbhísí uisce agus fuíolluisce i bhfeidhm agus leordhóthanach.<br>▶ Leas a bhaint as an tábhacht a bhaineann le seirbhísí éiceachórais agus láithreáin chosanta chun leibhéil inmharthana fáis agus feasachta maidir leis an éiceathurasóireacht a spreagadh. |

## 5. CUR I BHFEIDHM AGUS TOILIÚ

Tá an Plean seo ina chuid d'ordlathas doiciméad reachtúil ina leagtar amach an beartas poiblí le haghaidh úsáid talún, turasóireachta, bonneagair, forbairt inbhuanaithe, cosaint timpeallachta agus bainistíocht timpeallachta. I measc na ndoiciméad sin áirítear an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP), Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE) agus Pleananna Forbartha agus Pleananna Ceantair Áitiúil de chineál íseal-leibhéil.

Beidh cur i bhfeidhm an Phlean seo i gcomhréir leis an méid sin thuas, agus comhlíonfaidh sé an méid sin thuas, agus tabharfaidh Fáilte Éireann cabhair maidir le geallsealbhóirí (lena n-áirítear údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí eile rialtais, oibreoirí turasóireachta, pobail agus cuairteoirí) a éascú, a chur chun cinn agus a chomhordú, agus maidir le tacú leo, i leith a gcuid gníomhaíochtaí ar mhodh atá comhsheasmhach leis an gcreat deonaithe toilithe seo.

Le go n-éireoidh le tionscadail atá san áireamh sa Phlean seo, ní mór go gcomhlíonfaidh siad, de réir mar is iomchuí, forálacha éagsúla reachtaíochta, beartas, pleananna agus clár (lena n-áirítear ceanglais maidir le Measúnacht Chuí íseal-leibhéil, Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus ceanglais eile ceadúnúcháin, de réir mar is cuí), ar forálacha iad atá ina gcuid den chreat reachtúil cinnteoireachta agus deonaithe toilithe nach bhfuil an Plean seo ina chuid de agus nach rannchuidíonn sé leis.

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na ceanglais i leith an ábhair seo leagtha amach i Roinn 9.2 den Tuarascáil Timpeallachta MST a ghabhann leis seo.

## 6. CEANGLAIS I LEITH CHOSAINT AGUS BHAINISTÍOCHT AN CHOMHSHAOIL A CHUR SAN ÁIREAMH

Soláthraíonn Fáilte Éireann maoiniúchán le haghaidh tionscadail turasóireachta inbhuanaithe a thagann chun cinn mar chuid de scéimeanna deontais sonracha, iomaíocha, téamúla, amtheoranta nó mar chuid de chomhpháirtíochtaí straitéiseacha. Ina measc sin áirítear tionscadail a bhaineann le húsáid talún, forbairt bonneagair agus gníomhaíochtaí úsáide talún agus ionaid chuartaíochta. Ní hionann tagairt do thionscadail den sórt sin sa Phlean seo agus a rá go bhfuil ráthaíocht ann go bhfaighfear maoiniúchán. Cé go soláthraítear maoiniúchán do thionscadail áirithe, ní hé Fáilte Éireann an forbróir.

Chun maoiniúchán a fháil le haghaidh úsáid talún nó forbairt bonneagair nó gníomhaíochtaí úsáide talún, beidh ar gheallsealbhóirí comhlíontacht a thaispeáint, de réir mar is iomchuí, i leith bearta agus ceanglais a bhaineann le forbairt inbhuanaithe, cosaint timpeallachta agus bainistíochta timpeallachta chomh maith le seasmhacht athraithe aeráide.

Tá tuilleadh mionsonraí faoi na bearta sin le fáil i Roinn 9.3 den Tuarascáil Timpeallachta MST a ghabhann leis seo.

# AGUISÍN 1

## TÁSCAIRÍ TIMPEALLACHTA AR LEITH, SPRIOCANNA AGUS FOINSÍ FAIREACHÁIN



Cnoc Bréanainn

# TÁSCAIRÍ TIMPEALLACHTA AR LEITH, SPRIOCANNA AGUS FOINSÍ FAIREACHÁIN

| An Chomhchuid Timpeallachta | Táscairí | Spriocanna | Foinse agus (más infhaighte) Minicíocht |
|---|---|---|---|
| **Bithéagsúlacht, Flora agus Fauna** | B1: Stádas caomhantais gnáthóg agus speiceas mar atá measúnaithe faoi Airteagal 17 den Treoir maidir le Gnáthóga | B1: Maidir le stádas fabhrach caomhantais a choimeád le haghaidh na ngnáthóg agus na speiceas go léir atá cosanta faoi reachtaíocht Náisiúnta agus Idirnáisiúnta, ní dhéanfar difear dó mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Phlean1. | • Doiciméid ina dtaispeántar comhlíonadh “Ceanglais maidir le Cosaint agus Bainistíocht Timpeallachta” - féach an achoimre a thugtar faoi Roinn 6.1.<br>• Measúnacht timpeallachta íseal-leibhéil agus cinnteoireacht ag údaráis áitiúla<br>• Tuarascálacha ar Chláir Faireacháin MST i leith pleananna úsáide talún de chuid údaráis áitiúla iomchuí (de réir mar is gá, tuarascálacha ar fhaireachán a fhoilsítear de réir amscálaí agus minicíochtaí éagsúla)<br>• Tuarascáil na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le cur i bhfeidhm na mbeart atá ann sa Treoir maidir le Gnáthóga - de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 17 den Treoir (gach 6 bliana)<br>• Tuarascáil Faireacháin Náisiúnta na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ar an Treoir maidir le hÉin faoi Airteagal 12 (gach 3 bliana)<br>• Comhairliúcháin leis an SPNF<br>• Athshuirbhéireacht mhapála CORINE (c. gach 5 bliana)<br>• Ionchur ó aon chláir faireacháin de chuid Fháilte Éireann atá ann cheana féin nó de chuid cláir athsholáthair den sórt sin |
| | B2: Caillteanas céatadánach nascachta feidhmiúla gan bearta feabhais a éiríonn as an bPlean | B2: Gan aon líonraí suntasacha éiceolaíochta, nó aon chodanna díobh, a sholáthraíonn nascacht fheidhmiúil a chailleadh gan bearta leighis a éiríonn as an bPlean | |
| | B3i: An líon tionchar suntasach, de bharr an Phlean, ar ghnáthóga, ar speicis nó ar ghnéithe timpeallachta iomchuí, nó ar acmhainní cothaitheacha eile, i láithreáin ainmnithe lena n-áirítear Láithreáin Fiadhúlra<br><br>B3ii: An líon tionchar suntasach ar chosaint speiceas lio-staithe | B3i: Tionchair shuntasacha, de bharr an Phlean, ar ghnáthóga, ar speicis nó ar ghnéithe timpeallachta iomchuí, nó ar acmhainní cothaitheacha eile, i láithreáin ainmnithe, lena n-áirítear Láithreáin Fiadhúlra, a sheachaint<br><br>B3ii: Gan aon tionchair shuntasacha a bheith ann, de bharr an Phlean, ar chosaint speiceas liostaithe | |
| **Cúrsaí Daonra agus Sláinte Phoiblí** | PHH1: (Aon) teagmhas atá ina chúis le meath mór ar shláinte an duine mar thoradh ar fhachtóirí timpeallachta a éiríonn as an bPlean, mar atá sainaitheanta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ag an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | PHH1: Gan aon chomhchruinniú spásúlachta fadhbanna sláinte a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí comhshaoil mar thoradh ar an bPlean | • Doiciméid ina dtaispeántar comhlíonadh “Ceanglais maidir le Cosaint agus Bainistíocht Timpeallachta” - féach an achoimre a thugtar faoi Roinn 6.1.<br>• Measúnacht timpeallachta íseal-leibhéil agus cinnteoireacht ag údaráis áitiúla<br>• Tuarascálacha ar Chláir Faireacháin MST i leith pleananna úsáide talún de chuid údaráis áitiúla iomchuí (de réir mar is gá, tuarascálacha ar fhaireachán a fhoilsítear de réir amscálaí agus minicíochtaí éagsúla)<br>• Comhairliúcháin le FSS agus le GCC<br>• Ionchur ó aon chláir faireacháin de chuid Fháilte Éireann atá ann cheana féin nó de chuid cláir athsholáthair den sórt sin |
| **Ithir** | S1: An méid dromchlaí saorga a chlúdaíonn an talamh | S1: Rannchuidiú le sprioc MST an Chreata Náisiúnta Pleanála (2018) chun “An méid de chlúdach náisiúnta an dromchla fhoirgnithe a choimeád faoi mheán an Aontais Eorpaigh, is é sin, 4%” | • Doiciméid ina dtaispeántar comhlíonadh “Ceanglais maidir le Cosaint agus Bainistíocht Timpeallachta” - féach an achoimre a thugtar faoi Roinn 6.1.<br>• Measúnacht timpeallachta íseal-leibhéil agus cinnteoireacht ag údaráis áitiúla<br>• Tuarascálacha ar Chláir Faireacháin MST i leith pleananna úsáide talún de chuid údaráis áitiúla iomchuí (de réir mar is gá, tuarascálacha ar fhaireachán a fhoilsítear de réir amscálaí agus minicíochtaí éagsúla)<br>• Athshuirbhéireacht mhapála CORINE (c. gach 5 bliana)<br>• Ionchur ó aon chláir faireacháin de chuid Fháilte Éireann atá ann cheana féin nó de chuid cláir athsholáthair den sórt sin |

[1] Ach amháin mar a fhoráiltear in Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga, is é sin le rá: Ní mór:: (a) nach bhfuil aon réiteach malartach ar fáil; (b) go mbeidh cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí ann go leanfar ar aghaidh leis an gclár; agus (c) go mbeidh bearta dóthanacha cúitimh i bhfeidhm

| An Chomhchuid Timpeallachta | Táscairí | Spriocanna | Foinse agus (más infhaighte) Minicíocht |
|---|---|---|---|
| **Uisce** | W1i: Aicmiú an Stádais Fhoriomláin (ina gcuimsítear stádas éi-ceolaíochta agus ceimiceach) faoi na Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil na gComhphobal Eorpach (Uisce Dromchla) 2009 (I.R. Uimh. 272 de 2009) | W1i: Gan aon mheath ar stádas aon uisce dromchla nó gan aon éifeacht dhochrach ar chumas aon uisce dromchla 'stádas maith' a bhaint amach mar thoradh ar an bPlean | • Doiciméid ina dtaispeántar comhlíonadh "Ceanglais maidir le Cosaint agus Bainistíocht Timpeallachta" - féach an achoimre a thugtar faoi Roinn 6.1.<br>• Measúnacht timpeallachta íseal-leibhéil agus cinnteoireacht ag údaráis áitiúla<br>• Measúnacht timpeallachta íseal-leibhéil agus cinnteoireacht ag údaráis áitiúla<br>• Tuarascálacha an GCC maidir le Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn<br>• Tuarascálacha ar Chláir Faireacháin MST i leith pleananna úsáide talún de chuid údaráis áitiúla iomchuí (de réir mar is gá, tuarascálacha ar fhaireachán a fhoilsítear de réir amscálaí agus minicíochtaí éagsúla)<br>• Ionchur ó aon chláir faireacháin de chuid Fháilte Éireann atá ann cheana féin nó de chuid cláir athsholáthair den sórt sin |
| | W1ii: Luachanna Éigeantacha agus Treoracha mar atá leagtha síos i dTreoir an Aontais Eorpaigh maidir le hUisce Snámha agus sna Rialacháin lenar trasuíodh an Treoir maidir le hUisce Snámha (I.R. Uimh. 79 de 2008) | W1ii: Gan aon mheath ar luach uiscí snámha nó gan aon éifeacht dhochrach ar chumas aon uisce snámha luachanna éigeantacha a bhaint amach agus, más féidir, luachanna treoracha a bhaint amach, mar thoradh ar an bPlean | |
| | W2: Idirghníomhaíochtaí le Caighdeáin Cáilíochta Screamhu-isce agus Luachanna Tairsí faoin Threoir 2006/118/CE mar thoradh ar fhorbairt a chloíonn leis an bPlean | W2: Gan difear a dhéanamh do chumas screamhuisce Caighdeáin Cháilíochta Screamhuisce agus Luachanna Tairsí a chomhlíonadh faoi Threoir 2006/118/CE, ach sin faoi réir díolúintí dá bhforáiltear le hAirteagal 4 den Chreat-Treoir maidir le hUisce. | |
| | W3: Comhlíonadh measúnachtaí iomchuí íseal-leibhéil agus cinnteoireachta i leith na dTreoirlínte maidir le Bainistíocht Riosca Tuile | W3: Measúnachtaí íseal-leibhéil agus cinnteoireacht a bheith i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Bain-istíocht Riosca Tuile | |
| **Fachtóirí Aeir agus Aeráide** | AC1: Léiriú ar chomhlíonadh na bhforálacha a bhaineann le hoiriúnú aeráide agus maolú aeráide a bheith curtha san áireamh sa Phlean | C1: Uasmhéadú a dhéanamh ar an méid beart a bhaineann le hoiriúnú aeráide agus maolú aeráide a bheith curtha i bhfeidhm | • Doiciméid ina dtaispeántar comhlíonadh "Ceanglais maidir le Cosaint agus Bainistíocht Timpeallachta" - féach an achoimre a thugtar faoi Roinn 6.1.<br>• Measúnacht timpeallachta íseal-leibhéil agus cinnteoireacht ag údaráis áitiúla<br>• Tuarascálacha ar Chláir Faireacháin MST i leith pleananna úsáide talún de chuid údaráis áitiúla iomchuí (de réir mar is gá, tuarascálacha ar fhaireachán a fhoilsítear de réir amscálaí agus minicíochtaí éagsúla)<br>• Comhairliúcháin le comhpháirtithe amhail GCC, Uisce Éireann, Com-hairle Chontae an Chláir agus/nó Comhairle Chontae na Gaillimhe.<br>• Ionchur ó aon chláir faireacháin de chuid Fháilte Éireann atá ann cheana féin nó de chuid cláir athsholáthair den sórt sin |
| **Sócmhainní Ábhartha** | M1: An líon cásanna arb amhlaidh ina leith nach ndearnadh an tionchar ionchasach ar bhonneagar atá ann cheana féin (i leith acmhainneacht bhonneagair, lena n-áirítear uisce óil, dramhuisce, dramhaíl agus iompar), chomh maith leis na héi-feachtaí ionchasacha ar an timpeallacht a d'fhéadfadh leanúint as méadú ar mhéideanna méadaithe tráchta turasóireachta feadh aon bhealaí mar thoradh ar thionscnamh áirithe, a bhreithniú agus a mhaolú de réir mar is cuí agus más iomchuí | M1: Gan aon chásanna a bheith ann arb amhlaidh ina leith nach ndearnadh an tionchar ionchasach ar bhonnea-gar atá ann cheana féin (i leith acmhainneacht bhonnea-gair, lena n-áirítear uisce óil, dramhuisce, dramhaíl agus iompar), chomh maith leis na héifeachtaí ionchasacha ar an timpeallacht a d'fhéadfadh leanúint as méadú ar mhéideanna méadaithe tráchta turasóireachta feadh aon bhealaí mar thoradh ar thionscnamh áirithe, a bhreithniú agus a mhaolú de réir mar is cuí agus más iomchuí. | • Doiciméid ina dtaispeántar comhlíonadh "Ceanglais maidir le Cosaint agus Bainistíocht Timpeallachta" - féach an achoimre a thugtar faoi Roinn 6.1.<br>• Measúnacht timpeallachta íseal-leibhéil agus cinnteoireacht ag údaráis áitiúla<br>• Tuarascálacha ar Chláir Faireacháin MST i leith pleananna úsáide talún de chuid údaráis áitiúla iomchuí (de réir mar is gá, tuarascálacha ar fhaireachán a fhoilsítear de réir amscálaí agus minicíochtaí éagsúla)<br>• Comhairliúcháin le comhpháirtithe amhail GCC, Uisce Éireann agus Comhairle Chontae Chiarraí.<br>• Ionchur ó aon chláir faireacháin de chuid Fháilte Éireann atá ann cheana féin nó de chuid cláir athsholáthair den sórt sin |
| | M2: An líon éifeachtaí suntasacha dochracha ar úsáid sócm-hainní poiblí nó bonneagair phoiblí nó ar rochtain ar na nithe sin. | M2: Gan aon éifeachtaí suntasacha dochracha ar úsáid sócmhainní poiblí nó bonneagair phoiblí ná ar rochtain ar na nithe sin. | |
| | M3: Pleananna bainistíochta tógála agus timpeallachta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm | M3: Pleananna bainistíochta tógála agus timpeallachta a bheith ullmhaithe agus curtha i bhfeidhm i gcás tionsca-dail iomchuí | |

| An Chomhchuid Timpeallachta | Táscairí | Spriocanna | Foinse agus (más infhaighte) Minicíocht |
|---|---|---|---|
| Oidhreacht Chultúir | CH1: An céatadán de na hiontrálacha ar Thaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna atá cosanta ar éifeachtaí suntasacha dochracha a d'éirigh as an bPlean | CH1: Gan aon éifeachtaí dochracha neamhúdaraithe seandálaíochta ar an oidhreacht ailtireachta mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Phlean | • Doiciméid ina dtaispeántar comhlíonadh "Ceanglais maidir le Cosaint agus Bainistíocht Timpeallachta" - féach an achoimre a thugtar faoi Roinn 6.1.<br>• Measúnacht timpeallachta íseal-leibhéil agus cinnteoireacht ag údaráis áitiúla<br>• Tuarascálacha ar Chláir Faireacháin MST i leith pleananna úsáide talún de chuid údaráis áitiúla iomchuí (de réir mar is gá, tuarascálacha ar fhaireachán a fhoilsítear de réir amscálaí agus minicíochtaí éagsúla)<br>• Ionchur ó aon chláir faireacháin de chuid Fháilte Éireann atá ann cheana féin nó de chuid cláir athsholáthair den sórt sin |
| | CH2: An céatadán de na hiontrálacha ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta agus na Limistéar Caomhantais Ailtireachta, mar aon le comhthéacs na n-iontrálacha sin, atá cosanta ar éifeachtaí suntasacha dochracha a d'éirigh as an bPlean | CH2: Gan aon éifeachtaí dochracha neamhúdaraithe seandálaíochta ar an oidhreacht ailtireachta mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Phlean | • Doiciméid ina dtaispeántar comhlíonadh "Ceanglais maidir le Cosaint agus Bainistíocht Timpeallachta" - féach an achoimre a thugtar faoi Roinn 6.1.<br>• Measúnacht timpeallachta íseal-leibhéil agus cinnteoireacht ag údaráis áitiúla<br>• Tuarascálacha ar Chláir Faireacháin MST i leith pleananna úsáide talún de chuid údaráis áitiúla iomchuí (de réir mar is gá, tuarascálacha ar fhaireachán a fhoilsítear de réir amscálaí agus minicíochtaí éagsúla)<br>• Ionchur ó aon chláir faireacháin de chuid Fháilte Éireann atá ann cheana féin nó de chuid cláir athsholáthair den sórt sin |
| Tírdhreach | An líon coimhlintí neamh-mhaolaithe le cosaint chuí ainmniúchán reachtúil maidir leis an tírdhreach, lena n-áirítear na cinn sin atá ann i bpleananna úsáide talún Chomhairle Chontae Chiarraí. | Gan aon choimhlintí neamh-mhaolaithe a bheith ann le cosaint chuí ainmniúchán reachtúil maidir leis an tírdhreach, lena n-áirítear na cinn sin atá ann i bpleananna úsáide talún Chomhairle Chontae Chiarraí. | • Doiciméid ina dtaispeántar comhlíonadh "Ceanglais maidir le Cosaint agus Bainistíocht Timpeallachta" - féach an achoimre a thugtar faoi Roinn 6.1.<br>• Measúnacht timpeallachta íseal-leibhéil agus cinnteoireacht ag údaráis áitiúla<br>• Tuarascálacha ar Chláir Faireacháin MST i leith pleananna úsáide talún de chuid údaráis áitiúla iomchuí (de réir mar is gá, tuarascálacha ar fhaireachán a fhoilsítear de réir amscálaí agus minicíochtaí éagsúla)<br>• Ionchur ó aon chláir faireacháin de chuid Fháilte Éireann atá ann cheana féin nó de chuid cláir athsholáthair den sórt sin |



Fungi an deilf i mBá an Daingin

WILD ATLANTIC WAY
SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

Fāilte Ireland
National Tourism Development Authority

WildAtlanticWay.com

#WildAtlanticWay